# FORFÁS TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2012

Forfás

## Don Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta

De bhun an Achta um Fhorbairt Tionscail, 1993, cuireann Forfás, leis seo, a thuarascáil agus a chuntais i láthair don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012.



Eoin O'Driscoll

Cathaoirleach



Martin D. Shanahan

Príomhfheidhmeannach

# Clár na nÁbhar


| | |
|---|---|
| Maidir Linne | 5 |
| Bord Fhorfás | 13 |
| Bainistíocht Fhorfás | 16 |
| Forbhreathnú an Chathaoirligh agus an Phríomhfheidhmeannaigh | 19 |
| Gníomhaíochtaí Beartais | 30 |
| Fiontraíocht | 34 |
| Eolas agus Nuálaíocht | 57 |
| Iomaíochas | 77 |
| Daoine | 90 |
| Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú | 101 |
| Rialachas Corparáideach | 108 |
| Ráitis Airgeadais | 117 |
| Aguisín 1: Comhairlí Comhairleacha | 140 |
| Aguisín 2: Foilseacháin Fhorfás | 146 |

# Maidir Linne

# Maidir Linne

Is é Forfás an bord náisiúnta comhairleach beartais um fhiontraíocht, thrádáil, eolaíocht, theicneolaíocht agus nuálaíocht.  Chomh maith lena phríomhfheidhmeanna beartais, áiríodh creidiúnú agus seirbhísí corparáideacha comhroinnte le gníomhaíochtaí eile Fhorfás in 2012.




## Anailís agus Comhairle maidir le Beartas

Is gníomhaireacht de chuid na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta é Forfás (RPFN), a oibríonn go dlúth le comhghníomhaireachtaí RPFN agus Fhorfás, Fiontraíocht Éireann, GFT Éireann agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann chun comhleanúnachas beartas a chinntiú ar fud na ngníomhaireachtaí forbartha fiontraíochta a thacaíonn le fás na fiontraíochta agus le cruthú post.

Cuireann Forfás comhairle neamhspleách maidir le beartas ar fáil don Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, don RPFN agus don Rialtas i raon réimsí beartais ó thaobh na fiontraíochta de. Tá mórán de na réimsí beartais a mbíonn tionchar acu ar an bhfiontraíocht faoi shainchúram an Aire agus tá an fhreagracht i ndáil le réimsí eile faoi shainchúram airí agus ranna eile, ach bíonn tionchar díreach nó indíreach acu ar fhorbairt na fiontraíochta. Mar sin, ní mór d'Fhorfás feidhmiú thar réimse ranna agus gníomhaireachtaí rialtais.

### Forfás, a Chomhghníomhaireachtaí agus a Chomhairlí Comhairleacha




### Tacaíocht Beartais

Chomh maith le hobair leanúnach beartais, soláthraíonn Forfás comhairle fhreagrúil fíorama beartais don Aire agus don RPFN ar raon saincheisteanna a thagann chun cinn. Tacaíonn Forfás chomh maith leis an RPFN maidir le torthaí a chomhairle a chur chun cinn agus a chur chun feidhme.

Bainistíonn Forfás obair de chuid na Comhairle Náisiúnta Iomaíochais, an tSainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí agus an Chomhairle Chomhairleach don Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht agus cuireann sé tacaíocht anailíse agus taighde ar fáil dóibh.

Tá ról comhordaithe beartais ag Forfás maidir le feidhmeanna a chomhghníomhaireachtaí, Fiontraíocht Éireann, GFT Éireann agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann. Déanann Forfás measúnú freisin ar idirghabhálacha beartais fiontraíochta.

## Fócas 2012

Thug comhairle beartais Forfás in 2012 aghaidh ar cheithre réimse uileghabhálacha beartais a bhí ríthábhachtach do rathúlacht na fiontraíochta in Éirinn agus tá cur síos ar ár gcuid oibre sa Rannóg Gníomhaíochtaí Beartais atá ar leathanach 27 den tuarascáil seo.

| | |
|---|---|
| **Fiontraíocht** | Tacú le forbairt fiontar agus post inbhuanaithe |
| **Eolas agus Nuálaíocht** | Taighde agus teicneolaíocht a chur ag obair do ghnó agus d'Éirinn |
| **Iomaíochas** | A chinntiú gur dea-áit í Eire chun dul i mbun gnó inti |
| **Daoine** | Lucht saothair atá cumasach agus solúbtha agus a bhfuil ardscileanna acu a fhorbairt |

## Fiontraíocht - Tacú le forbairt fiontar agus post inbhuanaithe

Tá bonn láidir fiontar, faoi úinéireacht dhúchasach agus eachtrach, in Éirinn, chomh maith le cultúr ina spreagtar cuideachtaí chun forbairt agus leathnú a dhéanamh. Ina chuid oibre leis na gníomhaireachtaí forbartha fiontraíochta agus le réimse leathan páirtithe leasmhara, soláthraíonn Forfás comhairle beartais thar réimse leathan saincheisteanna fiontraíochta chun cur le timpeallacht ina gcothaítear fiontair inbhuanaithe rathúla.

## Eolas agus Nuálaíocht - Taighde agus teicneolaíocht a chur ag obair do ghnó agus d'Éirinn

Níl aon teorainneacha leis an nuálaíocht. Is féidir le soláthraithe nó le custaiméirí, le hiomaitheoirí nó le fostaithe, in Éirinn nó go hidirnáisiúnta, í a chur ar fáil. Is féidir baint a bheith aici le gné ar bith de ghnó – táirgí, seirbhísí, feidhmchláir theicneolaíochta, próisis, dearaí nó struchtúir eagraíochta atá nua nó feabhsaithe. Tá an nuálaíocht ar cheann de na gnéithe bunriachtanacha a mbeidh rath na fiontraíochta in Éirinn ag brath uirthi amach anseo.

Ina chuid oibre leis an RPFN agus le ranna rialtais eile, cuireann Forfás lena chinntiú go soláthraíonn beartais eolaíochta, teicneolaíochta agus nuálaíochta fás agus poist d'Éirinn trí bhonn láidir fianaise a chur le chéile agus a anailísiú ónar féidir comhairle beartais a sholáthar i ndáil le saincheisteanna ríthábhachtacha náisiúnta agus idirnáisiúnta a bhaineann le heolaíocht, teicneolaíocht agus nuálaíocht.

## Iomaíochas - A chinntiú gur dea-áit í Éire chun dul i mbun gnó inti

Is féidir gurb í an toisc is tábhachtaí maidir lenár rathúlacht eacnamaíoch agus lenár gcaighdeán maireachtála amach anseo ná an cumas atá againn dul san iomaíocht i margaí idirnáisiúnta agus líon na n-earraí agus na seirbhísí ard-bhreisluacha a mhéadú. Cé go bhfáiltítear roimh fheabhsuithe a tharla le déanaí inár gcuid iomaíochas idirnáisiúnta, beidh orainn a bheith dírithe go fóill ar chostais sa gheilleagar a laghdú, ar tháirgiúlacht a mhéadú, ar a chinntiú go mbeidh ár mbeartais trádála oiriúnach do rathúlacht a bhaint amach i margaí idirnáisiúnta, agus go ndíreofar infheistíocht chaipitil phoiblí ar réimsí a bheidh mar bhonn agus thaca ag forbairt fiontraíochta amach anseo. Soláthraíonn Forfás féin, agus trína chuid oibre leis an gComhairle Náisiúnta Iomaíochais, raon taighde, anailíse agus comhairle ar shaincheisteanna a bhaineann lenár gcumas iomaíochais náisiúnta agus atá dírithe ar ár mealltacht mar áit chun dul i mbun gnó inti a chosaint.

## Daoine - Lucht saothair atá cumasach agus solúbtha agus a bhfuil ardscileanna acu a fhorbairt

Tá infheistíocht straitéiseach leanúnach i bhforbairt mhuintir na hÉireann ina gné ríthábhachtach de rath geilleagrach na hÉireann. Soláthraíonn Forfás comhairle ar bheartais a chinntíonn go soláthraíonn Éire oideachas, oiliúint agus breisoiliúint a fhreastalaíonn ar riachtanais na bhfiontar atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo agus a thacaíonn le solúbthacht an mhargaidh shaothair.

Leanann Forfás féin, agus trína chuid oibre leis an Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí, de bheith ag tacú le beartais atá dírithe ar lucht saothair na hÉireann a fhorbairt trí raon anailíse agus comhairle a sholáthar ar na riachtanais scileanna atá ag fiontair Éireannacha agus ar conas is féidir le hÉire freastal ar na riachtanais sin.

# Creidiúnú agus Seirbhísí Roinnte agus Corparáideacha

### Creidiúnú

Is é Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (BNÉC) an comhlacht ainmnithe náisiúnta ar a bhfuil freagracht aonair as creidiúnú in Éirinn, agus is fo-bhord agus rannóg de chuid Fhorfás é.

Tá sé freagrach as creidiúnú saotharlann, comhlachtaí deimhniúcháin agus comhlachtaí cigireachta. Is é an t-aon sínitheoir de chuid na hÉireann do na comhaontuithe iltaobhacha (MLAnna) don Eoraip trí mheán an Chomhair Eorpaigh um Chreidiúnú (EA) agus ar bhonn domhanda trí mheán an Chomhair Idirnáisiúnta um Chreidiúnú Saotharlainne (ILAC) agus an Fhóraim um Chreidiúnú Idirnáisiúnta (IAF).

Cuireann sé creidiúnú ar fáil de réir shraith ábhartha caighdeán agus treoracha ISO 17000 de chuid Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán agus de réir shraith chomhchuibhithe EN 45000 na gcaighdeán Eorpach.

I mí Eanáir 2010, ceapadh an BNÉC mar chomhlacht náisiúnta aonair um chreidiúnú d'Éirinn de bhun Rialachán 765/2008 lena soláthraítear creat dlíthiúil um sholáthar seirbhísí creidiúnaithe ar fud na hEorpa.

### Seirbhísí Roinnte agus Corparáideacha

Cuireann Forfás seirbhísí corparáideacha roinnte ar leith ar fáil d'Fhiontraíocht Éireann, do GFT Éireann, d'Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI) agus d'Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI). Cuirtear na seirbhísí roinnte sin ar fáil i réimsí inar féidir le Forfás éifeachtacht agus éifeachtúlacht na seirbhísí seo a fheabhsú nó i réimsí ina bhfuil dualgais ar Forfás mar fhostóir dlíthiúil foirne sna gníomhaireachtaí sin. Cuimsíonn na seirbhísí seo gnéithe de sheirbhísí airgeadais agus cuntasaíochta, acmhainní daonna, pinsin, bainistíocht saoráidí agus réadmhaoine, earraí isteach, teachtairí, seirbhísí fáilteora/teileafónaí, comhordú árachas corparáideach agus bainistíocht líonra um Shaoráil Faisnéise do na gníomhaireachtaí fiontraíochta agus do roinnt comhlachtaí poiblí eile.

**Bainistíocht Pinsean**

Mar fhostóir dlíthiúil foirne ar fud na ngníomhaireachtaí forbartha (Fiontraíocht Éireann, GFT Éireann agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann, agus mar fhostóir dlíthiúil foirne roinnt ball foirne de chuid an Údaráis um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI)) déanann Forfás bainistiú lárnach ar na scéimeanna pinsean de chuid Fhorfás féin agus na n-eagraíochtaí a tháinig roimhe[1], ar na hoibleagáidí comhlíonta pinsean gaolmhara agus ar na scéimeanna gaolmhara árachais agus sochar foirne. Déanann Forfás bainistiú lárnach ar fhiosruithe áirithe pinsin ó bhaill foirne ar fud na ngníomhaireachtaí, riarann sé cúrsaí a bhaineann le pinsin le haghaidh thart ar 1,215 pinsinéir, chomh maith lena gcuid taifid ghaolmhara, agus riarann sé taifid agus fiosruithe ó thart ar 470 iarfhostaí a bhfuil sochair phinsin iarchurtha acu. Íocann Forfás gach sochar pinsin, ar bhonn leanúnach, d'fhoireann scortha agus d'fhoireann atá ag dul ar scor de chuid GFT Éireann, Fhiontraíocht Éireann, Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus Fhorfás, chomh maith leis na heagraíochtaí a bhí ann rompu.

1 An tÚdarás Forbartha Tionscail, Eolas, an Bord Náisiúnta Eolaíochta agus Teicneolaíochta, an Bord Tráchtála agus Comhairle Earraí na hÉireann.

**Oifig an Phríomhchomhairleora Eolaíochta agus Tacaíocht do ESOF2012**

Soláthraíonn an Príomhchomhairleoir Eolaíochta sainchomhairle neamhspleách ar aon ghné den Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht (STI) a d'fhéadfadh an Rialtas a iarraidh. Ghníomhaigh Forfás mar óstach dlíthiúil d'Oifig an Phríomhchomhairleora Eolaíochta ó bunaíodh an Oifig sin i mí Mheán Fómhair 2004 go dtí mí Lúnasa 2012, nuair a aistríodh an fhreagracht as an Oifig chuig Ard-Stiúrthóir Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, Mark Ferguson.

I gcomhthéacs a cuid gníomhaíochtaí agus comhairle, d'fheidhmigh an oifig go neamhspleách ar Bhord agus ar bhainistíocht Fhorfás ach d'fheidhmigh Forfás, mar óstach don Oifig, mar eintiteas dlíthiúil d'oibleagáidí laethúla conartha a bhain le hobair na hOifige agus sholáthair sé raon iomlán seirbhísí tacaíochta corparáideacha, lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta dlí, Acmhainní Daonna, bainistíocht saoráidí, TF, soláthar etc. Tá riarachán laethúil na hOifige faoi réir rialachas agus nósanna imeachta Fhorfás.

Le linn 2012, bhí Oifig an Phríomh-Chomhairleora Eolaíochta don Rialtas freagrach as ESOF 2012 agus Baile Átha Cliath - Cathair na hEolaíochta 2012 a sheachadadh. Chuir Forfás go mór le Baile Átha Cliath - Cathair na hEolaíochta 2012 agus le ESOF2012 a eagrú agus a phleanáil trí sheirbhísí tacaíochta agus trí fhoireann a sholáthar, lena n-áirítear dlí, Acmhainní Daonna, earcaíocht, airgeadas, bainistíocht saoráidí, TF, soláthar, beartais agus nósanna imeachta rialachais. Is gnáthchruinniú idirdhisciplíneach pan-Eorpach eolaíochta é ESOF a tionóladh gach dara bliain ó 2004 ar aghaidh. Ócáid cúig lá a thug níos mó ná 4,400 toscaire ó 75 tír chuig clár a chuimsigh 162 seisiún agus 660 cainteoir ba ea ESOF2012. Taispeánadh an taighde Eorpach ba spreagúla agus clúdaíodh raon topaicí éagsúla, amhail seandálaíocht agus cosmeolaíocht, ag ESOF2012 (féach leathanach 64 le haghaidh faisnéis mhionsonraithe ar ESOF2012 agus ar Bhaile Átha Cliath - Cathair na hEolaíochta).

**Bainistíocht Saoráidí**

Tá ceannléasanna fhoirgnimh iar-cheanncheathrún an Údaráis Fhorbartha Tionscail, lena náirítear Teach Pháirc Wilton, i seilbh Fhorfás. I dTeach Pháirc Wilton, soláthraíonn Forfás bainistíocht agus soláthar lárnach saoráidí, glanadh, seirbhísí cúiréara, taisteal, teileachumarsáid, lónadóireacht, slándáil, soláthar agus stóráil earraí stáiseanóireachta agus earraí gaolmhara le haghaidh GFT Éireann, SFI agus SEAI. Tá Forfás freagrach chomh maith as bainistíocht réadmhaoine Theach Pháirc Wilton lena n-áirítear athbhreithnithe cíosa, idirchaidreamh tionóntaí (ón earnáil phoiblí agus roinnt tionóntaí na hearnála príobháidí), toiliú tiarnaí talún etc. Tá Forfás freagrach as na costais a éiríonn as oibleagáidí léasa do Theach Carrisbrook agus do Theach Knockmaun, a bhí araon ar léas ag an iarÚdarás Forbartha Tionscail roimhe sin.

## Comhtháthú Fhorfás leis an RPFN

D'fhógair an tAire Bruton go bhfuil sé beartaithe aige cumas taighde beartais Fhorfás a chomhtháthú leis an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus go bhfuair sé comhaontú an Rialtais chun tús a chur le reachtaíocht a dhréachtú lena gcomhtháthófar Forfás isteach ina Roinn. Tá sé sin sceidealta do 2013. D'aontaigh an Rialtas go ndíscaoilfí Forfás mar eintiteas dlíthiúil trí reachtaíocht agus go n-aistreofaí a chuid feidhmeanna, freagrachtaí agus dliteanais go léir chuig eintitis dhlíthiúla eile. Leanfaidh Forfás ar aghaidh mar eintiteas dlíthiúil go dtí go n-achtófar an reachtaíocht.

Mar aon le comhtháthú chumas taighde beartais Fhorfás, aistreofar gníomhaíochtaí neamhbheartais na heagraíochta chuig an RPFN nó chuig gníomhaireachtaí eile. Aistreofar Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú chuig an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta.

Aistreofar na feidhmeanna seirbhísí comhroinnte a chuireann Forfás ar fáil chuig GFT Éireann, lena n-áirítear seirbhísí bainistíochta saoráidí, seirbhísí réadmhaoine, seirbhísí an tseomra poist, seirbhísí fáiltithe/teileafónaí.

Aistreofar riarachán seirbhísí corparáideacha agus pinsin de chuid Fhorfás chuig RPFN.

Is é aidhm an chomhtháthaithe seo ná neartú a dhéanamh ar an gcumas agus ar an acmhainn atá ann chun beartas fiontair a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Chuir an tAire in iúl go mbeadh Forfás mar chuid lárnach den rannóg nua beartais straitéisigh a chuirfear ar bun laistigh den RPFN. Rinneadh dul chun cinn suntasach cheana féin maidir le céim ar aghaidh a dhéanamh ar na tascanna is gá chun feidhmeanna beartais agus neamhbheartais Fhorfás a aistriú chuig na heagraíochtaí sin a ghlacfaidh iad, faoi mar atá aitheanta ag an Aire.

Tá Forfás ag obair go dlúth leis an RPFN ar gach ceann de na bearta riachtanacha is gá chun Forfás a chomhtháthú leis an roinn agus chun Forfás a dhíscaoileadh mar eintiteas dlíthiúil. Tá foireann forfheidhmithe, faoi chathaoirleacht Ard-Rúnaí an RPFN agus atá comhdhéanta de Phríomhfheidhmeannach Fhorfás agus d’oifigigh shinsearacha ón RPFN, ó Fhorfás agus ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ag teacht le chéile chun céim ar aghaidh agus maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme rathúil an tionscnaimh seo. Tá plean mionsonraithe gnó do 2013 ag Forfás, rud ina leagtar amach a phríomhthosaíochtaí beartais agus príomh-mhíreanna a chláir oibre.

## Deontas an Oireachtais

Tá Ráitis Airgeadais mhionsonraithe de chuid Fhorfás le fáil ar leathanach 103 den tuarascáil seo.

Chuir an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta maoiniú deontais Oireachtais ar luach €51.4 milliún ar fáil d’Fhorfás in 2012. In 2012, leithdháileadh 22 faoin gcéad den mhaoiniú sin ar chaiteachas do ghníomhaíochtaí beartais agus do sheirbhísí corparáideacha agus roinnte. B’ionann an maoiniú a úsáideadh chun pinsin a íoc le pinsinéirí trasghníomhaireachta (i.e. Forfás, Fiontraíocht Éireann, GFT Éireann, Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus na gníomhaireachtaí a tháinig rompu) agus 78 faoin gcéad de dheontas an Oireachtais.

# Bord Fhorfás

# Bord Fhorfás



**Eoin O'Driscoll**
**Cathaoirleach, Forfás**
Cathaoirleach,
Southwestern



**Martin D. Shanahan**
Príomhfheidhmeannach
Forfás



**Mark Ferguson**
Ard-Stiúrthóir
Fondúireacht Eolaíochta
Éireann



**John Murphy**
Ard-Rúnaí
An Roinn Post, Fiontar
agus Nuálaíochta



**Barry O'Leary**
Príomhoifigeach
Feidhmiúcháin
GFT Éireann



**Frank Ryan**
Príomhoifigeach
Feidhmiúcháin
Fiontraíocht Éireann



**Michael O'Leary**
Rúnaí an Bhoird

Mar chuid de chinneadh an Aire chun Forfás a chomhtháthú leis an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta, scoir na daoine seo a leanas de bheith ina mbaill de Bhord Fhorfás i mí Dheireadh Fómhair 2012:

Bob Breathnach

Timothy Dullea

Miriam Magner-Flynn

William O'Brien

An Dr Don Thornhill

Tháinig an tOll. Mark Ferguson ar Bhord Fhorfás i mí Eanáir 2012 tar éis é a cheapadh mar Ard-Stiúrthóir, Fondúireacht Eolaíochta Éireann.

Tháinig John Murphy ar Bhord Fhorfás i mí Eanáir 2012 tar éis é a ceapadh mar Ard-Rúnaí na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta.

## Coiste Iniúchóireachta Fhorfás

John Murphy (Cathaoirleach)

Eoin O'Driscoll

William O'Brien

Tim Dullea

Mark Ferguson


Scoir William O'Brien agus Tim Dullea de bheith ina mbaill de Choiste Iniúchóireachta Fhorfás i mí Dheireadh Fómhair 2012.

Tháinig John Murphy ar Choiste Iniúchóireachta Fhorfás i mí na Bealtaine 2012 agus ceapadh é mar Chathaoirleach ar an gCoiste i mí Dheireadh Fómhair 2012.

Tháinig Mark Ferguson ar Choiste Iniúchóireachta Fhorfás i mí na Nollag 2012.

# Foireann Bhainistíochta Fhorfás

# Foireann Bhainistíochta Fhorfás




Chuaigh an Dr Eoin Gahan, Bainisteoir Roinne, Anailís Trádála, Comhshaoil agus Suirbhé, ar scor i mí an Mheithimh 2013.

# Forbhreathnú an Chathaoirligh agus an Phríomhfheidh-meannaigh

# Forbhreathnú an Chathaoirligh agus an Phríomhfheidhmeannaigh

## Comhthéacs



Eoin O'Driscoll
Chairman



Martin D. Shanahan
Chief Executive

Tá cuma dhúshlánach fós ar staid eacnamaíoch na hÉireann. Tar éis filleadh ar fhás eacnamaíoch in 2011, tá lagú ag teacht de réir ar a chéile ar fhás OTI in 2012 agus sa chéad ráithe de 2013, rud a léiríonn i bpáirt an timpeallacht dheacair trádála d'onnmhaireoirí Éireannacha[2]. In 2012, b'ionann Iarmhéid Ginearálta an Rialtais agus 7.6 faoin gcéad. Dá bhrí sin, tá Éire ar an mbealach chun a cuid ceangaltas faoin Troika a bhaint amach.

Tugann réamhaisnéisí le fios go mbeidh fás íseal OTI in 2013 agus in 2014. Tá rioscaí suntasacha ann go fóill – maidir leis an tionchar a bhíonn ag feidhmíocht gheilleagair ár gcomhpháirtithe trádála ar an éileamh ar earraí agus ar sheirbhísí Éireannacha is onnmhairí, agus maidir le feidhmíocht an gheilleagair intíre araon.

### Fás

Tá ceithre rud a d'fhéadfadh cur le fás eacnamaíoch: tomhaltas, caiteachas rialtais, infheistíocht agus onnmhairí glana. Is iad onnmhairí glana an t-aon cheann amháin díobh atá ag brú fáis chun cinn le trí bliana anuas.  Tá éileamh teoranta intíre ina fhadhb mhór go fóill, go háirithe do na cuideachtaí sin a thrádálann sa tír seo. Mar gheall ar an laghdú breise is eol i gcaiteachas agus i gcánacha/táillí a chuirfear chun feidhme thar an dá bhliain seo chugainn, beidh sé deacair do théarnamh suntasach a bheith ann in éileamh intíre sa ghearrthéarma. Tá caiteachas an rialtais srianta mar gheall ar an bpróiseas coigeartaithe fhioscaigh agus tá na leibhéil infheistíochta tar éis titim go suntasach.

D'éirigh go measartha maith le honnmhairí, go háirithe onnmhairí is seirbhísí, le roinnt blianta anuas agus táthar ag súil go fóill go mbeidh fás réasúnta láidir ann, cé gur tháinig meath ar ár sciar den mhargadh domhanda onnmhairí i marsantas, agus ar ár sciar den mhargadh iomlán dá bharr, ó bhain sé a bhuaic amach in 2002.

Tá Éire fós ag brath go mór ar líon beag d'earnálacha onnmhairithe, rud ar ábhar imní é maidir le nochtadh do rioscaí níos mó atá sainiúil don earnáil. Mar shampla, bhí na tionscail cheimiceán agus chógaisíochta freagrach as 60 faoin gcéad de na hearraí a onnmhairíodh in 2012, síos ó 61 faoin gcéad in 2011, agus bíonn tionchar ag roinnt táirgí atá ag éirí cineálach orainn freisin. Cé go bhfuil siad níos éagsúla, léiríonn onnmhairí is seirbhísí ardleibhéal tiúchana – mar shampla, bhí seirbhísí ríomhaireachta freagrach as 40.5 faoin gcéad d'onnmhairí is seirbhísí in 2012, agus, ina dhiaidh sin, bhí seirbhísí gnó freagrach as 28 faoin gcéad díobh.  Tá Éire ag brath ar líon beag de phríomh-mhargaí freisin. In 2012, bhí Stáit Aontaithe Mheiriceá, an Bheilg agus an Bhreatain Mhór ar na trí mhargadh ba thábhachtaí d'onnmhairí is seirbhísí.

### Fostaíocht agus Dífhostaíocht

---

2 CSO, Cuntais Náisiúnta Ráithiúla, Ráithe 1 2013.

Agus plé á dhéanamh ar ár dtimpeallacht fiontraíochta faoi láthair agus ar an ngeilleagar, ní féidir an tsaincheist shóisialta agus eacnamaíoch is tábhachtaí dúinn a sheachaint – an fhostaíocht.  Tá réamh-mheastacháin dífhostaíochta fós ard.

Is é an rud a chonaiceamar sa mhargadh saothair ná titim iomlán san fhostaíocht san earnáil tógála agus san earnáil miondíola, agus leathnú amach chuig earnálacha eile.  Chonaiceamar ardú suntasach sa dífhostaíocht fhadtéarmach freisin.  Laistigh den chomhthéacs sin, áfach, is cosúil go bhfuil na figiúirí fostaíochta agus dífhostaíochta tar éis cobhsú. Bhí méadú 1.1 faoin gcéad san fhostaíocht sa bhliain go dtí Ráithe 1 2013, bhí titim 29,900 duine (go 13.7 faoin gcéad) sa dífhostaíocht atá coigeartaithe de réir séasúir agus laghdaigh dífhostaíocht fhadtéarmach ó 9.5 faoin gcéad go 8.4 faoin gcéad thar an tréimhse chéanna. Bhí laghdú 9,400 duine sa lucht saothair, áfach, de bharr rannpháirtíocht laghdaithe agus eisimirce.

Is eol dúinn go raibh athstruchtúrú laistigh den mhargadh saothair agus go bhfuil poist earnála príobháidí á gcruthú i roinnt earnálacha, cé go bhfuil gníomhaíochtaí tógála agus gníomhaíochtaí a bhaineann le tógáil agus an earnáil phoiblí ag crapadh ó thaobh na fostaíochta de.

## Beartais a Thacaíonn Le Fiontraíocht

Chun tacú le fás fiontar agus post a theastaíonn ónár ngeilleagar, tá sé an-tábhachtach go n-éireoidh lenár mbeartais fiontraíochta.  Rinne Forfás agus an RPFN an t-athbhreithniú deireanach ar bheartas fiontraíochta, *Making it Happen:  Growing Competitive Enterprise for Ireland*, (É a Chur i gCrích – Fiontraíocht Iomaíoch a Mhéadú d'Éirinn) agus foilsíodh an t-athbhreithniú sin in 2010.

Leagadh béim sa Tuarascáil sin ar an tábhacht a bhaineann le straitéis fáis atá bunaithe ar onnmhairí d'aon téarnamh a d'fhéadfadh a bheith ann; nach raibh aon ghníomh ar leith ná aon sraith bheag gníomhartha ann a d'fhéadfadh difríocht a dhéanamh ina n-aonar; go raibh cur chuige Rialtais iomláin ag teastáil chun tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh ar an gclár oibre fiontraíochta; agus, níos tábhachtaí fós, go raibh easnamh forfheidhmithe ann. Is é sin, níor bhain an deacracht leis an easpa eolais ar an méid ba chóir a dhéanamh - bhain an deacracht le conas an méid sin a fhorghníomhú.

Tharla an méid seo a leanas sna blianta ó cuireadh an Straitéis sin i gcrích.

- Tháinig feabhas ar ár n-iomaíochas costais – ach tá costais fós réasúnta ard i gcomparáid lenár gcomhpháirtithe trádála agus is gá níos mó a dhéanamh ina leith sin, go háirithe sna réimsí a bhaineann le costais saothair, le fóntais agus le seirbhísí gairmiúla.
- Tá ardchostas maireachtála in Éirinn i gcoibhneas le meánchostas limistéar an euro agus bíonn tionchar aige sin ar an gcostas saothair.
- Rinne Forfás an argóint gur ró-ard atá an ding chánach saothair ag an ráta imeallach níos airde agus gur chóir í a laghdú a luaithe is féidir, de réir mar a cheadaíonn an staid fhioscach é.
- Tháinig feabhas ar tháirgiúlacht in Éirinn, má bhreathnaítear ar tháscairí ar nós chostais an aonaid saothair.  Mar sin féin, ceileann sé sin an meath a tháinig ar aschur i roinnt earnálacha ina bhfuil táirgiúlacht an-íseal. Ciallaíonn sé sin go bhfuil áibhéil á déanamh ag an meascán comhdhéanaimh ar ár bhfíorfheidhmíocht táirgiúlachta, in ionad aon fheabhsuithe dúchasacha struchtúrtha a bheith ann i gcostais saothair.

- Tá €800 milliún á infheistiú ag an Rialtas i dtaighde agus i bhforbairt gach bliain. Tá thart ar leathchuid den infheistíocht sin dírithe ar 14 réimse tosaíochta a aithníodh a bheith ar na réimsí is dóchúla chun toradh eacnamaíoch inbhuanaithe a ghiniúint.
- Bíonn an fhostaíocht ag fás sna hearnálacha seo a leanas: TFC, seirbhísí gnó, cógaisíocht, teicneolaíochtaí leighis, airgeadas agus agraibhia.
- Lean ár gcomhghníomhaireachtaí, GFT Éireann, Fiontraíocht Éireann, Údarás na Gaeltachta agus Forbairt Shionainne ar aghaidh le hinfheistíochtaí nua agus le fás onnmhairí agus le fostaíocht a bhaint amach i gcliantchuideachtaí in 2012. Ó thaobh infheistíocht dhíreach eachtrach de, baineadh 145 infheistíocht amach in 2012, b'ionann onnmhairí ó chliantchuideachtaí Fhiontraíocht Éireann in 2012 agus €16.2 billiún, arbh é an méid is mó riamh; chruthaigh cliantchuideachtaí GFT 6,570 post agus chruthaigh cliantchuideachtaí Fhiontraíocht Éireann 3,092 post (idir lánaimseartha agus pháirtaimseartha).

Go hachomair, má táimid chun leanúint le honnmhairí a mhéadú agus le poist a chruthú, tá fíorthábhacht le hiomaíochas.

## Clár an Phlean Gníomhaíochta do Phoist - An Uaillmhian

Tá an Plean Gníomhaíochta do Phoist, arb é clár ilbhliantúil an Rialtais é, sa dara bliain anois. Oibríonn Forfás go dlúth leis an Aire Richard Bruton, leis an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus le ranna agus le gníomhaireachtaí eile chun an clár rollach seo gníomhartha a fhorbairt d'fhonn go mbeidh sé níos fusa gnóthais a thionscnamh, a fhás nó a lonnú anseo agus poist a chruthú.

Is é atá sa Phlean Gníomhaíochta do Phoist 2013 gníomhartha atá dírithe ar an méid seo a leanas: rochtain a fheabhsú ar mhaoiniú, buntáiste iomaíoch a fhorbairt, táirgiúlacht a fheabhsú agus cúnamh a thabhairt d'fhiontraithe chun a gcuid gnólachtaí a chur ar bun agus a fhás in Éirinn. Áirítear leis gníomhartha atá dírithe ar a leanúint de bheith ag mealladh infheistíocht dhíreach eachtrach agus ar ghnóthais a fhorbairt sa phobal. Tá gníomhartha ann freisin atá dírithe ar thacaíocht a thabhairt do sheacht dtionscnamh shuntasacha (Athchóirithe Súiteacha) a bhaineann le Mór-Shonraí agus le hanailísíocht sonraí; ar sholáthar scileanna TFC a mhéadú; ar éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú; ar an ualach ceadúnaithe a laghdú; ar mhol nuálaíochta sláinte a chruthú; ar líon na ngnóthas a bhíonn ag trádáil ar líne a mhéadú agus ar é a dhéanamh níos tarraingtí d'fhostóirí daoine a fhostú ón mBeochlár. Tugtar aghaidh sa phlean freisin ar shaincheisteanna a chuireann fiontar in iúl ag leibhéal earnála.

Ar mhaith leis an bhfostaíocht a mhéadú, is gá dúinn na poist atá ann cheana féin a choimeád slán agus poist nua a chruthú. Tá an Plean Gníomhaíochta do Phoist dírithe go daingean air sin agus tugadh aghaidh ar chuid mhór de na saincheisteanna a aithníodh in athbhreithniú Fhorfás ar bheartas fiontraíochta, *Making It Happen* (É a Chur i gCrích), agus ina dhiaidh sin trí phróiseas an Phlean Gníomhaíochta do Phoist.

### Poist

Is é an sprioc 100,000 glanphost nua a chruthú ar fud an gheilleagair faoin mbliain 2016. Is ionann an fhostaíocht agus 1.85 milliún faoi láthair. Is ollmhór é an dúshlán láithreach. Fiú amháin má bhaintear an dúshlán sin amach, ní rachaidh sé sin i ngleic le méid iomlán na dífhostaíochta.

Is í an fhadhb eile sa mhargadh saothair ná na scileanna atá ag an lucht dífhostaithe. Mar gheall ar líon na ndaoine a d'fhág an earnáil tógála, a ndeachaigh a lán acu isteach san

earnáil agus leibhéil níos ísle ghnóthachtála oideachais acu, tá ceist shuntasach go fóill maidir le conas is féidir leis na daoine sin dul san iomaíocht go rathúil sa mhargadh saothair fiú amháin nuair a chuirfear tús le poist a chruthú. Tá cuid mhór le déanamh chun scéimeanna nua a spriocdhíriú ar na réimsí sin ina mbeidh éileamh sa todhchaí. Cé go bhfreastalaíonn an t-aschur ón gcóras oideachais a bheag nó a mhór ar riachtanais fiontraíochta, tá cuid mhór le déanamh go fóill chun a chinntiú go dtacaíonn an t-oideachas agus an oiliúint atá á maoiniú ag an Stát le torthaí dearfacha don lucht saothair.

Ní mór dúinn a chinntiú go bhfuil tairbhe á baint as curaclam atá cothrom le dáta agus as socrúcháin chreidiúnaithe oibre ag na daoine siúd a théann trínár gcóras oideachais agus oiliúna agus ní mór dúinn a chinntiú nach é amháin go bhfuil scileanna teicniúla acu dá gcuid gairmeacha, ach go bhfuil na scileanna infhostaitheachta is gá acu chun post a fháil freisin. I gcás na ndaoine siúd atá as obair ar feadh tréimhse shuntasach ama go háirithe, tá géarghá le treoir ghairme ar bhonn aonraic, rud a chuireann a gcuid oideachais/oiliúna agus scileanna a ghnóthaigh siad go dtí seo san áireamh agus a aithníonn na hidirghabhálacha is cuí atá ag teastáil chun cabhrú leo post a fháil.

Sa ré seo ard-dífhostaíochta, tá Éire ag feiceáil go bhfuil bearnaí scileanna ar leith ann nach féidir le daoine dífhostaithe as Éirinn a líonadh. Is í an earnáil TFC an earnáil is soiléire ina leith sin, ach tá sé mar an gcéanna i gcás déantúsaíochta agus seirbhísí a thrádáiltear go hidirnáisiúnta.

## Cén áit as a dtiocfaidh na Poist?

Leagtar amach *sa Phlean Gníomhaíochta do Phoist* léargas leathan ar cén áit a dtiocfaidh éileamh fostaíochta chun cinn. Léirítear ann go bhféadfaí 20,000 post a chruthú ó fhostaíocht dhíreach i ndéantúsaíocht agus 20,000 post a chruthú trí fhostaíocht indíreach; go bhféadfadh 30,000 post teacht ó earnáil na seirbhísí a thrádáiltear go hidirnáisiúnta agus go bhféadfaí an líon céanna post a chruthú ó fhostaíocht indíreach.

### Déantúsaíocht

D'fhoilsigh Forfás straitéis don earnáil déantúsaíochta i mí Aibreáin 2013. Is earnáil leathan í an déantúsaíocht agus cuimsíonn sí roinnt fo-earnálacha éagsúla, lena n-áirítear teicneolaíochtaí leighis, cógaisíocht/bithchógaisíocht, innealtóireacht, próiseáil bia agus dí agus crua-earraí TFC. Athdhearbhaítear sa straitéis an ról tábhachtach atá ag déantúsaíocht i mbeartas fiontraíochta. Sa lá atá inniu ann, tá níos mó ná 205,700 duine fostaithe go díreach i ndéantúsaíocht agus tá thart ar 400,000 duine fostaithe mar gheall uirthi.

Is éiginnte, áfach, atá todhchaí na fostaíochta déantúsaíochta agus táimid ag brath ar fheidhmíocht an mhargaidh dhomhanda eacnamaíoch agus ar iomaíochas méadaithe sa tír seo. Ní mór gníomh a ghlacadh ar roinnt réimsí éagsúla chun an earnáil a fhorbairt, lena n-áirítear maidir le hiomaíochas costais, le cáin agus le hinfhaighteacht chaipitil infheistíochta ag leibhéal na timpeallachta gnó. Chomh maith leis sin, is gá dúinn tacú le raon forbairtí ag leibhéal an ghnólachta, lena n-áirítear táirgiúlacht a fheabhsú; nascadh le custaiméirí ar bhealaí nua; comhoibriú níos mó a spreagadh agus cumas nuálach a dhoimhniú – lena n-áirítear rannpháirtíocht níos mó ag gnólachtaí i T&F agus sa teicneolaíocht, agus a sócmhainn is tábhachtaí a ghiaráil – a gcuid daoine.

### Agraibhia

Bhí an bhliain 2012 deacair don earnáil agraibhia ó thaobh feidhmíocht onnmhairí de mar gheall i bpáirt ar choinníollacha aimsire sa tír seo. Tá na réamh-mheastacháin fós dearfach. Táthar ag súil go méadóidh an t-éileamh domhanda ar bhia faoi 30 faoin gcéad thar an

tréimhse go 2020, é á bhrú chun cinn ag déimeagrafaic dhomhanda, ag treochtaí socheacnamaíocha agus tomhaltais, mar aon le forbairt eacnamaíoch thapa i dtíortha amhail an Bhrasaíl, an India agus an tSín. Táimid ag súil go mbeidh méadú suntasach in aschur agus i bhfostaíocht san earnáil mar gheall ar athchóiriú an Chomhbheartais Talmhaíochta in 2015. Tá infheistíochtaí riachtanacha i gcumas táirgthe á bpleanáil agus á ndéanamh faoi láthair. Is é an aidhm atá le *Harvest 2020* 25,000 post breise díreach agus indíreach agus fás 42 faoin gcéad in onnmhairí a bhaint amach, a d'fhéadfaí a ghiniúint suas go dtí 2020 ó ghníomhaíocht mhéadaithe.

### Eolaíochtaí Beatha

Cuimsíonn réimse na n-eolaíochtaí sláinte agus beatha roinnt margaí a ngabhann tábhacht dhomhanda leo, lena n-áirítear cógaisíocht/bithchógaisíocht, teicneolaíochtaí leighis, bianna feidhmiúla agus réimsí sláinte/ríomhshláinte atá nasctha go coinbhéirseach le TFC. Bíonn fás domhanda á bhrú chun cinn ag pobail atá ag dul in aois, ag béim mhéadaitheach ar fholláine, ag saibhreas méadaitheach tomhaltóirí, ag méaduithe i dtinnis ainsealacha agus ag éileamh méadaithe ó gheilleagair atá ag teacht chun cinn. Treocht fhorleatach is ea an t-aistriú i dtreo seirbhísí pearsantaithe cúram sláinte agus seirbhísí sláinte atá bunaithe ar fhaisnéis.

Tá an earnáil leathan thar a bheith tábhachtach d'Éirinn ó thaobh fostaíochta agus onnmhairí de. Tá 50,000 duine fostaithe in eolaíochtaí beatha a bhaineann le gníomhaíochtaí déantúsaíochta. B'fhiú níos mó ná €50 billiún iad onnmhairí in 2012, atá níos mó ná ceathrú cuid de líon iomlán na n-onnmhairí sa tír.

Is é an dúshlán a bheidh ann ná an oiread fostaíochta den sórt sin agus is féidir a choimeád slán agus fás a bhrú chun cinn i réimsí nua deise – lena n-áirítear bithphróiseáil, nútraiceodaigh, diagnóisic agus feistí leighis na chéad ghlúine eile agus glacadh le próisis agus le dúshláin déantúsaíochta atá níos casta agus níos sofaisticiúla.

### Earnáil TFC

Tá níos mó ná 80,000 duine fostaithe faoi láthair san earnáil TFC a thrádálann go hidirnáisiúnta in Éirinn, rud a chuimsíonn mórchuideachtaí ilnáisiúnta agus líon mór gnólachtaí atá faoi úinéireacht Éireannach araon. Oibríonn cuid mhór cuideachtaí Éireannacha i margaí nideoige, agus bogearraí saincheaptha á gcur ar fáil acu do na hearnálacha seirbhísí airgeadais, cúram sláinte, oideachais agus siamsaíochta. Le deich mbliana anuas, tá gníomhaíocht in Éirinn tar éis aistriú i dtreo bogearraí agus seirbhísí – cé go leanann gnólachtaí déantúsaíochta crua-earraí de bheith ag cur go mór le geilleagar na hÉireann.

Leanann teorainneacha na hearnála seo de bheith doiléir. Mar shampla, soláthraíonn treochtaí domhanda san earnáil deiseanna i roinnt réimsí a bhaineann le crua-earraí agus le bogearraí – mar shampla:

- Bíonn an méadú i líon na lárionad sonraí don néalríomhaireacht ag brú éilimh chun cinn ar fhreastalaithe;
- Bíonn feiniméan na Mór-Shonraí ag brú éilimh chun cinn ar líon méadaithe de lárionaid sonraí slándála, d'fhreastalaithe agus d'anailísíocht;
- Bíonn an fás i dTeicneolaíochtaí soghluaiste Cumarsáide agus Faisnéise ag brú éilimh chun cinn ar fheistí níos iniompartha agus níos idirghníomhaí, agus bíonn micrishliseanna agus micrea-aipeanna ag éirí níos feidhmiúla i gcónaí; agus
- Mar gheall ar an aistriú i dtreo 'bogearraí mar sheirbhís', tá méadú ag teacht ar an éileamh ar sheirbhísí óstáilte/bainistithe.

Tá an acmhainn fáis fostaíochta is mó san earnáil bogearraí, ag cur leis an bhfíric go bhfuil oibríochtaí suntasacha i bhfeidhm anseo ag naoi gcinn de na deich gcuideachta is mó

bogearraí ar domhan. Tá deiseanna sonracha ann freisin le haghaidh crua-earraí i T&F agus le haghaidh déantúsaíocht ísealtoirte nó meántoirte atá dian ar Mhaoin Intleachtúil (IP), lena n-áirítear leathsheoltóirí, freastalaithe, ard-mhicrisliseanna, feistí cliste agus comhtháthú córas, ard-dearadh ciorcaid iomlánaithe agus déantúsaíocht gan mhonarú (córas ar shlis, saotharlann ar shlis).

### Tógáil

Tugtar le tuiscint in anailís Fhorfás ar an earnáil tógála, bunaithe ar an leibhéal réamh-mheasta éilimh ar thógáil agus ar thosca eacnamaíocha ginearálta sa ghearrthéarma, go bhfuil an t-ionchas aschuir agus fostaíochta don earnáil fós lag agus a bheag nó a mhór statach sa tréimhse go 2015. Mar sin féin, tá an earnáil ag feidhmiú faoi bhun a barrmhaitheasa san am i láthair. Tá ár bpróifíl dhéimeagrafach fós dearfach agus leanann ár n-earnálacha onnmhairithe de bheith ag feidhmiú go maith, rud a thugann le tuiscint go méadóidh éileamh sa tréimhse go 2020, agus go mbeidh fás aschuir agus fostaíochta ag gabháil leis. Tá ár straitéis dírithe ar an ráta téarnaimh a luathú trí thuilleadh cinnteachta agus muiníne a thabhairt isteach sa mhargadh intíre; trí dheireadh a chur le bacainní ar fhorbairt; agus trí chumas agus trí iomaíochas a athneartú i measc gnólachtaí san earnáil.

### Seirbhísí Airgeadais - Miondíol, Baincéireacht agus Ionad Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta

Tá dhá ghné de sheirbhísí airgeadais: an taobh a bhaineann le miondíol baincéireachta – ar dóigh dó tuilleadh post a chailleadh sa ghearrthéarma – agus an taobh a bhaineann le seirbhísí a thrádáiltear go hidirnáisiúnta ina bhfostaítear de bhreis ar 30,000 duine ar fud baincéireacht dhomhanda agus íocaíochtaí domhanda, bainistíocht infheistíochtaí domhanda agus árachas domhanda. Tá ionchais leanúnacha fáis ar fud gach ceann de na codanna sin agus tá deiseanna sonracha trasearnála i réimsí amhail airgeadas glas, seirbhísí íocaíochtaí idirnáisiúnta agus airgeadas Ioslamach. Leagtar amach sa Straitéis don Tionscal Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta cuspóir chun fostaíocht san earnáil seo a mhéadú faoi 10,000 duine faoi 2016.

### Miondíol

Leanann miondíol de bheith ag feidhmiú go dona, rud a léiríonn tosca eacnamaíocha agus éileamh intíre. Léirítear feabhas beag san innéacs is déanaí seintiminte custaiméirí de chuid ESRI do Mhárta na bliana seo, cé go dtugtar le tuiscint sna sonraí gur tháinig meath ar dhearcthaí daoine i leith airgeadas pearsanta agus cumhacht caithimh. Is dócha go leanfaidh coigeartú fioscach leanúnach ar aghaidh ag déanamh difir d’ionchais fáis don earnáil miondíola.

## Forfás 2012

Bliain éilitheach eile laistigh d’Fhorfás ba ea 2012. Bhí riachtanas agus éileamh méadaithe maidir lenár seirbhísí taighde, lenár seirbhísí comhairle beartais agus lenár seirbhísí eile, cé gur lean acmhainní de bheith ag laghdú.

Ó tugadh isteach an moratóir ar earcaíocht, chaill Forfás tríocha is a cúig faoin gcéad dá chuid foirne agus d’oibríomar laistigh de leibhéil foirne ár gCreata Rialaithe Fostaíochta gach bliain. Bhí tionchar suntasach ag an moratóir ar ár n-eagraíocht agus chailleamar líon mór dár bpearsanra saineolach a bhí ann le fada, gan daoine nua a chur ina n-áit. Mar thoradh air sin, táimid tar éis athstruchtúrú, atheagrú agus tosaíochtaí nua a chinneadh - agus leanaimid ar aghaidh le dea-thorthaí a sheachadadh. Tá sé sin amhlaidh mar gheall i bpáirt ar shaineolas, ar thiomantas agus ar ghairmiúlacht ár gcuid foirne. Chuir an laghdú ar acmhainní brú

leanúnach ar chumas na heagraíochta toradh a sheachadadh maidir lena sainordú leathan, lena n-áirítear seirbhísí comhairle beartais agus seirbhísí oibriúcháin araon.

## Seirbhísí Neamh-Bheartais

Is é príomhfheidhm Fhorfás comhairle beartais a sholáthar, ach thug sé faoi fheidhmeanna suntasacha eile in 2012 freisin, lena n-áirítear creidiúnú, agus seirbhísí corparáideacha agus roinnte.

### Creidiúnú

Tá an Margadh Eorpach aonair fíorthábhachtach d'Éirinn agus imríonn creidiúnú ról tábhachtach maidir lena chinntiú go mbíonn rochtain ag táirgí agus ag seirbhísí Éireannacha ar mhargaí an AE agus ar mhargaí domhanda araon.  Is féidir leis buntáiste iomaíoch a thabhairt agus cuireann sé caighdeáin agus cleachtais oibre níos fearr chun cinn.

Is rannán de chuid Fhorfás é Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (BNÉC) agus deimhníonn creidiúnú BNÉC go nglacfar le deimhnithe agus le torthaí scrúdaithe ar fud an domhain.  Cuireann creidiúnú deireadh leis an ngá atá le hilmheasúnuithe nuair a sheoltar earraí thar theorainneacha, agus, dá bhrí sin, tugtar an buntáiste iomaíoch is fearr agus is féidir d'Éirinn i margadh a bhíonn ag fairsingiú de shíor agus ag éirí níos dúshlánaí i gcónaí. Lean an t-éileamh ar sheirbhísí creidiúnaithe ó BNÉC de bheith ag dul i méid le linn 2012.

Mar atá amhlaidh i gcás ranna eile de chuid Fhorfás, tá BNÉC tiomanta d'fheabhsú agus do fhreagairt ar riachtanais chliant.  Lorgaíonn sé aiseolas trína láithreán Gréasáin, lorgaíonn sé ionchur óna chuid measúnóirí chun a chuid próiseas a fheabhsú agus déanann sé suirbhéanna ar chliaint.

### Seirbhísí Roinnte

Lean foireann sheirbhísí corparáideacha roinnte Fhorfás ar aghaidh le seirbhísí éifeachtúla agus éifeachtacha a chur ar fáil do GFT Éireann, d'Fhiontraíocht Éireann, do SFI, do SEAI agus d'Oifig an Phríomh-Chomhairleora Eolaíochta don Rialtas le linn 2012.  Chomh maith le gníomhaíochtaí na seirbhísí roinnte in airgeadas agus i gcuntasaíocht, in Acmhainní Daonna, i bpinsin, i mbainistíocht saoráidí agus réadmhaoine agus i réimsí eile, chuir foirne sheirbhísí roinnte Fhorfás tacaíocht bhreise shuntasach ar fáil d'Oifig an Phríomh-Chomhairleora Eolaíochta, go háirithe maidir le seachadadh Bhaile Átha Cliath - Cathair na hEolaíochta in 2012 agus maidir lena pointe fócasach, ESOF2012, arb í an chomhdháil is mó eolaíochta san Eoraip í, a bhí ar siúl i mí Iúil.

## An Todhchaí

Fuair an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, Richard Bruton TD, comhaontú an Rialtais chun tús a chur le reachtaíocht a dhréachtú lena gcomhtháthófar Forfás isteach ina Roinn. Tá sé sin sceidealta do 2013.

Is é aidhm an chomhtháthaithe seo ná neartú a dhéanamh ar an gcumas agus ar an acmhainn atá ann chun beartas fiontair a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Chuir an tAire in iúl go mbeadh Forfás mar chuid lárnach den rannóg nua beartais straitéisigh a chuirfear ar bun laistigh den RPFN. Rinneadh dul chun cinn suntasach cheana féin maidir le céim ar aghaidh a dhéanamh ar na tascanna is gá chun feidhmeanna beartais agus neamhbheartais Fhorfás a aistriú chuig na heagraíochtaí sin a ghlacfaidh iad, faoi mar atá aitheanta ag an Aire. Tá Forfás ag obair go dlúth leis an RPFN ar gach ceann de na bearta riachtanacha is gá chun Forfás a chomhtháthú leis an roinn agus chun Forfás a dhíscaoileadh mar eintiteas dlíthiúil.

Táimid cinnte go ndéileálfaidh foireann Fhorfás go rathúil leis na dúshláin a thiocfaidh as sin. Tugaimid aitheantas freisin don tacaíocht a thugann ár gcomhghníomhaireachtaí, a bhfuil difear á dhéanamh dóibh freisin, ina leith sin. Ó fógraíodh an comhtháthú, tá Forfás ag obair níos dlúithe de réir a chéile leis an RPFN ar shaincheisteanna beartais agus tá rath mór á bhaint amach ina leith sin, agus is maith an comhartha é sin maidir le comhtháthú iomlán.

Tá plean mionsonraithe gnó do 2013 ag Forfás, rud ina leagtar amach a phríomhthosaíochtaí beartais agus príomh-mhíreanna a chláir oibre. Ina theannta sin, tá ról suntasach le himirt ag Forfás maidir leis an *bPlean Gníomhaíochta do Phoist 2013* a fhaire agus a sheachadadh, agus beidh baint lárnach aige leis an bPlean do 2014 a fhorbairt.

## Buíochas

Mar is amhlaidh i gcás aon eagraíochta rathúla, ní fheidhmíonn Forfás ina aonar. Braithimid ar an treoir agus an t-eolas a sholáthraíonn cuid mhór eagraíochtaí agus daoine aonair, agus bainimid tairbhe as an treoir agus as an eolas sin.

Le linn 2012, d'oibrigh Forfás go dlúth lenár máthair-roinn, an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta. Ba mhaith linn aitheantas a thabhairt don tacaíocht a thug an Roinn, go háirithe le linn na tréimhse reatha seo comhtháthaithe agus athraithe d'Fhorfás. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil le Richard Bruton TD, an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus lena chomhghleacaithe John Perry, TD, an tAire Mionghnóthaí agus Seán Sherlock, TD, an tAire Taighde agus Nuálaíochta ag an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta as an rannchuidiú agus an tacaíocht a thug siad dúinn. Ba mhaith linn aitheantas a thabhairt freisin don tacaíocht shuntasach a thug an tArd-Rúnaí, John Murphy, le bliain anuas.

Tá Forfás buíoch as an leibhéal rannpháirtíochta agus tiomantais a léirigh na ranna uile Rialtais agus a gcuid gníomhaireachtaí in obair bheartais Fhorfás.

Oibríonn Forfás agus a chomhghníomhaireachtaí, Fiontraíocht Éireann, GFT Éireann agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann go han-dlúth le chéile lena chinntiú go bhfuil beartais ag teacht le chéile agus go ndéantar gach iarracht lena chinntiú go mbaintear an chuid is fearr as na hacmhainní uile atá ar fáil. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár gcomhghníomhaireachtaí as ucht a gcuid comhair agus ionchuir le linn 2012. Faigheann Forfás tacaíocht freisin ina chuid oibre ó FÁS, ó Fhorbairt Shionainne ó Údarás na Gaeltachta, ó SEAI agus ó chuid mhór gníomhaireachtaí eile. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil freisin leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta agus leis an Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI) as a gcuid tacaíochta in 2012.

Ba mhaith linn buíochas a chur in iúl leis an bpobal níos leithne páirtithe leasmhara a chuireann go mór lenár gcuid oibre chomh maith, lena n-áirítear grúpaí a dhéanann ionadaíocht d'fhostóirí, ceardchumainn, institiúidí tríú leibhéal agus comhlachtaí oiliúna.

Bainistíonn Forfás obair na trí chomhairle chomhairleacha agus tacaíonn sé leo. Ba mhaith linn aitheantas a thabhairt d'obair na ngrúpaí sin agus d'obair a gcuid cathaoirleach: An Dr Don Thornhill (An Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais), Una Halligan (An Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí), agus an Dr Tom McCarthy (An Chomhairle Chomhairleach don Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht). Ba mhaith linn aitheantas a thabhairt freisin d'obair Bhord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú atá faoi chathaoirleacht Tom O'Neill.

Oibrímid go dlúth leis an bPríomh-Oifig Staidrimh ar shuirbhéanna agus ar bhailiú sonraí agus is mór againn a cuid comhar leanúnach.

Bíonn lucht gnó agus fiontraithe na hÉireann ag feidhmiú i dtimpeallacht an-deacair. Ní bhíonn sé éasca dóibh am a thógáil as a gcuid gnóthaí agus as a gcuid oibre. Ba mhaith linn

buíochas ar leith a ghabháil leo siúd go léir a thug a gcuid ama go fial chun plé linn go díreach nó go hindíreach trína gcuid grúpaí ionadaíocha.

Ba mhaith linn an fhoireann i bhForfás a mholadh as a dtiomantas leanúnach do sheachadadh na hoibre den scoth. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil leo freisin as a gcuid foighne le linn na tréimhse seo athraithe inár n-eagraíocht. Tá muinín againn go ndéileálfaidh siad go rathúil leis na dúshláin agus leis na deiseanna agus táimid muiníneach go dtabharfaidh siad dá n-eagraíocht nua an iliomad cáilíochtaí agus gairmiúlachta a bhí mar shaintréith dá gcuid oibre i bhForfás thar na blianta.

# Gníomhaíochtaí Beartais

| Fiontraíocht | 31 |
|---|---|
| Suirbhéanna Fiontraíochta | 32 |
| ▪ Suirbhé Bliantúil Gnó ar Thionchar Eacnamaíoch 2011 | 32 |
| ▪ Suirbhé Bliantúil Fostaíochta 2012 | 34 |
| Plean Gníomhaíochta do Phoist | 36 |
| ▪ *Plean Gníomhaíochta do Phoist 2012* | 36 |
| ▪ Plean Gníomhaíochta do Phoist 2013 | 37 |
| Athbhreithniú agus Iniúchadh Ceadúnas | 39 |
| Déantúsaíocht | 40 |
| Earnáil Tógála na hÉireann: Ionchas agus Plean Straitéiseach go 2015 | 42 |
| Measúnuithe ar Chláir Ghníomhaireachtaí - Taighde, Forbairt agus Nuálaíocht | 44 |
| Forbairt Earnála | 45 |
| Feidhmíocht Trádála agus Infheistíochta | 46 |
| Príomhthíortha i gcomhair Comhpháirtíochtaí Eacnamaíocha | 46 |
| Straitéis Athbhreithnithe i leith Margaí Ardfháis | 46 |
| Plean Gníomhaíochta chun na Costais a bhaineann le hOnnmhairiú a Laghdú | 47 |
| Fiontar Sóisialta | 47 |
| Micrea-obair | 48 |
| Beartas Comhshaoil | 49 |

| Eolas agus Nuálaíocht | 51 |
|---|---|
| Suirbhéanna T&F | 52 |
| ▪ Soláthar Sonraí Eurostat agus OECD | 52 |
| ▪ Suirbhé ar Thaighde agus ar Fhorbairt Ardoideachais (HERD) | 52 |
| ▪ Suirbhé ar Infheistíocht an Stáit i T&F | 55 |
| Beartú Tosaíochta Taighde | 58 |

| | |
|---|---|
| Taighde Poiblí a Chur ag Obair d'Éirinn | 60 |
| Beartas Idirnáisiúnta Taighde agus Nuálaíochta | 61 |
| ▪ Ionadaíocht a Dhéanamh d'Éirinn ar an gCoiste um an Limistéar Taighde Eorpach (ERAC) | 61 |
| ▪ Gníomhaíochtaí Comhair Idirnáisiúnta | 61 |
| Comhairle Chomhairleach don Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht | 62 |
| ▪ Inbhuanaitheacht Lárionad Taighde | 62 |
| ▪ Ár bPáirt a Ghlacadh: Ráiteas ar Deiseanna Nua 2020 | 63 |
| ▪ Tathant | 63 |
| Fóram Oscailte Euroscience 2012 (ESOF2012) agus Baile Átha Cliath - Cathair na hEolaíochta 2012 | 64 |

| | |
|---|---|
| **Iomaíochas** | **68** |
| Anailís Iomaíochais agus Eacnamaíoch | 69 |
| ▪ Costais a bhaineann le Gnó a Dhéanamh | 69 |
| ▪ Rangú Iomaíochais na hÉireann | 70 |
| Cánachas | 72 |
| ▪ Aighneacht Réamh-Bhuiséid 2013 | 72 |
| Airgeadas | 72 |
| ▪ Athbhreithniú ar an Timpeallacht Maoinithe | 72 |
| ▪ Athbhreithniú ar an Tírdhreach Infheistíochta Cothromais in Éirinn | 72 |
| ▪ Grúpa na gComhlachtaí Stáit | 73 |
| Bonneagar | 73 |
| ▪ Rialáil Earnála agus Iomaíochas Costais | 73 |
| ▪ Aighneacht Chomhghníomhaireachta ar an Athchóiriú atá Beartaithe ar Sheirbhísí Uisce | 74 |
| ▪ Leathanbhanda | 75 |

| | |
|---|---|
| An Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais | 75 |
| ▪ Feidhmíocht Táirgiúlachta na hÉireann 1980-2011 | 76 |
| ▪ Scórchárta Iomaíochais na hÉireann 2012 | 77 |
| ▪ Tathant | 78 |

| | |
|---|---|
| Daoine | 79 |
| Riachtanais Scileanna sa Todhchaí san Earnáil Déantúsaíochta go 2020 | 80 |
| Príomhscileanna d'Fhiontar chun Trádáil go hIdirnáisiúnta | 81 |
| Ailíniú níos mó Oideachais agus Oiliúna a Bhrú Chun Cinn le Riachtanais Scileanna na bhFostóirí | 82 |
| ▪ Treoirlínte um Ailíniú na gClár Breisoideachais le Riachtanais Scileanna na Fiontraíochta | 82 |
| ▪ Treoir do Sholáthraithe Ardoideachais ar Riachtanais Scileanna atá ann Faoi Láthair agus a bheidh ann sa Todhchaí san Fhiontraíocht - Gairm Springboard 2012 | 83 |
| ▪ Aighneacht chuig Comhairliúchán SOLAS | 83 |
| Aighneacht chuig Comhchoiste an Oireachtais um Poist, Coimirce Shóisialach agus Oideachas ar Dhífhostaíocht agus Dífhostaíocht Óige | 84 |
| Comhairle maidir le Beartas Imirce Eacnamaíochta | 85 |
| An Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí | 85 |
| ▪ Ráiteas Gníomhaíochta an tSainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí 2011 | 86 |
| ▪ Dul chun cinn ar chur chun feidhme mholtaí thuarascáil an tSainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí | 86 |
| ▪ Comhoibriú le hAonad Taighde ar Scileanna agus ar an Margadh Saothair de chuid FÁS | 86 |
| ▪ Tathant | 87 |

# Fiontraíocht

**"….Ní chruthaíonn Rialtais poist, is gnóthais agus fiontraithe rathúla a chruthaíonn iad, ach tá ról lárnach ag Rialtas maidir lena chinntiú go bhfuil an timpeallacht chomh tacúil agus is féidir le gur féidir leis sin tarlú."**

**Plean Gníomhaíochta do Phoist 2013**

## Suirbhéanna Fiontraíochta

In 2012 bhailigh Forfás raon sonraí ar fhostaíocht agus ar chaiteachas i ngeilleagar na hÉireann ag gnólachtaí a fhaigheann tacaíocht ó ghníomhaireachtaí, agus rinne sé anailís ar na sonraí sin.

Suirbhé Bliantúil Gnó ar Thionchar Eacnamaíoch 2011


Suirbhé Bliantúil Fostaíochta 2012

### Suirbhé Bliantúil Gnó ar Thionchar Eacnamaíoch 2011

Is suirbhé ar bhonn cliant Fhiontraíocht Éireann, GFT Éireann, Fhorbairt Shionainne agus Údarás na Gaeltachta é an *Suirbhé Bliantúil Gnó ar Thionchar Eacnamaíoch* ina rianaítear táscairí a gcuid feidhmíochta agus a rannchuidithe maidir le geilleagar na hÉireann. Is é atá i bpobal an tsuirbhé ná gach cliantghnólacht déantúsaíochta agus gach cliantghnólacht a chuireann seirbhísí a thrádáiltear go hidirnáisiúnta ar fáil in Éirinn a bhfuil deichniúr fostaithe nó níos mó acu.

Clúdaítear raon leathan táscairí sa cheistneoir e.g. díolacháin agus onnmhairí chomh maith le míreanna caiteachais amhail ceannach ábhar agus seirbhísí agus an céatadán den chaiteachas sin a chaitear in Éirinn, agus párolla agus infheistíochtaí oiliúna.

**Fíor 1: Díolacháin, Onnmhairí, Breisluach agus Caiteachas Díreach i ngnólachtaí gníomhaireachta, 2000-2011**




Léirítear i bhFíor 1 na luachanna atá ar gach ceann de na ceithre tháscaire le himeacht ama, do gach ceann de na gnólachtaí gníomhaireachta. Tá na nithe seo a leanas i measc na bpríomhthorthaí:

- Tháinig fás 7 faoin gcéad agus 8 faoin gcéad ar dhíolacháin agus ar onnmhairí faoi seach in 2011 i gcomparáid leis na figiúirí do 2010. Tá luach na ndíolachán agus na n-onnmhairí a taifeadadh ar fud na ngnólachtaí gníomhaireachta uile in 2011 ar na leibhéil is airde a taifeadadh ón mbliain 2000.
- Bhí breisluach 7 faoin gcéad níos airde in 2011 ná mar a bhí in 2010. Ba é an luach a taifeadadh in 2011 an luach is airde breisluacha thar an tréimhse ama ó 2000 go 2011.
- Bhí Caiteachas Díreach i ngeilleagar[3] na hÉireann réasúnta cobhsaí thar an tréimhse ama 2000-2011. Bhí titim de chineál éigin in 2009 ach thosaigh sé ag téarnamh in 2011. Chomh maith leis sin, bhí an t-aschur 6 faoin gcéad níos airde in 2011 ná mar a bhí in 2010.

**Tábla 1: Athrú céatadáin i nDíolacháin, in Onnmhairí, i mBreisluach agus i gCaiteachas Díreach i ngnólachtaí gníomhaireachta, de réir náisiúntacht úinéireachta agus earnála, 2010 go 2011**

| Catagóir | Stádas Úinéireachta | 2010-2011 Athrú i nDíolacháin | 2010-2011 Athrú in Onnmhairí | 2010-2011 Athrú i mBreisluach | 2010-2011 Athrú i gCaiteachas Díreach i nGeilleagar na hÉireann |
|---|---|---|---|---|---|
| Déantúsaíocht | Faoi Úinéireacht Éireannach | 9% | 16% | 3% | 7% |
| | Faoi Úinéireacht Eachtrach | 4% | 4% | 5% | 4% |
| Seirbhísí a Thrádáiltear go hIdirnáisiúnta | Faoi Úinéireacht Éireannach | 4% | 14% | 6% | 1% |
| | Faoi Úinéireacht Eachtrach | 11% | 11% | 9% | 14% |


Déantar achoimre i dTábla 1 ar na príomhtháscairí feidhmíochta gnó in 2010-2011 ar fud gnólachtaí faoi úinéireacht Éireannach agus gnólachtaí faoi úinéireacht eachtrach sna catagóirí a bhaineann le Déantúsaíocht agus le Seirbhísí a Thrádáiltear go hIdirnáisiúnta, agus léirítear ann go raibh fás sna príomhtháscairí gnó do ghnólachtaí faoi úinéireacht Éireannach agus do ghnólachtaí faoi úinéireacht eachtrach araon idir 2010 agus 2011.

3 Is é an sainmhíniú atá ar Chaiteachas Díreach i nGeilleagar na hÉireann ná – caiteachas párolla + ceannacháin ábhar a tháirgtear in Éirinn + ceannacháin seirbhísí a tháirgtear in Éirinn.

## Suirbhé Bliantúil Fostaíochta 2012

Is móráireamh bliantúil fostaíochta é an *Suirbhé Bliantúil Fostaíochta* i ngach cuideachta táirgthe phríomhúil, i ngach cuideachta déantúsaíochta agus i ngach cuideachta seirbhísí a fhaigheann tacaíocht ó na gníomhaireachtaí forbartha fiontraíochta, GFT Éireann, Fiontraíocht Éireann, Forbairt Shionainne agus Údarás na Gaeltachta. Soláthraíonn gnólachtaí sonraí ar fhostaithe buana lánaimseartha agus páirtaimseartha agus ar fhostaithe eile mar a bhí ag an 31 Deireadh Fómhair i mbliain an tsuirbhé. Cuireadh an suirbhé seo i gcrích gach bliain ó 1973 i leith. I gcomhréir lena shainordú chun comhordú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na ngníomhaireachtaí, cuireann Forfás an suirbhé i gcrích le comhoibriú ó fhoireann Fhiontraíocht Éireann agus GFT Éireann. Cuireann Forbairt Shionainne agus Údarás na Gaeltachta an suirbhé i gcrích do chuideachtaí a thagann faoina sainchúram.


**Fíor 2: Treochtaí i bhfostaíocht lánaimseartha i gcuideachtaí a fhaigheann cúnamh ó ghníomhaireachtaí, de réir náisiúntacht úinéireachta, 2003 go 2012**




- B'ionann fostaíocht lánaimseartha iomlán i measc cuideachtaí faoi úinéireacht Éireannach agus 144,964 post in 2012. Bhí sé sin cothrom le méadú 2.3 faoin gcéad nó le 3,228 post breise i gcomparáid leis an bhfigiúr don bhliain roimhe, ag leanúint leis an treocht suas ó 2010. In 2011, tháinig méadú ar fhostaíocht don dara bliain as a chéile den chéad uair ó 2007, agus bhí méadú 3,847 post (2.8 faoin gcéad).
- Idir 2007 agus 2010, bhí laghdú 17.2 faoin gcéad ar fhostaíocht, nó 28,671 post, i ngnólachtaí faoi úinéireacht Éireannach.
- In 2012, bhí fostaíocht i gcuideachtaí faoi úinéireacht Éireannach 2.3 faoin gcéad níos ísle ná mar a bhí in 2003. B'ionann é sin agus 3,398 post.
- Chonacthas na caillteanais is airde fostaíochta idir 2008 agus 2009 nuair a chaill cuideachtaí faoi úinéireacht Éireannach 19,048 post.
- I measc gnólachtaí faoi úinéireacht eachtrach, mhéadaigh fostaíocht lánaimseartha 5,747 post in 2012, méadú 4 faoin gcéad go 149,821 post. Ba í seo an dara bliain ina raibh méadú, tar éis d'fhostaíocht fás 4,007 post go 144,074 post in 2011.
- Tá méaduithe i bhfostaíocht pháirtaimseartha tar éis cobhsú, tar éis dóibh a bheith ina bpríomhthreocht le blianta beaga anuas. Bhí méadú beag 0.2 faoin gcéad (48 post) i bpoist pháirtaimseartha shealadacha i measc gnólachtaí faoi úinéireacht Éireannach in

2012, agus tháinig méadú 593 post (3.4 faoin gcéad) freisin ar fhostaíocht pháirtaimseartha le gnólachtaí faoi úinéireacht eachtrach in 2012.

**Fíor 3: Treochtaí earnála i bhfostaíocht lánaimseartha, do gach gnólacht gníomhaireachta, 2003 go 2012**




- Léirítear i bhFíor 3 miondealú earnála de réir earnáil leathan ar fhostaíocht bhuan lánaimseartha ar fud na gcuideachtaí uile a fhaigheann cúnamh ó ghníomhaireachtaí. In 2012, mhéadaigh fostaíocht 8,975 post, nó 3.1 faoin gcéad, do gach earnáil i gcomparáid leis an bhfigiúr do 2011.
- Bhí an earnáil Faisnéise, Cumarsáide agus Ríomhaireachta freagrach as 53 faoin gcéad den mhéadú sin, agus 4,734 post breise á gcruthú aici.
- Taifeadadh fás post 3.6 faoin gcéad, nó 1,638 post, san earnáil Gnó, Airgeadais agus Seirbhísí Eile idir 2011 agus 2012. Ó 2003 go 2012, cruthaíodh 20,147 post san earnáil seo, ar méadú 73.4 faoin gcéad é. Cruthaíodh 10,217 ceann de na poist sin san earnáil Seirbhísí Airgeadais.
- Bhí méadú 2,789 post san earnáil Déantúsaíochta ó 2011, rud arbh ionann é agus méadú 1.7 faoin gcéad. Chaill an earnáil 39,417 post ó 2003 go 2011. B'ionann é sin agus laghdú 19.3 faoin gcéad. Laistigh den earnáil déantúsaíochta, áfach, bhí fás fostaíochta 32 faoin gcéad, nó 5,358 post, ó 2003 ar aghaidh san earnáil Ionstraimí agus Soláthairtí Leighis agus Fiaclóireachta. Bhí méadú fostaíochta 3.7 faoin gcéad, nó 1,375 post, san earnáil Bia in 2012. Ó 2003 ar aghaidh, áfach, laghdaigh fostaíocht san earnáil Bia faoi 8 faoin gcéad agus cailleadh 3,388 post.
- Ba í an earnáil Tógála, Fóntas agus Táirgthe Phríomhúil an t-aon earnáil amháin inar taifeadadh titim i bhfostaíocht in 2012. Thit fostaíocht 1.8 faoin gcéad san earnáil.
- Mar fhocal scoir, bhí méaduithe i leibhéil fostaíochta i ngach réigiún in 2012. Ba í sin an dara bliain as a chéile ina raibh fás fostaíochta i ngach réigiún.

Ó 2009 go 2011, bhí treocht le feiceáil i mórán cuideachtaí a bhain le fostaíocht pháirtaimseartha a chur in ionad fostaíocht lánaimseartha. Mar sin féin, tá an fás i bhfostaíocht shealadach agus pháirtaimseartha a bhí le feiceáil le blianta beaga anuas tar éis

cobhsú go mór in 2012. Bhí glanmhéadú an-bheag de 0.2 faoin gcéad i líon na bpost páirtaimseartha sealadach i ngnólachtaí faoi úinéireacht Éireannach in 2012, agus mhéadaigh fostaíocht pháirtaimseartha le gnólachtaí faoi úinéireacht eachtrach faoi 3.4 faoin gcéad (thart ar 600 glanphost) in 2012. Is ionann fostaíocht iomlán (páirtaimseartha agus lánaimseartha araon) i ngnólachtaí faoi úinéireacht Éireannach agus 168,948 post faoi láthair agus is ionann an figiúr comhfhreagrach i gcás gnólachtaí faoi úinéireacht eachtrach agus 167,670 post. Fágann sé sin go raibh 336,618 post i ngnólachtaí a fhaigheann cúnamh ó ghníomhaireachtaí in 2012, ar méadú de 9,616 post nó de 2.9 faoin gcéad ar an bhfigiúr do 2011 é.

## Plean Gníomhaíochta do Phoist

In 2012, d'oibrigh Forfás go dlúth leis an RPFN agus le ranna agus le gníomhaireachtaí eile Rialtais chun an *Plean Gníomhaíochta do Phoist 2012* a chur chun feidhme agus chun an *Plean Gníomhaíochta do Phoist 2013* a fhorbairt. Ina theannta sin, bhí Forfás freagrach go díreach as roinnt gníomhartha atá sa Phlean do 2012 a sheachadadh agus tá freagracht air as roinnt gníomhartha atá sa Phlean do 2013.

### Plean Gníomhaíochta do Phoist 2012

Thacaigh Forfás leis an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta maidir leis an gcéad *Phlean Gníomhaíochta do Phoist* a fhorbairt, rud a d'fhoilsigh an Rialtas i mí Feabhra 2012. Agus an Plean do 2012 á fhoilsiú aige, leag an Rialtas uaillmhian iomlán síos chun 100,000 post breise a chruthú i ngeilleagar na hÉireann faoin mbliain 2016 agus chun 100,000 post eile a chruthú faoin mbliain 2020. D'athshonraigh an Rialtas an sprioc atá aige a bheith ar an tír bheag is fearr ar domhan chun dul i mbun gnó inti, a bheith ar cheann de na cúig áit is iomaíche ar domhan agus braislí den chéad scoth a fhorbairt i bpríomhearnálacha deise.

Leagadh amach sa Phlean do 2012 270 gníomh ar fud 15 roinn Rialtais agus ar fud 36 gníomhaireacht/oifig. Agus an Plean do 2012 á fhoilsiú aige, shonraigh an Rialtas go seasfadh sé sin do thús próisis bhliantúil agus go mbeadh Pleananna nua in 2013 agus sna blianta ina dhiaidh sin.

Aithníodh nithe inseachadta ráithiúla maidir le gach gníomh sa Phlean agus bunaíodh córas monatóireachta, faoi stiúir Roinn an Taoisigh agus atá comhdhéanta den Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta, den Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA), d'Fhorfás agus d'Oifig an Tánaiste. Tá pearsanra ag Forfás atá lonnaithe i Roinn an Taoisigh a chabhraíonn leis an bpróiseas monatóireachta.

Foilsíodh tuarascáil ar sheachadadh in aghaidh amlínte sonraithe tamaillín tar éis deireadh gach ráithe in 2012. Léiríodh sa tuarascáil deiridh ar dhul chun cinn, a foilsíodh i mí Eanáir 2013, gur seachadadh 249 ceann den 270 gníomh (92 faoin gcéad) in 2012. I mbeagnach gach ceann de na cásanna, déanfar gníomhartha nár seachadadh in 2012 a sheachadadh in 2013.

Bhí freagracht ceannais ar Fhorfás as 10 ngníomh atá sa Phlean do 2012 agus bhí sé páirteach i seachadadh 11 ghníomh eile a bhí faoi stiúir ranna/gníomhaireachtaí eile. Tuairiscítear na gníomhartha a raibh freagracht ceannais ar Fhorfás astu go mion in áit eile sa Tuarascáil seo. Airítear leis na gníomhartha sin:

- Athruithe a aithint in oibriú na rialtóirí earnála chun feabhas a chur ar iomaíochas costais (leathanach 73);
- Iniúchadh agus athbhreithniú a dhéanamh ar an iliomad ceadúnas a theastaíonn ó ghnóthais chun measúnú a dhéanamh ar an acmhainneacht maidir le scor de cheadúnais/maidir le ceadúnais a chónascadh (leathanach 39);
- Sraith spriocanna iomaíochas a fhorbairt a bheidh faoi réir gníomh intíre (leathanach 70);
- Gníomhartha a fhorbairt chun laghdú córasach a dhéanamh ar phríomhchostais ghnó nó ar mhoilleanna atá iomarcach (leathanach 69);
- Fís fhadtéarmach a fhorbairt don earnáil déantúsaíochta agus plean straitéiseach a chur i bhfeidhm chun cabhrú leis an bhfís sin a bhaint amach (leathanach 40);

- Tabhairt faoi mheasúnú ar riachtanais scileanna san earnáil déantúsaíochta agus struchtúir nua a úsáid le haghaidh oiliúna agus forbairt scileanna san earnáil sin (leathanach 80);
- Straitéis náisiúnta a fhorbairt, i gcomhairle le páirtithe leasmhara, don earnáil tógála (leathanach 40); agus
- Tuarascáil a ullmhú ar an gcumas atá ag fiontraíocht shóisialta poist a chruthú (leathanach 47);
- Anailís ar na costais a bhaineann le honnmhairiú agus gníomhartha a aithint chun na costais sin a laghdú (leathanach 47).
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an tírdhreach infheistíochta cothromais in Éirinn d'fhonn bearta indéanta (tacaíochtaí fiontar, cáin etc.) a thabhairt isteach chun tacú le hinfheistíocht chothromais i ngnólachtaí táirgiúla (leathanach 72).

Seachadadh gach ceann de na gníomhartha sin in 2012.

Plean Gníomhaíochta do Phoist 2012

## Plean Gníomhaíochta do Phoist 2013




### Seoladh an *Phlean Gníomhaíochta do Phoist 2013*

*"Is é a bheidh sa phlean i mbliana ná roinnt saintionscadail um athrú céime a ghníomhóidh mar eiseamláirí don fhiontraíocht de réir mar a atógaimid geilleagar atá dírithe ar an bhfiontraíocht. Tá plean againn. Tá sé á chur chun feidhme againn.* Agus saothróimid é go dtí go gcuirfimid Éire ag obair arís," arsa an Taoiseach, Enda Kenny, TD, ag seoladh an Phlean.

Sa phictiúr (ó chlé), tá Richard Bruton TD, an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, Enda Kenny TD, an Taoiseach agus Éamonn Gilmore TD, an Tánaiste

D'fhoilsigh an Rialtas an *Plean Gníomhaíochta do Phoist 2013* i mí Feabhra 2013. Is é atá sa Phlean 333 gníomh ar fud 16 roinn Rialtais agus ar fud 46 gníomhaireacht/oifig. Coimeádtar struchtúr leathan an Phlean do 2012 ar bun, agus aithnítear nithe inseachadta ráithiúla maidir le gach gníomh, agus tá gach ceann acu dírithe ar an timpeallacht chun dul i mbun gnó inti in Éirinn a fheabhsú arís eile. Ina theannta sin, aithnítear seacht nAthchóiriú Shuaiteacha sa Phlean. Is gníomhartha ardtionchair a ngabhann spriocdhátaí an-uaillmhianach leo iad seo,

agus cuirtear chun feidhme iad i gcomhpháirtíocht le daoine sinsearacha sa tionscal agus roghnaíodh iad toisc go bhfuil acmhainn acu tionchar a imirt láithreach ar chruthú post.

In 2012, thacaigh Forfás leis an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus lena Roinn i bhforbairt an Phlean Gníomhaíochta do Phoist 2013. Áirítear leis sin: dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara ar fud na hearnála poiblí agus príobháidí, taighde agus anailís agus dréachtú agus foilsiú an Phlean Gníomhaíochta.

Is iad seo a leanas na seacht nAthchóiriú Shuaiteacha:

1. **JobsPlus**
   Thar dhá bhliain, íocfaidh an Stát €1 as gach €4 a chosnaíonn sé ar fhostóir duine atá dífhostaithe go fadtéarmach a earcú ón mBeochlár
2. **Scileanna TFC**
   2,000 gairmí breise is céimí TFC a sholáthar in 2013, agus faoi 2018 a bheith ar thús cadhnaíochta san Eoraip ó thaobh céimithe TFC mar chéatadán de líon iomlán na gcéimithe tríú leibhéal de
3. **Éifeachtúlacht Fuinnimh**
   Cruthóidh an Rialtas Ciste Éifeachtúlachta Fuinnimh ar fiú €70 milliún é chun tacú le 20 mórthionscadal in 2013.
4. **Trádáil Ar Líne**
   2,000 gnó beag eile a spreagadh chun trádáil ar líne in 2013 agus in 2014.
5. **Ceadúnais Ghnó**
   Córas aonair iarratais cheadúnaithe a chruthú do suas le 25 ceadúnas san earnáil miondíola.
6. **Mór-Shonraí**
   Ceann amháin de na príomhthíortha san Eoraip i gcomhair Mór-Shonraí a dhéanamh d'Éirinn.
7. **Mol Nuálaíochta Sláinte**
   Cuirfidh an rialtas lárionad a mbeidh cáil dhomhanda air ar bun chun Éire a bhunú mar áit tosaigh do chuideachtaí nuathionscanta agus do chuideachtaí atá ag fás san earnáil teicneolaíochta leighis agus cúram sláinte.

Tá freagracht ceannais ar Fhorfás as 11 ghníomh sa Phlean do 2013 agus beidh baint dhíreach aige le 20 gníomh eile. Tá na nithe seo a leanas i measc na ngníomhartha a stiúrfaidh Forfás in 2013:

- Tacaíocht do Thascfhórsa Rialtais/Tionscail ar Mhór-Shonraí agus measúnú ar an éileamh atá ar scileanna anailísíochta sonraí.
- Staidéar a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar an éileamh atá ar scileanna ardleibhéil TFC ar fud gach earnáil den gheilleagar in Éirinn.
- Céim ar aghaidh a dhéanamh ar chur chun feidhme córais chomhtháite iarratais cheadúnaithe san earnáil miondíola.
- Measúnú a dhéanamh ar thionchar na n-athchóirithe ar mheicníochtaí socraithe pá earnála ó thaobh chur chun cinn iomaíochas an mhargaidh shaothair de.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar na seirbhísí meantóireachta atá ar fáil do ghnóthais nuathionscanta agus do ghnóthais bheaga in Éirinn agus gníomhartha a ghlacfar ina leith sin a aithint.

- Cláir mheasúnuithe a chur i gcrích ar chláir ghníomhaireachtaí fiontraíochta, agus béim á cur ar chláir forbartha acmhainne agus ar chláir forbartha gnó a fheidhmíonn Fiontraíocht Éireann agus GFT Éireann.

Leanfaidh Forfás ar aghaidh le ról lárnach a imirt sa chóras monatóireachta a bunaíodh don *Phlean Gníomhaíochta do Phoist*, ar meicníocht úsáideach é maidir le seachadadh gníomhartha a chinntiú. Cheap an Rialtas sé chomhpháirtí tionscail chun cabhrú le cur chun feidhme na nAthchóirithe Suaiteach agus tacóidh an grúpa seo earnála príobháidí leis an gCoiste Monatóireachta atá ann cheana féin maidir leis an ngné seo den Phlean Gníomhaíochta.

Plean Gníomhaíochta do Phoist 2013




**Seoladh an *Phlean Gníomhaíochta do Phoist 2013***

*"Tá an Plean Gníomhaíochta do Phoist dírithe ar thacaíocht a thabhairt don aistriú ón seangheilleagar teipthe a bhí ag brath ar réadmhaoin, ar bhaincéireacht agus ar fhiachas i dtreo geilleagar nua inbhuanaithe ar mhórán post atá bunaithe ar fhiontraíocht, ar onnmhairí agus ar nuálaíocht,"* arsa Richard Bruton, TD, an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta (sa phictiúr) ag seoladh an *Phlean Gníomhaíochta do Phoist 2013*

## Athbhreithniú agus Iniúchadh Ceadúnas

Mar chuid den *Phlean Gníomhaíochta do Phoist 2012* (Gníomh 1.49), thug Forfás faoi iniúchadh agus faoi athbhreithniú ar na ceadúnais a theastaíonn ó ghnóthais ar fud phríomhearnálacha an gheilleagair – déantúsaíocht, bia agus deoch, miondíol, fáilteachas agus fóillíocht, bainistíocht dramhaíola, tarlú bóthair agus tógáil – agus rinne sé measúnú ar 159 iarratas san iomlán. Roghnaíodh na hearnálacha sin mar gheall ar an tábhacht eacnamaíoch a bhaineann leo maidir le fostaíocht, maidir leis an tábhacht a ghabhann leo sa gheilleagar intíre agus maidir leis an ualach ard ceadúnaithe a bhraitear a bheith i gceist leo.

Fuarthas amach sa tuarascáil go raibh ar ghnóthais iarratas a dhéanamh ar an iliomad ceadúnas ar fud cuid mhór údaráis cheadúnaithe, rud a chuireann ualach mór riaracháin ar ghnóthais. Fuarthas amach inti freisin nach gá go mbeadh scor de cheadúnais ag teastáil chun

an t-ualach riaracháin sna príomhearnálacha a laghdú, ach go mbeidh sruthlíniú agus feabhsú i bpróisis cheadúnaithe ag teastáil ina ionad sin. Moladh sa tuarascáil córas comhtháite iarratais cheadúnaithe a thabhairt isteach. Is é an toradh a bheidh aige sin ná coigilteas suntasach a bhaint amach ó thaobh ama agus costas de do ghnóthais agus d'fhiontraithe ar fud na tíre, rud a chabhróidh le tuilleadh díobh gnó a thionscnamh, maireachtáil, fás agus, ar deireadh, tuilleadh post a chosaint agus a chruthú.

Tar éis í a fhoilsiú, cheadaigh an Rialtas cur chun feidhme na moltaí sa tuarascáil, lena n-áirítear tabhairt isteach an chórais chomhtháite iarratais cheadúnaithe. Díreofar ar an earnáil miondíola ar dtús faoi dheireadh na bliana 2013. Cuimseoidh an tairseach phíolótach seo iarratais suas le 32 ceadúnas ar fud 15 údarás ceadúnaithe. Táthar ag súil go gcuirfear an córas sin i bhfeidhm in earnálacha eile an gheilleagair agus go bhfágfaidh sé sa mheántéarma gur féidir córais chigireachta agus chomhlíonta níos comhtháite a fhorbairt agus go mbainfear úsáid níos fearr as forfheidhmiú atá bunaithe ar riosca. Mórthionscnamh laistigh den *Phlean Gníomhaíochta do Phoist 2013* de chuid an Rialtais is ea an tionscadal seo agus meastar gur beart ceartaitheach maidir le laghdú a dhéanamh ar an ualach riaracháin agus ar an maorlathas do ghnó é. Beidh ról lárnach le himirt ag Forfás i bpróiseas cur chun feidhme an tionscadail seo in 2013.

## Déantúsaíocht




Sheol Richard Bruton, TD, an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus Ruairí Quinn TD, an tAire Oideachais agus Scileanna *Making it in Ireland - Manufacturing 2020* (Rath a Bhaint Amach in Éirinn - Déantúsaíocht 2020) i mí Aibreáin 2013. Cuireadh an straitéis le chéile mar fhreagra ar an *bPlean Gníomhaíochta do Phoist 2012* inar cuireadh ceanglas ar Fhorfás "fís fhadtéarmach a fhorbairt don earnáil déantúsaíochta agus plean straitéiseach a chur i bhfeidhm chun cabhrú leis an bhfís sin a bhaint amach." Tá an straitéis déantúsaíochta comhlánaithe ag tuarascáil an tSainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí (EGFSN), *Riachtanais Scileanna sa Todhchaí san Earnáil Déantúsaíochta* (féach leathanach 80).

Leagtar amach i *Rath a Bhaint Amach in Éirinn - Déantúsaíocht 2020* na réimsí deise d'earnáil déantúsaíochta na hÉireann i gcomhthéacs an athraithe shuaitigh ar fud an domhain agus i gcomhthéacs na ngníomhartha is gá chun dul i ngleic le bacainní láithreacha agus chun ár gcumas a bhaint amach.

Tá athrú suntasach ag teacht ar dhéantúsaíocht dhomhanda. Beidh sraith éagsúil cumas ag teastáil de réir mar a éiríonn sí níos casta – cumas a thugann deis do gheilleagair forbartha infheistíocht a bhaint amach arís i ngníomhaíochtaí déantúsaíochta. Cuimsíonn déantúsaíocht raon leathan earnálacha agus gníomhaíochtaí. Is réimsí iad sin ina bhfuil láidreachtaí móra ag Éirinn agus soláthraíonn siad sin bonn láidir le haghaidh fás amach anseo.

Cé gur tháinig laghdú ar fhostaíocht i ndéantúsaíocht in Éirinn le deich mbliana anuas, leanann an earnáil le 205,700 duine a fhostú go díreach, agus le thart ar a dhá oiread an fhigiúir sin a fhostú má chuirtear fostaíocht indíreach san áireamh. Cuireann déantúsaíocht fostaíocht ar fáil ar fud raon scileanna agus ar fud gach réigiún na hÉireann. Chuir gnólachtaí déantúsaíochta a fhaigheann tacaíocht ó ghníomhaireachtaí €75 billiún le luach na n-

onnmhairí in 2011 – agus ba mhéadú suntasach é sin ar an €58 billiún a cuireadh leis in 2000. Is príomhthiománaí nuálaíochta í an déantúsaíocht agus d'infheistigh cuideachtaí €740 milliún i T&F in 2009[4].

Léirítear in anailís Fhorfás go bhféadfaí 43,000 glanphost díreach a chruthú faoi 2020 – ag cur leis na spriocanna uileghabhálacha a leagtar amach do 2016 sa *Phlean Gníomhaíochta do Phoist 2012* agus ina dhiaidh sin.

Is iad seo a leanas na réimsí deise:

- Béim ar earnálacha: an méid atá againn a choimeád slán, láidreachtaí a fhorbairt agus cóineasú;
- Feidhmeanna agus gníomhaíochtaí: a chur in oiriúint agus freagairt do dhomhandú;
- Teicneolaíochtaí agus ábhair nua a fhorbairt agus glacadh leis na teicneolaíochtaí agus leis na hábhair sin; agus
- Béim ar acmhainneacht dhúchasach – gnóthais nuathionscanta agus scálú déantúsaíochta.



***Seolann an tAire Bruton agus an tAire Quinn Straitéis Déantúsaíochta Fhorfás***

Sa phictiúr ag saoráid déantúsaíochta Prodieco, tá (ó chlé): An tAire Richard Bruton, Robin Rennick, Cathaoirleach, Prodieco, An tAire Quinn agus Martin D. Shanahan, Príomhfheidhmeannach, Forfás.

Tá cur chuige dhá bheangán ag teastáil chun dul i ngleic le bacainní ar fhás agus chun mórathrú claochlaitheach a bhaint amach ar fud na hearnála déantúsaíochta agus san éiceachóras a thacaíonn léi. Tá achoimre thíos ar roinnt den 61 gníomh atá sa tuarascáil:

- **Dearcthaí a athrú** – tabhairt faoi fheachtas straitéiseach chun *Rath a Bhaint Amach in Éirinn - Déantúsaíocht 2020* a chur chun cinn ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta, ag cinntiú go mbaineann polaiteoirí, ranna rialtais, gníomhaireachtaí agus an lucht tathanta déantúsaíochta úsáid chomhsheasmhach as sraith teachtaireachtaí comhchoiteanna.
- **Dul i ngleic le bacainní:** Athrú struchtúrach a sheachadadh chun dul i ngleic le hiomaíochas coibhneasta costais na hÉireann, go háirithe maidir le costais saothair, le

4 Na sonraí is déanaí atá ar fáil

fóntais, le rialachán agus le costais a bhaineann le réadmhaoin[5]; feabhas a chur ar an infhaighteacht maoinithe do ghnólachtaí dúchasacha agus ar an rochtain atá acu ar mhaoiniú – cistí nua inniúlachta, a bheidh dírithe ar thacú le hinfheistíocht chaipitil, a chur chun feidhme; céim ar aghaidh a dhéanamh ar an gcaibidlíocht leanúnach le Coimisiún an AE maidir le Treoirlínte um Chúnamh Réigiúnach; agus measúnú a dhéanamh ar an acmhainneacht maidir le leas a bhaint as cláir AE atá a bheag nó a mhór gan saothrú go fóill i réimsí amhail innealtóireacht airgeadais, tacaíochtaí caipitil riosca agus cúnamh comhshaoil.

- Tionscnamh Náisiúnta um Athrú Céime a sheachadadh, rud a bheidh dírithe ar chur ar chumas gach cuideachta céim amháin chun tosaigh ó thaobh a scála agus a céime forbartha de. Tá an Tionscnamh Náisiúnta um Athrú Céime roinnte ar fud ceithre cholún chun feabhas a chur ar na nithe seo a leanas:
  - **Táirgiúlacht:** Tionscnamh náisiúnta aonair a sheachadadh trí éascú a dhéanamh ar an rochtain ar an méid seo a leanas: sraith chomhchoiteann seirbhísí comhairleacha, uirlisí tagarmharcála, piarlíonraí, agus oiliúint inghnólachta (cosúil leis an gclár Leadership4Growth) beag beann ar úinéireacht.
  - **Rochtain idirnáisiúnta** trí fhorbairt spriocdhírithe scileanna, trí phiarfhoghlaim agus trí chomhoibriú; béim leanúnach a chur ar chaidreamh straitéiseach trádála a fhorbairt; agus cuideachtaí déantúsaíochta a éascú chun obair le chéile ar mhaithe le táirgí/seirbhísí comhlántacha a thabhairt le chéile chun leas a bhaint as deiseanna margaidh.
  - **Cumas nuálach** trí rannpháirtíocht mhéadaithe leibhéal an ghnólachta i T&F, lena n-áirítear na gnólachtaí siúd nach raibh chomh gníomhach sin go dtí seo (cosúil le gnólachtaí innealtóireachta faoi úinéireacht eachtrach); bearta tacaíochta a fheabhsú do ghnólachtaí agus teicneolaíocht agus nithe nua á nglacadh acu; riachtanais taighde tionscail a chinneadh, agus tagairt ar leith á déanamh d'innealtóireacht, a bhfuil tearcionadaíocht déanta ina leith go dtí seo; agus measúnú a dhéanamh ar an indéantacht a bhaineann le heagraíocht teicneolaíochta taighde fheidhmigh (RTO) a chur ar bun.
  - **Naisc agus comhoibriú:** an tionscnamh um Fhoinsiú Domhanda a chur chun feidhme ar mhaithe le líon na n-earraí agus na seirbhísí a cheannaíonn cuideachtaí ilnáisiúnta ó fhoinsí Éireannacha a bharrfheabhsú; agus feasacht a ardú i measc fiontair bheaga agus mheánmhéide ar chaighdeáin agus ar chreidiúnú.
- **Bonneagair.** Tús áite a thabhairt d'infheistíocht i mbonneagair iompair agus leathanbhanda chun tacú le gnólachtaí déantúsaíochta a oibríonn i dtimpeallacht dhomhanda idirnasctha; agus a chinntiú go bhfuil meicníochtaí cuí maoinithe ar fáil chun ard-réadmhaoine tionsclaíocha/réadmhaoine seirbhísithe tionsclaíocha a fhorbairt.

Tá na scileanna agus an cumas atá ag daoine chun obair i ndéantúsaíocht ríthábhachtach maidir le fás agus le rath amach anseo. Fuair *Rath a Bhaint Amach in Éirinn – Déantúsaíocht 2020* treoir ó thuarascáil ón EGFSN Riachtanais Scileanna sa Todhchaí san Earnáil Déantúsaíochta atá leagtha amach ar leathanach 80 den tuarascáil seo

5 léiríonn na gníomhartha seo atá sa tuarascáil déantúsaíochta iad sin atá leagtha amach níos mine i gCostais a bhaineann le Gnó a Dhéanamh – leathanach 69 den tuarascáil seo

Tá iarracht chomhordaithe chomhbheartaithe ag teastáil chun an t-athrú céime a sheachadadh a éilíonn an Rialtas, gníomhaireachtaí, comhlachtaí tionscail, comhlachtaí a dhéanann ionadaíocht d'fhostaithe agus gnólachtaí a sheachadadh má tá acmhainneacht amach anseo ag dhéantúsaíocht in Éirinn le baint amach.  Imreoidh an Fóram Forbartha Déantúsaíochta, le tacaíocht ón RPFN, ról tábhachtach maidir leis an mbéim a choinneáil ar dhéantúsaíocht thar an bhliain seo atá le teacht.

Rath a Bhaint Amach in Éirinn:Déantúsaíocht 2020

## Earnáil Tógála na hÉireann: Ionchas agus Plean Straitéiseach go 2015

Iarradh sa *Phlean Gníomhaíochta do Phoist 2012* ar Fhorfás agus ar an RPFN straitéis náisiúnta a fhorbairt, i gcomhairle le páirtithe leasmhara, don earnáil tógála suas go 2015 ina leagfaí amach na deiseanna, na dúshláin agus na gníomhartha is gá chun acmhainneacht na hearnála a bhaint amach, chun saineolas a choinneáil in Éirinn agus chun leanúint le cumas a fhorbairt sna blianta amach romhainn.

In *Earnáil Tógála na hÉireann: Ionchas agus Plean Straitéiseach go 2015*, tugtar measúnú ar aschur ionchasach intíre suas go 2015, déantar athbhreithniú ar acmhainneacht idirnáisiúnaithe na hearnála agus leagtar amach 36 gníomh atá dírithe ar fhilleadh na hearnála ar bhealach fáis inbhuanaithe a luathú.

Leagtar béim sa tuarascáil gur chuir an earnáil tógála méid mór agus ríthábhachtach i gcónaí leis an ngeilleagar agus leis an tsochaí agus go leanann sí ar aghaidh le bheith an-tábhachtach maidir le fás na hÉireann sa todhchaí. Comhlíonann sí dhá ról. Ar an gcéad dul síos, mar earnáil féin, soláthraíonn sí poist atá dáilte ar fud na réigiún uile ar fud raon gairmeacha agus leibhéil scileanna, agus is príomhghineadóir saibhris sa gheilleagar í. Ar an dara dul síos, déanann sí an bonneagar agus na foirgnimh a mbíonn gach tionscal eile agus an tsochaí ag brath orthu a sholáthar agus a chothabháil. I dtaca leis sin, is toisc ríthábhachtach iomaíochais í – mar bhonn agus thaca ag infheistíocht agus ag fás fiontraíochta.

Tar éis tréimhse fhada ina raibh fás inbhuanaithe san earnáil, tá an earnáil ag crapadh go mór agus ag athchoigeartú do choinníollacha nua margaidh faoi láthair. Laghdaigh fostaíocht ó bhuaic de bheagnach 270,000 duine in 2007 go 96,300 duine i Ráithe 1 2013, agus laghdaigh aschur ó bhuaic 25 faoin gcéad de OTN in 2006 go dtí thart ar 6.4 faoin gcéad in 2012.




### Lá Bliantúil Idirnáisiúnta GMIT um Bainistíocht Tógála

Comhairleoir Sinsearach Beartais Fhorfás, an Dr Celine McHugh, ag tabhairt cur i láthair ag Lá Bliantúil Idirnáisiúnta GMIT um Bainistíocht Tógála i mí an Mhárta 2013

Tá deis ann le haghaidh idirnáisiúnú méadaithe a bhaint amach, agus d'éirigh le roinnt gnólachtaí Éireannach tógála a gcuid gnóthas a athdhíriú chun deiseanna gnó thar lear a thapú. Mar is amhlaidh i gcás geilleagair forbartha eile, áfach, leanann an margadh intíre le tionchar mór a imirt ar fheidhmíocht na hearnála i gcoitinne.

Léiríonn an staid i dtaca le haschur intíre go 2015 a chuirtear i láthair sa tuarascáil go mbeidh téarnamh mall agus nach dóigh don earnáil leibhéal barrmhaith aschuir de 12 faoin gcéad den OTN a bhaint amach faoi 2015. Tugtar rabhadh sa tuarascáil go bhfuil an baol ann go ndéanfar infheistíocht in áiteanna eile a mbímid san iomaíocht leo, mar gheall ar leibhéil ísle leanúnacha i ngníomhaíocht tógála agus mar gheall ar an leibhéal laghdaithe acmhainne atá ann chun freastal go leordhóthanach ar riachtanais bhonneagair agus tógála an gheilleagair. Áitítear inti freisin nach mór béim a choinneáil ar chumas agus ar iomaíochas na bhfiontar tógála a athneartú i bhfianaise na bhfeabhsuithe leanúnacha teicneolaíochta agus riachtanais an chláir ghlais.

Díríonn gníomhartha in *Earnáil Tógála na hÉireann: Ionchas agus Plean Straitéiseach* ar chúig réimse thábhachtacha:

1. **Bacainní a bhaint agus muinín a atógáil as an margadh intíre:** a chinntiú go dtéann an clár caipitil phoiblí agus an pacáiste spreagthaí atá sceidealta ar aghaidh gan mhoill; a chinntiú go dtugtar iarrachtaí chun foinsí eile maoinithe phríobháidigh do PPPanna chun críche go rathúil; tionscnaimh éifeachtúlachta fuinnimh a luathú; réitigh chuí mhaoinithe a thabhairt ar aghaidh chun a chinntiú go bhfuil soláthar leordhóthanach réiteach tógála ann le haghaidh infheistíocht dhíreach eachtrach; straitéis NAMA (rochtain ar an margadh neamhthalmhaíochta) a chur in iúl a mhéid is féidir; athchóirithe a bhrú chun cinn i bpleanáil agus i soláthar tógála; agus athbhreithniú a dhéanamh ar chonradh reatha an Rialtais.
2. **Tuilleadh idirnáisiúnaithe a bhrú chun cinn:** cur le hobair Fhiontraíocht Éireann chun rannpháirtíocht an tionscail a chur chun cinn go gníomhach i gcláir forbartha bainistíochta; ceardlanna a chur i bhfeidhm ar shaincheisteanna dlí/teicniúla a bhaineann le margaí thar lear; dul i dteagmháil a thuilleadh le heagraíochtaí Stáit a d'fhéadfadh tairiscint idirnáisiúnta a fhorbairt
3. **Iomaíochas agus nuálaíocht a neadú:** an costas a bhaineann le tógáil a laghdú trí mhoratóir laghdaithe nó sealadach ar thobhaigh forbartha; tuilleadh gnólachtaí san

earnáil a spreagadh chun glacadh le prionsabail Ghnó Bharainnigh; úsáid Bhainistíochta Faisnéise Foirgneamh (BIM); dearbháin agus comhpháirtíochtaí nuálaíochta a chur chun cinn go leanúnach don earnáil, agus rannpháirtíocht mhéadaithe a bheith ann idir an tionscal agus an earnáil tríú leibhéal; agus feasacht phoiblí a bhrú chun cinn ar na hiarmhairtí diúltacha a bhaineann le trádáil an scáthgheilleagair.

4. **A chinntiú go bhfuil an earnáil oilte le seachadadh:** a chinntiú go bhfreastalóidh an t-athbhreithniú atá le teacht ar an tsamhail phrintíseachta ar riachtanais scileanna na hearnála sa todhchaí; céim ar aghaidh a dhéanamh ar an tionscnamh Scileanna a Thógáil chun gníomhartha a théann i ngleic le bearnaí scileanna 'glasa' a chur san áireamh; tabhairt faoi chlár forbartha bainistíochta Skillnets, ar a dtugtar 'Management Works', a chur chun cinn ar bhealach spriocdhírithe d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide thógála; agus cláir idirnáisiúnta shocrúchán céimithe a chur chun cinn go gníomhach do ghnólachtaí tógála.
5. **Rialachas a bhunathrú:** Teach Imréitigh Fiontar Tógála a bhunú (chun seachadadh na straitéise agus clár rollach oibre na ngníomhartha a bhrú chun cinn); agus anailís láraithe a athbhunú ar shonraí cuí a bhaineann leis an earnáil tógála chun a chinntiú go ndéanfar monatóireacht éifeachtach ar aschur agus ar fheidhmíocht.

Tugadh roinnt gníomhartha sonracha ar aghaidh sa *Phlean Gníomhaíochta do Phoist 2013* lena seachadadh in 2013, ag eascairt ó mholtaí Fhorfás i leith na hearnála.

## Measúnuithe ar Chláir Ghníomhaireachtaí – Taighde, Forbairt agus Nuálaíocht

Chuir Forfás creat measúnaithe le chéile chun cur chuige córasach a threorú i leith measúnuithe a dhéanamh ar chláir ghníomhaireachtaí fiontraíochta. Fuair an creatchlár measúnaithe treoir ón dea-chleachtas idirnáisiúnta agus leagtar síos ann na modheolaíochtaí agus an cur chuige a nglacfar leo chun an oiread comhtháthaithe agus inchomparáideachta agus is féidir a chinntiú sna measúnuithe ar fad.

In 2012, rinne Forfás dul chun cinn ar a mheasúnú ar thart ar 70 clár atá á seachadadh ag na gníomhaireachtaí forbartha fiontraíochta – GFT Éireann, Fiontraíocht Éireann, Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus na Boird Forbartha Contae. Is é cuspóir iomlán na measúnuithe ná treoir a thabhairt maidir le húsáid bharrmhaith acmhainní i dtimpeallacht shrianta chun cuspóirí beartais fiontraíochta a chomhlíonadh.

Cuireadh measúnuithe i gcrích go luath in 2012 ar na tacaíochtaí atá ar fáil do ghnólachtaí nuathionscanta agus don fhiontraíocht, agus tuairiscíodh na torthaí i dtuarascáil bhliantúil Fhorfás do 2011. Cuireadh an bhéim ba mhó le linn 2012 ar mheasúnuithe a dhéanamh ar na cláir a bhaineann le taighde, forbairt agus nuálaíocht (TF&N).

Cuireadh measúnuithe i gcrích i gcás aon idirghabháil déag[6] sa réimse TF&N, agus bhíothas ag díriú orthu siúd a raibh rannpháirtíocht dhíreach le gnóthais i gceist leo. Is ionann na cláir a ndearnadh measúnú orthu agus thart ar 27 faoin gcéad den chaiteachas poiblí ar T&F.

6 Déanfar measúnú ar na Lárionaid Teicneolaíochta in 2013

## Torthaí agus Príomhtheachtaireachtaí

Rinneadh measúnú ar na cláir ar roinnt bealaí: ina gceart féin, mar ghnéithe den réimse téamach ábhartha, agus faoi raon an bheartais uileghabhálaigh fiontraíochta. Go ginearálta, fuarthas amach go raibh na tionscnaimh aonair cuí agus ar chomhréim leis an mbeartas; éifeachtach maidir le cuspóirí sonraithe a bhaint amach; agus éifeachtúil. I roinnt cásanna, rinneadh na cláir a fheabhsú agus/nó a mhodhnú le linn an mheasúnaithe, ag léiriú go mbíonn siad á scagadh go leanúnach mar gheall ar Chóras Nuálaíochta Náisiúnta (NIS) na hÉireann a bhíonn ag athrú i gcónaí, mar gheall ar chúinsí eacnamaíocha agus ar riachtanais chliant a bhíonn ag athrú.

Imríonn gach ceann de na cláir a ndearnadh measúnú orthu róil atá measartha éagsúil le chéile laistigh de Chóras Nuálaíochta Náisiúnta na hÉireann, rud atá réasúnta anabaí. Clúdaíonn na hidirghabhálacha speictream an Chórais Nuálaíochta Náisiúnta, agus tá na gnéithe a bhaineann le brú na teicneolaíochta agus le tarraingt an mhargaidh i gceist leo. Tá sé mar aidhm dheiridh ag gach ceann de na hidirghabhálacha a ndearnadh measúnú orthu táirgí agus seirbhísí atá nuálach a fhorbairt agus a sheachadadh chuig an margadh agus/nó próisis nuálacha a thabhairt isteach chun iomaíochas agus táirgiúlacht a fheabhsú. Mar sin féin, tá torthaí agus méadracht feidhmíochta éagsúil le chéile, ag brath ar an gclár. Sheachaid an tsraith clár torthaí cainníochtúla eacnamaíocha go comhchoitianta, mar aon le hathruithe iompraíochta.

Cabhróidh na torthaí ó na measúnuithe le forbairt beartais Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta amach anseo a threorú. Díreoidh Forfás ar an réimse téamach atá fágtha agus a bhaineann le tacaíochtaí forbartha gnó le linn 2013, rud lena mbaineann raon leathan de thart ar 40 clár atá dírithe ar fhorbairt acmhainne agus cumais. Áirítear leis sin deontais le haghaidh infheistíocht agus síntí láithreán úrnua, tacaíochtaí le haghaidh forbairt cheannaireachta, oiliúna agus táirgiúlachta agus cláir mheantóireachta etc.



### Comhdháil Bhliantúil Chumann Réigiún na hÉireann 2012

Sa phictiúr, ó chlé, tá Declan Hughes, Forfás; An Comhairleoir Tomás Breathnach, Cathaoirleach Chumann Réigiún na hÉireann; An Comhairleoir Marie Fitzpatrick, Cathaoirleach Chomhairle Contae Chill Chainnigh; Liam Conneally, Rúnaí Oinigh Chumann Réigiún na hÉireann; John Whelan, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Cumann Onnmhaireoirí na hÉireann; Robert Collins, Oifig Réigiún na hÉireann.

## Forbairt Earnála

Imríonn Forfás ról lárnach maidir le clár oibre comhtháite a fhorbairt atá dírithe ar earnálacha fiontraíochta a fhorbairt in Éirinn i gcomhthéacs iomaíochas domhanda méadaithe. Oibríonn Forfás leis na gníomhaireachtaí forbartha fiontraíochta agus le páirtithe leasmhara eile chun athbhreithniú leanúnach a dhéanamh agus chun tús áite a thabhairt do bhacainní sonracha earnála agus nó cumasóirí d'fhonn cur le forbairt beartais, le gníomhaíochtaí riachtanacha agus le cur chun feidhme.

Sonraítear sa tsraith cúram forbartha ag Forfás clár oibre trasghníomhaireachta comhaontaithe. I ndiaidh na dtosaíochtaí comhaontaithe gníomhaireachta agus an cur chuige d'fhorbairt earnála a leagan amach go soiléir, úsáideadh na cúraimí earnála go héifeachtach chun cur le *Tuarascáil an Ghrúpa Stiúrtha Náisiúnta um Beartú Tosaíochta Taighde* agus le *Plean Gníomhaíochta Fostaíochta Réigiún an Oirdheiscirt*. Baineadh úsáid astu freisin chun eolas a thabhairt do dheiseanna earnála agus do ghníomhaíochtaí tacaíochta atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaíochta do Phoist 2012.

Chuir Forfás athbhreithniú i gcrích freisin ar phleanáil leanúnachais ghnó don aimsir chrua don RPFN.

## Feidhmíocht Trádála agus Infheistíochta

Leagtar síos i Straitéis an Rialtais ar Thrádáil, Turasóireacht agus Infheistíocht, sraith gníomhaíochtaí le haghaidh théarnamh inbhuanaithe gheilleagar na hÉireann, trí fhás atá dírithe ar onnmhairí. Bhí baint lárnach ag Forfás le hullmhú na Straitéise sin agus tá sé páirteach i monatóireacht a dhéanamh ar thionchar na ngníomhartha maidir le spriocanna uaillmhianacha a chomhlíonadh le haghaidh fáis in onnmhairí earraí agus seirbhísí agus in infheistíocht dhíreach eachtrach. Tuairiscítear dul chun cinn don Chomhairle Trádála Easpórtála, atá faoi chathaoirleacht an Tánaiste agus an Aire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála.

Tá Forfás ina bhall den Chomhairle Trádála Easpórtála agus le linn 2012 rinne sé measúnú ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ar na spriocanna atá leagtha amach sa Straitéis ar Thrádáil, Turasóireacht agus Infheistíocht, ag baint leasa as staidreamh ar thrádáil agus ar infheistíocht na hÉireann agus as suirbhéanna Fhorfás ar mhaithe le tuiscint níos leithne a fhorbairt ar an ról a imríonn fiontar i staid dhomhanda na hÉireann ó thaobh trádála, turasóireachta agus infheistíochta de a fheabhsú. Tagann an Chomhairle Trádála Easpórtála le chéile ar bhonn débhliantúil. Ar an iomlán, tugadh dul chun cinn a bhí go han-mhaith agus ar aon dul le spriocanna faoi deara sa tuarascáil do 2011, ach taifeadadh fás níos measartha in onnmhairí foriomlána in 2012.

## Príomhthíortha i gcomhair Comhpháirtíochtaí Eacnamaíocha

Tá coincheap na Comhpháirtíochta Eacnamaíche (EP) neadaithe go domhain i Straitéis an Rialtais ar Thrádáil, Turasóireacht agus Infheistíocht, rud a bhfuil an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta (RPFN) ag glacadh leis an ról ceannais ó thaobh beartas trádála de ina leith. Tá Forfás ag obair go dlúth leis an RPFN agus leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála chun na comhpháirtíochtaí eacnamaíocha sin a fhorbairt, agus tá béim á cur ar dtús ar na geilleagair ardfháis agus atá ag teacht chun cinn, faoi mar atá leagtha amach sa Straitéis ar Thrádáil.

In 2012, ullmhaíodh plean mionsonraithe gníomhaíochta d'fhonn comhpháirtíocht eacnamaíoch a fhorbairt leis an tSín. Aithnítear ann réimsí tosaigh deise do chomhoibriú,

maidir le naisc eacnamaíocha atá sainithe go leathan, lena n-áirítear infheistíocht dhíreach eachtrach (FDI) agus infheistíocht dhíreach amach (ODI), onnmhairí agus allmhairí, T&F, oideachas agus turasóireacht. Tugadh faoi chomhairliúchán leathan le gníomhaireachtaí, le ranna rialtais agus le gnóthais ábhartha chun na deiseanna straitéiseacha a mheas agus chun príomhréimsí gníomhaíochta a aithint. Rinne an Grúpa Oibre ar an tSín breithniú air agus é faoi choimirce Roinn an Taoisigh. Is í an tSín an comhpháirtí is mó trádála atá ag Éirinn san Áise agus tá géarghá le gníomh comhleanúnach chun an lánacmhainneacht a bhaint amach do thrádáil agus d'infheistíocht sa todhchaí.

## Straitéis Athbhreithnithe i leith Margaí Ardfháis

Le linn 2012, d'oibrigh Forfás agus an RPFN le chéile ar athbhreithniú na Straitéise i leith Margaí Ardfháis.

Thug Forfás faoi mheasúnú cainníochtúil agus cáilíochtúil d'fhonn tíortha tosaíochta a thuiscint, bunaithe ar mhéid an mhargaidh, ar an acmhainneacht fáis, ar an méid oscailteachta agus ar an gcion atá ag cuideachtaí Éireannacha iontu faoi láthair. Chuir taighde breise ar ghearrliosta tíortha leis sin, rud ina ndearnadh measúnú ar dheiseanna i gcomhair comhpháirtíochtaí eacnamaíocha ó thaobh earnálacha sonracha trádáilte, infheistíochta, turasóireachta, taighde agus forbartha, oideachais, turasóireachta agus cultúir de. Chuathas i gcomhairle leis an lucht gnó, le gníomhaireachtaí forbartha agus le páirtithe leasmhara eile maidir lena gcuid margaí tosaíochta reatha, agus rinneadh measúnú ar na hacmhainní ambasáide agus gníomhaireachta atá ann faoi láthair i margaí ar leith.

Mar thoradh air sin, cuireadh straitéis athbhreithnithe i leith margaí ardfháis le chéile, rud ina bhfuil liosta de thíortha agus de réimsí tosaíochta. Tá an anailís agus na moltaí a tháinig aisti bunaithe ar chur chuige leathan i leith comhpháirtíocht eacnamaíoch, inar breithníodh raon iomlán an chaidrimh eacnamaíoch atá ann idir Éirinn agus an tír eile agus ina bhfuil deiseanna ag an dá thír rath a bhaint amach. Tá sé beartaithe go soláthróidh an straitéis athbhreithnithe treoir agus deis d'Éirinn ina hiomláine, rud a éileoidh díriú acmhainní agus iarrachta thar roinnt blianta.



### Seoladh an dara tuarascáil dul chun cinn ar Harvest 2020

Sa phictiúr ag seoladh *Gharspriocanna na Rathúlachta 2012* (sa líne chúil, ó chlé), tá: Aidan Cotter Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Bord Bia; Declan Hughes, Bainisteoir Rannáin, Forfás; agus Julie Sinnamon, Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Fiontraíocht Éireann, (sa líne thosaigh, ó chlé) Simon Coveney TD, an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara; agus Lynn Broderick, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Rúnaí an Ghrúpa.

## Plean Gníomhaíochta chun na Costais a bhaineann le hOnnmhairiú a Laghdú

Sa *Phlean Gníomhaíochta do Phoist 2012*, leagadh amach an uaillmhian chun inneall dúchasach fáis a thógáil, rud a mhéadódh an sciar den mhargadh onnmhairí atá ag cuideachtaí Éireannacha. Éilíodh sa *Phlean Gníomhaíochta do Phoist 2012* ar Fhorfás agus ar an RPFN anailís a dhéanamh ar na costais a bhaineann le honnmhairiú agus plean gníomhaíochta a leagan amach ar mhaithe leis na costais sin a laghdú. Le linn 2012, d'oibrigh Forfás i gcomhar le raon páirtithe leasmhara agus cuideachtaí atá lonnaithe in Éirinn chun measúnú a dhéanamh ar na costais a bhaineann le honnmhairiú agus, ar an dara dul síos, réimsí ar leith ina bhféadfadh gníomh beartais na costais sin a laghdú a aithint. Déantar moltaí faoi na ceannteidil seo a leanas sa phlean gníomhaíochta deiridh: costais a thuiscint agus a bhainistiú; costais loingseoireachta; costais aeir; costais bhóthair; costais éascaithe trádála, costais onnmhairithe a bhaineann le taighde margaidh, le díolacháin agus le margaíocht; agus costas airgeadais.

## Fiontar Sóisialta

Rinne Forfás athbhreithniú ar an acmhainneacht atá ag fiontar sóisialta poist a chruthú in 2012. Thug Forfás faoi obair fhairsing allamuigh ar fud na tíre agus reáchtáil sé ceardlanna agus comhairliúcháin ar an topaic seo le linn 2012 mar thaighde cúlra chun an tuarascáil a críochnaíodh i mí na Nollag 2012 a threorú.

Aithnítear sa tuarascáil na gníomhartha atá ag teastáil ó thaobh forbairt acmhainne, maoinithe agus soláthair de chun acmhainneacht post na hearnála a bhaint amach. Rinneadh scrúdú inti ar thionscnaimh sa réimse seo agus ullmhaíodh í agus tagairt ar leith á déanamh do Thionscnamh Gnó Shóisialta an Choimisiúin Eorpaigh agus don mhaoiniú a bhaineann leis.

Ba iad seo a leanas na príomhthorthaí sa tuarascáil:

- Fostaíonn an earnáil fiontair shóisialta idir 25,000 duine agus 33,000 duine i níos mó ná 1,400 fiontar sóisialta, agus saothraíonn sí ioncam de thart ar €1.4 billiún in aghaidh na bliana.
- Is cuid bheag atá ag fás den bhonn agus den éiceachóras fiontraíochta é fiontar sóisialta agus tá acmhainneacht aige tuilleadh gnóthachain phost a chur ar fáil agus acmhainneacht eacnamaíoch a sheachadadh. Tá riachtanas léirithe, agus margadh léirithe araon, i gcomhair fiontar sóisialta in Éirinn. Má dhéantar í a chumasú agus a chur chun cinn go cuí, is cosúil gur féidir acmhainneacht post a mhéadú san earnáil.

Déantar 22 moladh sa tuarascáil, lena n-áirítear:

- An gá atá le beartas fiontair shóisialta a fhorbairt in Éirinn agus le freagracht rannach as beartas fiontair shóisialta a shannadh laistigh den rialtas, faoi stiúir na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Is gá aitheantas a thabhairt d'fhiontar sóisialta tráchtála i bhforbairt agus i mbeartas fiontraíochta.
- Machnamh a dhéanamh ar an dóigh is fearr chun acmhainn a fhorbairt san earnáil ar mhaithe lena chinntiú go bhfuil fiontair shóisialta réidh le hinfheistíocht a dhéanamh agus go bhfuil pleananna straitéiseacha níos fadtéarmaí acu chun cabhrú le feabhas a chur ar rochtain ar mhaoiniú.

- Bacainní a bhaint ar rochtain a fháil ar dheiseanna soláthair phoiblí agus cumas na hearnála a fhorbairt maidir le rochtain a fháil ar nósanna imeachta tairisceana.
- 'An geilleagar sóisialta agus fiontair shóisialta a chur chun cinn' a fholú mar cheann de na tosaíochtaí infheistíochta faoi na pleananna oibríochta do Chiste Sóisialta na hEorpa agus do Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa 2014–2020.

## Micrea-obair

Le linn 2012, rinne Forfás scrúdú ar an acmhainneacht maidir le tionscnamh micrea-oibre in Éirinn. Is féidir micrea-obair a shainmhíniú mar obair a dhéantar do chuideachtaí, do dhaoine aonair nó do ghrúpaí pobail nó deonacha, ar bhonn íoctha nó neamhíoctha, i dtréimhse trí huaire nó níos lú nuair nach dtugann an t-oibrí ná an t-eintiteas a chuireann an obair ar fáil le tuiscint go bhfuil aon tiomantas leanúnach ann chun leanúint ar aghaidh leis an socrú céanna.

Rinne Forfás scrúdú ar shamplaí i dtíortha eile chun cabhrú le micrea-obair, lena n-áirítear roinnt cásanna grinne staidéir a fhorbairt. Is é atá sa tuarascáil torthaí agus moltaí atá dírithe ar chur ar chumas micrea-oibre teacht i dtreis in Éirinn.

Thángthas ar roinnt conclúidí, lena n-áirítear:

- Is féidir go bhfuil ról ag micrea-obair i solúbthacht a mhéadú sa mhargadh saothair; is féidir léi cur le fostaíocht agus le hiomaíochas fiontair; is féidir le micrea-obair gníomhú freisin mar éascaitheoir oibre deonaí i gcoitinne agus i gcás fiontar sóisialta araon.
- Má tá micrea-obair chun rath a bhaint amach, is gá deimhniú seachtrach neamhspleách a dhéanamh ar an tairiscint agus ar na daoine a chuireann iad féin ar aghaidh (toisc nach gá go soláthraíonn micrea-obair fíordheis chun measúnú ar an jab a dhéanamh ar oiriúnacht an duine lena mbaineann ar feadh na n-uaireanta a thairgtear).
- Aithníodh roinnt athruithe a bheadh cabhrach maidir le reachtaíocht saothair agus le córais chánachais agus slándála sóisialaí agus a d'éascódh micrea-obair.

Ba é conclúid an athbhreithnithe ná gur féidir le micrea-obair cur le feidhmiú éifeachtúil an mhargaidh shaothair i gcoitinne, le deiseanna a sholáthar do rochtain a bheith ag daoine aonair ar obair ghearrama, agus le cuspóir an Rialtais a chomhlíonadh maidir le daoine dífhostaithe agus tearcfhostaithe (atá ar an mBeochlár agus nach bhfuil ar an mBeochlár araon) a choinneáil i dteagmháil leis an margadh saothair. Go háirithe, léiríonn an t-athbhreithniú ar an bhfianaise i dtíortha eile gur féidir le micrea-obair bealach isteach sa lucht saothair, mar aon le tairbhí breise a bhaineann le sóisialú agus le caipiteal sóisialta, a chur ar fáil.

## Beartas Comhshaoil

Tá ról leanúnach ag Forfás maidir le hanailís agus le comhairle atá láidir agus bunaithe ar fhianaise a sholáthar ar bheartais chomhshaoil náisiúnta, ar bheartais chomhshaoil an AE agus ar bheartais chomhshaoil dhomhanda a théann i bhfeidhm ar an earnáil fiontraíochta. Rinne Forfás an méid seo a leanas in 2012:

- Thug sé tacaíocht don RPFN maidir le *Plean Gníomhaíochta an Gheilleagair Ghlais* a fhorbairt;
- Sholáthair sé ionchur ar réimsí beartais chomhshaoil amhail an *Straitéis Náisiúnta um Fhorbairt Inbhuanaithe* agus an Tionscnamh Airgeadais um Aeráid Ghlas;
- Chuaigh sé i dteagmháil leis an ECFE ar Fhiontraíocht Ghlas, ar Éicea-Nuálaíocht agus ar ghrúpa oibre fiontar beag agus meánmhéide agus rinne sé comhordú ar ionchur na hÉireann i dtuarascáil an ghrúpa;
- Lean sé de bheith páirteach, agus béim á cur aige ar fhiontraíocht, sa Ghrúpa Comhairleach Náisiúnta um Leithdháileadh de chuid na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil, a dhéanann maoirseacht ar chur chun feidhme Scéim Trádála Astuithe an AE in Éirinn; agus
- Chuir sé le forbairt thuarascáil na Comhairle Náisiúnta Eacnamaíochta agus Sóisialta ar athrú aeráide, *An Dúshlán Athraithe Aeráide roimh Éirinn: 'Cé Mhéad' a Nascadh le 'Conas'*.

Cuireann obair bheartais chomhshaoil Fhorfás dearcadh fiontraíochta ar fáil ionas go bhforbraítear beartais atá beartaithe ar bhealach atá cothrom agus cóir agus a d'fhéadfadh fás eacnamaíoch agus poist a chruthú nuair is féidir. Leanfaidh Forfás ar aghaidh le monatóireacht a dhéanamh ar shaincheisteanna beartais chomhshaoil atá tábhachtach don earnáil fiontraíochta agus ar dheiseanna an gheilleagair ghlais in 2013.




### Seoladh an Mhonatóra Fiontraíochta Domhanda, le tacaíocht ó Fhorfás

Sa phictiúr, ó chlé, tá: Paula Fitzsimons, Comhordaitheoir Náisiúnta an Mhonatóra Fiontraíochta Domhanda; Richard Bruton TD, an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta; Kathleen Lynch TD, an tAire Míchumais, Comhionannais, Meabhairshláinte agus Daoine Scothaosta; Colm Mac Fhionnlaoich, Bainisteoir Onnmhaireoirí Féideartha, Fiontraíocht Éireann; agus Declan Hughes, Bainisteoir na Rannóige Fiontar agus Trádála, Forfás.

# Eolas agus Nuálaíocht

"…..is féidir linn todhchaí gheal a thógáil atá tacaithe ag bonn láidir nuálaíochta den scoth san eolaíocht agus sa teicneolaíocht a fhaigheann treoir ó eitic chomhaimseartha atá bunaithe ar cheartas agus atá dírithe ar riachtanais an mhóráin seachas ar eachtraí amhantracha an bheagáin."

Michael D. Higgins, Uachtarán na hÉireann, ag ESOF2012

# Suirbhéanna T&F

Déanann Forfás suirbhéanna agus bailíonn sé agus anailísíonn sé sonraí chun maoirseacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí taighde, forbartha agus nuálaíochta in Éirinn. Áiríodh leis na gníomhaíochtaí sin in 2012:

| |
|---|
| Suirbhé ar Thaighde agus ar Fhorbairt Ardoideachais (HERD) |
| Suirbhé ar Infheistíocht Stáit i T&F |

### Soláthar Sonraí Eurostat agus OECD

Tá Éire faoi shainordú de réir dhlí staitistiúil na hEorpa chun sonraí tráthúla faoi T&F in earnálacha éagsúla gheilleagar na hÉireann a chur ar fáil do Eurostat agus don ECFE. Is ar bhonn ráithiúil a sholáthraíonn Forfás cuid mhór de na sonraí. Baineann na sonraí le T&F ardoideachais (taighde agus forbairt ardoideachais) (HERD)), caiteachas gnó ar T&F (BERD), ollchaiteachas ar T&F (GERD), caiteachais rialtais ar T&F (GovERD) lena n-áirítear meastacháin T&F bunaithe san ospidéal, agus leithreasaí agus eisíocaíochtaí ar T&F a dtugann an Rialtas tacaíocht dóibh (GBAORD). Eascraíonn na sonraí ó shuirbhéanna curtha i gcrích ag Forfás agus an CSO ar BERD (débhliantúil), ar HERD (débhliantúil), ar Bhuiséid Eolaíochta (bliantúil), agus ar an Suirbhé um Nuálaíocht Phobail (débhliantúil).


### Suirbhé ar Thaighde agus ar Fhorbairt Ardoideachais (HERD)

Suirbhé débhliantúil a chuireann Forfás i gcrích is ea an *Suirbhé T&F Ardoideachais*. Dírítear sa tuarascáil ar na gníomhaíochtaí taighde agus forbartha (T&F) a dhéantar san earnáil ardoideachais agus déantar anailís inti ar chaiteachas T&F agus sonraí pearsanra T&F in ollscoileanna agus in institiúidí teicneolaíochta ar fud na tíre.

Léirítear sna figiúirí go raibh dul chun cinn á dhéanamh ag Éirinn suas go dtí 2008 ar an méid T&F a dhéantar san earnáil ardoideachais a mhéadú. Sa tréimhse 2002-2008, mhéadaigh caiteachas T&F a dhéantar san earnáil ardoideachais (HERD) breis agus trí oiread i dtéarmaí ainmniúla. B'ionann é agus beagnach €750 milliún ar a bhuaic in 2008. Mar sin féin, bhí cúngú ar HERD in 2010, agus thuairiscigh institiúidí ardoideachais in Éirinn meath 5.5 faoin gcéad. B'ionann HERD san iomlán agus €708 milliún in 2010.

Ina ainneoin seo, tháinig feabhas go pointe áirithe ar fheidhmíocht choibhneasta na hÉireann i gcomparáid lena hOlltáirgeacht Náisiúnta (OTN), dá dtagraítear mar ráta déine HERD corruair. Bhog sí ó 0.49 faoin gcéad in 2008 go 0.54 faoin gcéad in 2010. Idir 2000 agus 2010, mhéadaigh HERD mar chéatadán d'OTN (ráta déine HERD) ó 0.26 faoin gcéad go 0.54 faoin gcéad. Ós rud é gur laghdaigh caiteachas T&F idir 2008 agus 2010, bhí an laghdú ar OTN i rith na tréimhse dhá bhliain seo ina chúis leis an méadú 0.05 faoin gcéad idir 2008 agus 2010.

**Fíor 4: Treocht i gcaiteachas HERD, 2000-2010, i bpraghsanna reatha, (€ milliún)**




Foinse: Suirbhé T&F Ardoideachais (HERD), Forfás

Tháinig feabhas seasta ar staid na hÉireann i gcoibhneas le tíortha eile ECFE ón mbliain 2008, rud a chuir ar a cumas an bhearna idir feidhmíocht T&F intíre agus feidhmíocht T&F ár móriomaitheoirí go hidirnáisiúnta a chúngú. Tá Éire rangaithe anois sa 14ú háit as 35 tír i ndáil lena ráta déine HERD, suas ón 26ú háit in 2000.

Is ard go neamhghnách atá HERD na hÉireann mar chéatadán de T&F atá maoinithe go poiblí i gcoibhneas le ballstáit eile den AE. Tá sé sin amhlaidh mar go bhfuil an phríomhghné eile de mhaoiniú poiblí T&F, is é sin, Caiteachas Rialtais ar T&F (GovERD), ina céatadán measartha íseal de T&F atá maoinithe ag an Stát in Éirinn. Is ionann é agus díreach €85 milliún in 2011, is laghdú é sin ó €140 milliún in 2008. Dá bhrí sin, laghdaigh caiteachas poiblí ar T&F go €794m in 2010 (ó €890m in 2008).

Tá ollchaiteachas ar T&F (GERD), lena n-áirítear T&F poiblí agus príobháideach (caiteachas gnó ar T&F (BERD)) mar chéatadán d'OTN cothrom le 2.05 faoin gcéad faoi láthair, méadú ó 1.67 faoin gcéad in 2008. Tá an méadú seo inchurtha i leith an ardaithe mhóir ar GERD i rith na mblianta seo agus ar an gcrapadh ar OTN freisin.

**Fíor 5: HERD mar chéatadán de ghníomhaíocht gheilleagrach: Éire, ECFE agus an AE27**




Foinse: ECFE, Príomhtháscairí Eolaíochta agus Teicneolaíochta, Meitheamh 2012

In 2010, thit líon iomlán na dtaighdeoirí atá fostaithe ag an earnáil ardoideachais ó 11,610 fostaí in 2008 go 11,058 fostaí, laghdú de 4.8 faoin gcéad. Bhí méadú de bheagnach trí oiread ar líon na dtaighdeoirí i dtéarmaí coibhéise lánaimseartha (FTE) (an méid ama a chaitear ar thaighde) ó 2000 go 2008. B'ionann é agus 6,174 FTE ag a bhuaic. Laghdaigh sé ar ais go pointe áirithe go 5,729 FTE in 2010. Is laghdú de 7.2 faoin gcéad é seo, atá i bhfad níos mó ná an laghdú ar líon iomlán an phearsanra taighde.


Is as an rialtas a thagann an phríomhfhoinse de mhaoiniú taighde san earnáil ardoideachais. Tháinig méadú ar mhaoiniú díreach an Rialtais ó €66 milliún sa bhliain 2000 go €440 milliún sa bhliain 2010. Is ionann sin agus méadú de bheagnach seacht n-oiread thar an tréimhse.

I measc na ngníomhaireachtaí agus na ranna rialtais a sholáthair maoiniú in 2010, bhí siad seo a leanas: Fondúireacht Eolaíochta Éireann (€135.8 milliún nó 30.9 faoin gcéad); an Clár um Thaighde in Oideachas Tríú Leibhéal de chuid an Údaráis um Ard-Oideachas, maoiniú reatha agus caipitil araon (€74.2 milliún nó 16.9 faoin gcéad); Fiontraíocht Éireann (€49.1 milliún nó 11.2 faoin gcéad); an Bord Taighde Sláinte (€28.7 milliún nó 6.5 faoin gcéad); Comhairle Taighde na hÉireann um Eolaíocht, Innealtóireacht agus Theicneolaíocht[7] (€23.3 milliún nó 5.3 faoin gcéad) agus an chuid eile de 29.3 faoin gcéad as Teagasc, maoiniú eile an Údaráis um Ard-Oideachas, Comhairle Taighde na hÉireann um na Daonnachtaí agus na hEolaíochtaí Sóisialta[8] (IRCHSS) agus comhlachtaí eile Stáit.

7 I mí an Mhárta 2012, cumascadh Comhairle Taighde na hÉireann um Eolaíocht, Innealtóireacht agus Theicneolaíocht (IRCSET) agus Comhairle Taighde na hÉireann um na Daonnachtaí agus na hEolaíochtaí Sóisialta (IRCHSS) chun Comhairle Taighde na hÉireann (IRC) a bhunú.

8 Ibid - fonóta roimhe sin

**Fíor 6: Foinsí de mhaoiniú taighde ardoideachais i bpraghsanna reatha (€ milliúin), 2000-2010**




Foinse: Suirbhé Sonraí T&F Ardoideachais (HERD) Forfás, Forfás

## Suirbhé ar Infheistíocht an Stáit i T&F

Déanann *Infheistíocht Stáit i dTaighde agus Forbairt, 2011-2012*, maoirseacht ar mhaoiniú poiblí agus ar fheidhmíocht na heolaíochta agus na teicneolaíochta (E&T) agus an taighde agus na forbartha (T&F) atá maoinithe ag an Stát agus tá sé mar aidhm aige méadracht lárnach feidhmíochta laistigh d'earnáil an Stáit a ghabháil.

**Fíor 7: Leithdháiltí agus Eisíocaíochtaí Buiséid an Rialtais ar T&F - GBOARD 2003-2012**





Foinse: Infheistíocht Stáit i dTaighde agus Forbairt, 2011-2012, Forfás

Coinníodh infheistíocht an Stáit i dTaighde agus Forbairt, ar a dtugtar Leithreasuithe agus Eisíocaíochtaí Buiséid an Rialtais ar T&F (GBOARD) freisin, in 2012 ó 2011. Tháinig laghdú ar leibhéil mhaoinithe iomlána ó bhuaic €948m in 2008 go €796m in 2012 (-16%).

- Le deich mbliana anuas, tháinig ardú seasta ar chóimheas déine GBOARD (maoiniú Stáit do T&F le haghaidh gníomhaíochtaí T&F mar chéatadán de ghníomhaíocht gheilleagrach roinnte ar Olltáirgeacht Náisiúnta (OTN)).
- Ón mbliain 2008 i leith, d'ardaigh ráta déine GBOARD mar go raibh caiteachas láidir T&F ag sárú fás geilleagrach ainmniúil. Lean an leibhéal déine infheistíochta ag níos mó ná 0.6 faoin gcéad d'OTN ón mbliain 2008.
- In 2012, d'fhan déine GBOARD comhsheasmhach ag 0.61 faoin gcéad d'ainneoin laghdaithe ar an méid maoinithe. Tá laghdú suntasach ar OTN le blianta beaga anuas ina chúis leis seo.

**Fíor 8: T&F a rinneadh san Earnáil Stáit - GOVERD, 2003-2012**





Foinse: Infheistíocht Stáit i dTaighde agus Forbairt, 2011-2012, Forfás

Caiteachas Rialtais ar T&F (GOVERD) - coinníodh T&F a rinneadh san earnáil Stáit sna ceithre bliana dheireanacha seo:

- Laghdaigh caiteachas ar T&F san earnáil Stáit ó bhuaic €138m in 2004 go leithdháileadh €96m in 2012.
- Mar chéatadán d'OTN, thit an leibhéal de GOVERD ó 0.11 faoin gcéad in 2003 agus in 2004 go 0.07 faoin gcéad in 2012 agus tá sé cobhsaí, a bheag nó a mhór, ón mbliain 2005 i leith. Ó 2005 go 2008, thit an céatadán d'OTN a raibh GOVERD freagrach as mar gheall ar thorthaí láidre OTN. Sna blianta ina dhiaidh sin, léiríonn an titim laghdú ar infheistíocht chaipitil i dtaighde agus forbairt san earnáil rialtais.


**Fíor 9: T&F a rinneadh san Earnáil Stáit - príomhghníomhaithe, céatadán den iomlán (2012)**




Foinse: Infheistíocht Stáit i dTaighde agus Forbairt, 2011-2012, Forfás

- Lean Teagasc, údarás talmhaíochta agus forbartha bia na hÉireann, de bheith ar an ngníomhaí ba mhó de T&F rialtais in 2012, agus bhí caiteachas €60m aige (62.9 faoin gcéad de GOVERD iomlán).
- Áirítear le rannpháirtithe móra eile an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara ag €6m (6.3 faoin gcéad) agus an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta ag €6.2m (6.5 faoin gcéad). Is é €3.6 (3.7 faoin gcéad) an méid a chuireann Foras na Mara le GOVERD.

**Fíor 10: Pearsanra iomlán T&F de réir gairm bheatha san Earnáil (líon daoine, 2010-2012)**




Foinse: Infheistíocht Stáit i dTaighde agus Forbairt, 2011-2012, Forfás

- Laistigh den earnáil Stáit, tháinig laghdú 13 faoin gcéad ar líon na dtaighdeoirí PhD idir 2011 agus 2012 agus tháinig laghdú 27 faoin gcéad ar thaighdeoirí nár thaighdeoirí PhD iad thar an tréimhse chéanna.
- Meastar gur tháinig laghdú 9 faoin gcéad ar líon na dteicneoirí in 2012 i gcomparáid le 2011. Tháinig laghdú 7 faoin gcéad in 2012 ar líon na mball foirne tacaíochta taighde freisin.

## Beartú Tosaíochta Taighde

In 2012, mhol an Grúpa Stiúrtha um Beartú Tosaíochta Taighde, ar bhainistigh Forfás a chuid oibre, 14 réimse deise ar cheart dóibh an chuid is mó de mhaoiniú taighde phoiblí iomaíoch a fháil thar na cúig bliana atá romhainn.

Tar éis don Rialtas glacadh le tuarascáil an Ghrúpa Stiúrtha agus tar éis bhunú an Ghrúpa Gníomhaíochta um Beartú Tosaíochta (PAG) a ndéanann an tAire Taighde agus Nuálaíochta cathaoirleacht air, faoi choimirce níos leithne an Choiste Comh-Aireachta um Théarnamh Geilleagrach agus Poist, thug an PAG faoi thionchar infheistíocht na hÉireann a uasmhéadú tríd an gcuid is mó de mhaoiniú taighde poiblí iomaíoch a dhíriú ar na 14 réimse tosaíochta trí bhíthin plean gníomhaíochta a fhorbairt le haghaidh gach ceann de na 14 réimse tosaíochta.

| **Réimsí Tosaíochta Fócais le haghaidh Taighde agus Forbartha a Dhéantar go Poiblí** | | | |
|---|---|---|---|
| A | Líonraí agus Cumarsáid Amach Anseo | H | Bia i gComhair Sláinte |
| B | Bainistíocht, Slándáil & Príobháideachas Anailisíochta Sonraí | I | Táirgeadh agus Próiseáil Inbhuanaithe Bia |
| C | Ardáin Dhigiteacha, Inneachar agus Feidhmchláir | J | Fuinneamh In-Athnuaite Muirí |
| D | Sláinte Nasctha agus Maireachtáil Neamhspleách | K | Eangacha Cliste & Cathracha Cliste |
| E | Feistí Leighis | L | Iomaíochas Déantúsaíochta |
| F | Diagnóisic | M | Teicneolaíochtaí Próiseála agus Nua-Ábhair |
| G | Teiripic - foirmliú sintéise, próiseáil agus seachadadh drugaí | N | Nuálaíocht i Seirbhísí agus i bPróisis Ghnó |

Déanann an PAG oifigigh shinsearacha as naoi roinn Rialtais agus as na deich ngníomhaireacht stáit a mhaoiníonn taighde a thabhairt le chéile. Bhainistigh Forfás obair fhoriomlán an PAG i gcomhar leis an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta. Chomh maith leis sin, sholáthair sé taighde, anailís agus bainistíocht na naoi ngrúpa oibre arna mbunú chun an 14 phlean gníomhaíochta a fhorbairt. Is éard atá sna grúpaí oibre ionadaithe sinsearacha as na ranna agus gníomhaireachtaí maoinithe a thacaíonn leis an sainréimse tosaíochta.

Rinneadh pleananna gníomhaíochta na réimsí tosaíochta a bhailíochtú trí phróiseas um rannpháirteachas le páirtithe leasmhara seachtracha a raibh baint ag taighdeoirí agus tionscal sna réimsí lena mbaineann leo. Is éard atá sna pleananna ná treoirphlean mionsonraithe le haghaidh gníomhaíochtaí a dhéanfaidh ranna maoinithe agus gníomhaireachtaí maoinithe, ag tosú sa chéad Ráithe de 2013 chun brú chun cinn a dhéanamh ar chur chun feidhme mholtaí thuarascáil an Ghrúpa Stiúrtha um Beartú Tosaíochta Taighde d'fhonn an chuid is mó de mhaoiniú taighde phoiblí iomaíoch a athailíniú thart ar na réimsí tosaíochta sna cúig bliana ina dhiaidh sin.

Is féidir le taighde i ngach ceann den 14 réimse tosaíochta a bheith chun sochair na gclár oibre eacnamaíoch agus sochaíoch araon. Tá rannpháirtíocht an éiceachórais níos leithne ag teastáil chun lánchumas thaighde agus thráchtálú an 14 réimse tosaíochta a bhaint amach. Sampla is ea an córas sláinte. Cé go mbeidh infheistíocht leantach i dtaighde ar eolaíochtaí shláinte an daonra, taighde ar sheirbhísí sláinte, comhtháthú bonneagair chliniciúil agus taighde aistritheach ag teastáil, tá sé tábhachtach a aithint go bhfuil déchuspóir ag an infheistíocht seo. Ar thaobh amháin, déanann na réimsí taighde an ghiniúint fianaise a chumasú chun eolas a thabhairt do bheartas, cleachtas cliniciúil a fheabhsú agus deiseanna a chruthú le haghaidh soláthar feabhsaithe cúram sláinte agus torthaí sláinte níos fearr. Ag an am céanna, is féidir le taighde sna réimsí seo sochar a dhéanamh don chlár oibre geilleagrach níos leithne, a bhfuil sé mar aidhm aige an tionscal cúram sláinte in Éirinn a fhorbairt tuilleadh ar mhaithe leis na margaí intíre agus leis na margaí idirnáisiúnta a d'fhéadfadh a bheith ann. Is féidir leis an méid sin a dhéanamh trí neartú a dhéanamh ar an mbonneagar, ar an gcumas agus ar an acmhainn a chumasóidh, i measc nithe eile, sainaithint, forbairt, bailíochtú agus glacadh féideartha a dhéanamh ar aschuir fiontraíochta laistigh den chóras sláinte. D'fhéadfaí an rud céanna a rá maidir le taighde a bhaineann le réimsí earnálacha eile, lena n-áirítear talmhaíocht, earnáil na mara agus an comhshaol.

Tá iompraíochtaí nua á mbrú chun tosaigh ag an gcur chuige seo. Mar gheall air sin, tá gach roinn agus gníomhaireacht maoinithe ag dul i ngleic le maoiniú taighde ar bhealach iomlánaíoch trí obair le chéile thart ar phleananna gníomhaíochta na réimsí tosaíochta. Mar bhonn agus thaca ag na pleananna tá méadracht chomhaontaithe agus spriocanna comhaontaithe do gach ceann de na Pleananna Gníomhaíochta a léiríonn an mhéadracht agus na spriocanna ag leibhéal náisiúnta, roinne agus gníomhaireachta a d'fhorbair Forfás agus ar chomhaontaigh an PAG leo mar chuid den Chreatlach nua Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta le haghaidh monatóireacht a dhéanamh ar thionchar na hinfheistíochta in Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht.




**Déanann an tAire Sherlock cathaoirleacht ar an nGrúpa Gníomhaíochta um Beartú Tosaíochta**

*"Is go suntasach a chinnfear an todhchaí do chuideachtaí dúchasacha na hÉireann ag a gcumas chun leas a bhaint as deiseanna domhanda - mar go mbeidh fás arna threorú ag earraí onnmhairithe ar thús cadhnaíochta i dtéarnamh geilleagrach d'fhiontraíocht na hÉireann. Dá bhrí sin, tá sé soiléir go bhfuil buntábhacht ag baint le cothú a dhéanamh ar chuideachtaí ardchaighdeáin, nuálacha agus atá iomaíoch go hidirnáisiúnta le rathúnas na hÉireann amach anseo"* Sean Sherlock TD, an tAire Taighde agus Nuálaíochta.

Tá sé mar sprioc ag an gCreatlach nua Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta, a ndéanfaidh an Rialtas breithniú uirthi freisin, "taighde agus nuálaíocht atá sármhaith a chur chun cinn i réimsí tosaíochta ar son an tionchair eacnamaíoch agus shochaíoch is mó, go sonrach trí chur le fás geilleagrach inbhuanaithe, trí fhostaíocht a chosaint agus a mhéadú; agus trí aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shochaíocha." Tacóidh trí phríomhchuspóir leis an sprioc seo; eadhon:

- An tionchar geilleagrach ag tacaíocht phoiblí do thaighde agus nuálaíocht d'fhiontraíocht, bíodh sí dúchasach nó faoi úinéireacht eachtrach, a uasmhéadú;
- Cothú a dhéanamh ar chóras taighde poiblí atá sármhaith agus dírithe go hidirnáisiúnta a ghineann eolas chun sochar eacnamaíoch agus sochaíoch; agus
- Malartú faisnéise idir gníomhaithe poiblí agus príobháideacha a uasmhéadú d'fhonn úsáid eolais nua a luathú.

## Taighde Poiblí a Chur ag Obair d'Éirinn

Tar éis d'Fhorfás *an tAthbhreithniú ar Thacaí d'Úsáid Maoine Intleachtúla as Taighde Ardoideachais* a fhoilsiú, bhunaigh an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta dhá ghrúpa, is iad sin, an Grúpa Forfheidhmithe um Maoin Intleachtúil agus an Grúpa Beartais um Maoin Intleachtúil, chun obair a dhéanamh ar fhorfheidhmiú mholtaí an athbhreithnithe, i dteannta na moltaí a bhaineann le maoin intleachtúil atá i dtuarascáil an Tascfhórsa Nuálaíochta.

D'iarr an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta ar Fhorfás tacú le hobair an dá ghrúpa agus aschuir an dá ghrúpa a thabhairt isteach i ndoiciméad beartais aonair. I mí an Mheithimh 2012, d'fhoilsigh an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta *Taighde Poiblí a Chur ag Obair d'Éirinn*, ina léirítear prótacal Maoine Intleachtúla na hÉireann agus ghlac an Rialtas go foirmiúil leis mar bheartas náisiúnta maoine intleachtúla a chuirfidh gach eagraíocht maoinithe taighde Stáit chun feidhme. Cuirtear isteach é in ionad na nithe seo a leanas:

- *Cód Cleachtais Náisiúnta maidir le Maoin Inlteachtúil as Taighde atá Maoinithe go Poiblí a Bhainistiú agus a Thráchtálú*, 2005;
- *Cód Cleachtais Náisiúnta maidir le Maoin Intleachtúil as Taighde Comhoibríoch Poiblí-Príobháideach a Bhainistiú agus a Thráchtálú*, 2006, a d'fhoilsigh Forfás agus Comhairle na hÉireann um Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuáil i gcomhar a chéile; agus
- *Riachtanais agus Treoirlínte na Gníomhaireachta Maoinithe maidir le Maoin Intleachtúil arna Giniúint ag Taighde a Bhainistiú*.

Is chun spreagadh a thabhairt do thionscal comhoibriú le hollscoileanna, institiúidí teicneolaíochta agus eagraíochtaí déanta taighde eile (RPOnna) na hÉireann agus chun rochtain agus tráchtálú a dhéanamh ar an maoin intleachtúil arna giniúint atá an beartas agus an chreatlach nua um maoin intleachtúil a leagtar amach sa Phrótacal. Leagann sé amach beartais an Rialtais chun spreagadh a thabhairt do thionscal leas a bhaint as an taighde seo agus déanann sé cur síos ar na socruithe praiticiúla lena bhaint amach.

Pléitear sa Phrótacal go príomha le taighde comhoibríoch mar a n-oibríonn tionscal agus eagraíochtaí déanta taighde le chéile agus go háirithe mar a gcomhroinneann tionscal agus an Stát costas an taighde. Pléitear ann freisin le rochtain tionscail ar thorthaí an taighde a dtugann an Stát 100 faoin gcéad den mhaoiniú dó agus ar thorthaí an taighde conartha mar a n-íocann tionscal costas iomlán an taighde a choimisiúnaíonn sé. Tá feidhm chothrom aige maidir le gach foirm de ghníomhaíocht taighde agus forbartha, ó thaighde íon agus feidhmeach go forbairt incriminteach agus gar don mhargadh.

# Beartas Idirnáisiúnta Taighde agus Nuálaíochta

Glacann Forfás páirt i bhfóraim ardleibhéil um beartas idirnáisiúnta taighde agus nuálaíochta ag leibhéal Eorpach agus leibhéal idirnáisiúnta níos leithne araon chun tuairimí na hÉireann a chur leis thar ceann na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta. In 2012, áiríodh leis na fóraim seo an Coiste um an Limistéar Taighde Eorpach (CLTE), Coiste ECFE um Beartas Teicneolaíochta agus Nuálaíochta (TIP) agus an Fóram Straitéiseach Eorpach um Bonneagair Thaighde (FSEBT).

### Ionadaíocht a Dhéanamh d'Éirinn ar an gCoiste um an Limistéar Taighde Eorpach (ERAC)

Is éard atá sa Choiste um an Limistéar Taighde Eorpach, a bunaíodh in 2010, ná coiste comhairleach straitéiseach a chabhraíonn leis an gCoimisiún Eorpach agus le Comhairle an Aontais Eorpaigh lena gcuid oibre i réimse an taighde agus na forbartha teicneolaíochta. Tá ról láidir ag an CLTE maidir le comhairle a chur ar an gCoimisiún agus ar an gComhairle i réimsí mar Chreatchláir um Thaighde, Theicneolaíocht agus Fhorbairt (TTF) an AE (FP7 agus Deiseanna Nua 2020), Creat an ERA agus na tosaíochtaí TTTF&N um Uachtaránacht an AE. Déanann Ard-stiúrthóir Stiúrthóireacht an Choimisiúin um Thaighde agus Nuálaíocht cathaoirleacht air.

Ghlac Forfás páirt sa CLTE leis an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta, agus thug sé tosaíocht áirithe don nasc idir taighde agus nuálaíocht agus áitíonn sé ar a shon. Chuaigh Forfás, i dteannta an RPFN agus a chuid gníomhaireachtaí eile, i gcomhairle ar bhonn leanúnach le páirtithe leasmhara lárnacha maidir le saincheisteanna beartais lárnacha a phléitear san CLTE chun a chinntiú go gcuirtear tuairimí na hÉireann agus fhiontair na hÉireann in iúl ar leibhéal na hEorpa agus go gcoimeádtar pobal na hÉireann ar an eolas faoi fhorbairtí Eorpacha.

Tugadh cuireadh d'Fhorfás dul ar bhord stiúrtha an CLTE in 2012 chun ionadaíocht a dhéanamh d'Éirinn agus ghlac sé ról tábhachtach sa chéad leath den bhliain trí threorú a dhéanamh ar obair an CLTE ar thuairim an CLTE a fhorbairt do Choimisiún an AE agus do Chomhairle an AE faoin gcaidreamh idir ERA agus Deiseanna Nua 2020.

### Gníomhaíochtaí Comhair Idirnáisiúnta

De bhreis ar a rannpháirtíocht sa CLTE, bhí Forfás ina rannpháirtí gníomhach i gCoiste na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE) um Beartas Teicneolaíochta agus Nuálaíochta (TIP) agus san Fhóram Straitéiseach Eorpach um Bonneagair Thaighde (FSEBT).

Déanann ECFE comhoibriú idirnáisiúnta agus comhordú beartais a chur chun cinn i réimsí de bheartas STI ag leibhéal domhanda idir níos mó ná 30 tír lena n-áirítear SAM, ballstáit an AE, an tSeapáin agus an Chóiré. Tá geilleagair éiritheacha, lena n-áirítear an tSín, ag éirí níos gníomhaí mar stáit bhreathnóra. In 2012, ghlac Forfás páirt ina Meitheal Oibre um Beartas Nuálaíochta agus Teicneolaíochta (TIP).

Cuireann rannpháirtíocht san Fhóram Straitéiseach Eorpach um Bonneagair Thaighde (ESFRI) ar chumas Forfás agus an Údaráis um Ard-Oideachas (HEA), mar chomhthoscairí náisiúnta, malartú agus scaipeadh eolais a chothú agus éascú a dhéanamh ar chinntí náisiúnta agus Eorpacha ar leibhéal beartais maidir le hábhair a bhaineann le bonneagar taighde na hEorpa.

Sa chéad leath de 2012, ghlac Forfás páirt mar an comhthoscaire náisiúnta i gcruinnithe ráithiúla a óstáil d'ionadaithe institiúide, gníomhaireachta agus rialtais chun plé a dhéanamh ar stádas thionscadail an ESFRI ar threochlár an ESFRI a bhfuil Éire rannpháirteach iontu, chun dea-chleachtas a mhalartú agus chun dul i ngleic le haon saincheisteanna a tháinig chun cinn ó thaobh an bheartais náisiúnta nó Eorpaigh. D'éascaigh rannpháirtíocht Fhorfás an ceangal idir clár oibre an tionscail agus cinntí atá á ndéanamh faoi infreastruchtúr ar leibhéal an Aontais Eorpaigh.

# Comhairle na hÉireann um Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuáil

Is í Comhairle na hÉireann um Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuáil (ACSTI) comhlacht comhairleach ardleibhéil an Rialtais ar shaincheisteanna beartais eolaíochta, teicneolaíochta agus nuálaíochta (STI) agus tá sí mar fho-Bhord de chuid Fhorfás. Tá sí ar an bpríomh-idirghabhálaí idir páirtithe leasmhara agus déantóirí beartais sa réimse STI. Is é cúram na Comhairle ná cur le straitéis náisiúnta chomhtháite agus éifeachtach le haghaidh STI a fhorbairt agus a sheachadadh agus comhairle a chur ar an Rialtas ar bheartas meántéarmach agus fadtéarmach um STI.

Riarann Forfás obair ACSTI agus soláthraíonn sé taighde agus anailís di. In 2012, dhírigh an Chomhairle ar na réimsí seo a leanas:

Inbhuanaitheacht Lárionad Taighde

Ár bPáirt a Ghlacadh: Ráiteas ar Deiseanna Nua 2020

### Inbhuanaitheacht Lárionad Taighde

Chuir an Chomhairle a mórobair ar inbhuanaitheacht na lárionad taighde i gcrích in 2012 agus chuir sí a cur chun feidhme chun cinn trí Theicneolaíocht Éireann agus tríd an nGrúpa Gníomhaíochta um Beartú Tosaíochta.

Fuarthas amach i dtuarascáil ACSTI, *Inbhuanaitheacht na Lárionad Taighde*, go bhfuil réimse leathan saincheisteanna ann maidir le hinbhuanaitheacht na lárionad taighde. Baineann siad siúd le meascán agus próifíl na lárionad taighde sa tírdhreach, leis an ngá le maoirseacht ar an tírdhreach chun ceanglais TF&N a chomhlíonadh agus leis an ngá le samhlacha maoinithe chun inbhuanaitheacht na lárionad aonair a bhaint amach. Fuarthas amach sa staidéar freisin go bhfuil bearna i dtírdhreach reatha na lárionad taighde a dtugann an Stát tacaíocht dóibh i gcomparáid le dlínsí eile nach mór dul i ngleic leis chun tacú go hiomlán leis na deiseanna tráchtála a eascraíonn ó thaighde.

Thángthas ar an gconclúid sa tuarascáil go mbeadh úsáid níos oiriúnaí á baint as cistí ranna agus ghníomhaireachtaí an Rialtais dá dtabharfaí tacaíocht do líon níos lú ionad taighde ná mar atá ann inniu, agus dá ndéanfaí roinnt maoinithe a atreorú i dtreo réiteach a fháil ar fhadhbanna inbhuanaitheachta agus ionaid nua a fhorbairt.

Agus forbairt á déanamh acu ar obair Chomhairle na hÉireann um Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuáil sa réimse seo, tá athruithe suntasacha á gcur chun feidhme ag maoinitheoirí tábhachtacha taighde. I gcomhthéacs a straitéise nua, *Clár Oibre 2020 - Feabhas agus Tionchar*, bhunaigh Fondúireacht Eolaíochta Éireann ionaid taighde nua atá ailínithe le ceann amháin nó níos mó ná ceann amháin de na réimsí tosaíochta taighde agus éileofar ar na hionaid mhórscála sin (>100 taighdeoir) 30 faoin gcéad de mhaoiniú ar a laghad a aimsiú agus a choinneáil ón tionscal. Cabhróidh sé seo lena chinntiú go mbeidh cumas tráchtálaithe lárnach i ngach lárionad taighde nua agus go ndéantar ionadaíocht do na riachtanais tionscail go hiomchuí agus go dtugtar aghaidh orthu ar bhealach oiriúnach sna cláir thaighde faoi seach. Leanfaidh Fiontraíocht Éireann agus GFT Éireann ar aghaidh ag bunú Ionaid Teicneolaíochta taighde feidhmeach i réimsí atá tábhachtach ón taobh straitéiseach de atá ailínithe leis na cláir oibre earnálacha taighde agus forbartha arna dtreorú ag tionscal i gcomhréir le gníomhaíochtaí an Phlean Gníomhaíochta do Phoist do 2013. Déanfaidh tacaí an Údaráis um Ardoideachas na tionscnaimh bunaithe ar ionaid ghníomhaireachta fiontraíochta a chomhlánú de réir mar is cuí, tríd an gClár um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal (PRTLI).

## Ár bPáirt a Ghlacadh:  Ráiteas ar Deiseanna Nua 2020




Tá clár oibre agus tosaíochtaí taighde agus nuálaíochta na hÉireann ailínithe go hiomlán le straitéis an AE do phoist agus d'fhás, an Eoraip 2020. Beidh Deiseanna Nua 2020, a leanfaidh an Seachtú Creatchlár, ina chuid thábhachtach den straitéis seo. Is é Deiseanna Nua 2020 an ionstraim airgeadais, a bheidh á rith ó 2014 go 2020 agus a mbeidh buiséad táscach €80 billiún aige, do chlár nua an AE le haghaidh taighde agus nuálaíochta agus is cuid thábhachtach é den fheachtas chun fás agus poist nua a chruthú san Eoraip.

Chuir an ACSTI ceardlann chomhairliúcháin ar siúl maidir le tograí an Choimisiúin Eorpaigh i leith Deiseanna Nua 2020 i mí na Nollag 2011. Bhí na tuairimí a cuireadh in iúl ag an gceardlann seo mar bhonn do ráiteas na Comhairle *Playing Our Part in Europe (Ár bPáirt a Imirt san Eoraip)*.

D'iarr an ráiteas cur chuige straitéiseach agus dírithe chun sciar suntasach de mhaoiniú taighde agus nuálaíochta Eorpach amach anseo a aimsiú d'Éirinn, rud a dhéanfaidh forbairt ar ár n-éachtaí rathúla sa chreatchlár reatha mar a bhfuil spriocanna náisiúnta á sárú againn.

Rinneadh dul chun cinn ar an idirbheartaíocht faoi Deiseanna Nua 2020 i rith Uachtaránacht na hÉireann ar an gComhairle Eorpach agus tabharfar chun críche iad faoi dheireadh 2013. Is go maith a ailíníonn ár dtosaíochtaí náisiúnta taighde a bhfuil dul chun cinn á dhéanamh orthu ag ár nGrúpa Gníomhaíochta um Beartú Tosaíochta leo siúd atá á mbreithniú in Deiseanna Nua 2020 agus beidh rannpháirtíocht in Deiseanna Nua 2020 ina buntáiste tábhachtach d'earnáil fiontraíochta na bhFiontar Beag agus Meánmhéide agus mar éascaitheoir post in Éirinn.

## Tathant

Lean an ACSTI ag dul i dteagmháil le páirtithe leasmhara tábhachtacha chun a chinntiú gur coinníodh saincheisteanna beartais chun tosaigh agus fuair Forfás raon leathan iarratas ó fhoinsí éagsúla ar shonraí agus ar fhaisnéis ina ról mar rúnaíocht don Chomhairle. Chomh maith leis sin, ghlac an Cathaoirleach agus Ceann Fhorfás na Rúnaíochta don Chomhairle páirt i gcruinniú de Chomhairlí Eolaíochta an AE inar soláthraíodh láithreoireachtaí ar obair na Comhairle, go háirithe i ndáil leis an tionchar geilleagrach atá ag taighde.

# Fóram Oscailte EuroScience 2012 (ESOF2012) agus Cathair Bhaile Átha Cliath na hEolaíochta 2012

**Sracfhéachaint ar ESOF2012**

- 4494 Toscaire
- 75+ Tír
- 162 Seisiún
- 660 Cainteoir
- 25 Príomhchainteoir
- 5 Buaiteoirí Dhuais Nobel
- 472 Ball Creidiúnaithe na Meán ó 47 tír

## Cúlra

Tá Fóram Oscailte Euroscience (ESOF) ar an gcomhdháil eolaíochta ginearálta is mó de chuid na hEorpa agus reáchtáiltear é i gcathair phríomha Eorpach gach ré bliain. In 2008, d'ullmhaigh an Príomhchomhairleoir Eolaíochta, le tacaíocht ó Fhorfás, iarratas a d'fhormheas an Rialtas ar chomhdháil 2012 a óstáil in Éirinn. D'éirigh leis an iarratas agus tharmlig an Rialtas eagrú an imeachta d'Oifig an Phríomhchomhairleora Eolaíochta (CSA) i gcomhar le Forfás.



**Oscailt ESOF 2012**

Sa phictiúr ag oscailt ESOF2012 tá (ar chlé - ar dheis) Dara Ó Briain, Craoltóir agus Máistrí Searmanas ag an tráthnóna oscailte; Michael D. Higgins, Uachtarán na hÉireann; Máire Geoghegan-Quinn, an Coimisinéir um Thaighde, Nuálaíocht agus Eolaíochta; Richard Bruton T.D., an tAire Post, Fiontraíochta agus Nuálaíochta

## Léargas Ginearálta

D’óstáil Éire ESOF2012 ón 11 Iúil go dtí an 15 Iúil, 2012, sa Lárionad Tionóil, Baile Átha Cliath. Thug Michael D. Higgins, Uachtarán na hÉireann, an t-aitheasc tosaigh, agus d’fhreastail an Taoiseach agus Airí Rialtais sinsearacha ar chodanna den chomhdháil.

Bhí roinnt cainteoirí suntasacha i láthair ag an gcomhdháil, lena n-áirítear cúigear Buaiteoirí Dhuais Nobel, Ard-Stiúrthóir an Ionaid Eorpaigh um Thaighde ar an bhFisic Cháithníní (CERN), Riarthóir NASA, Stiúrthóir na Fondúireachta Eolaíochta Náisiúnta, Cathaoirleach an Phainéil Idir-Rialtasaigh ar an Athrú Aeráide, Coimisinéir na hEorpa um Thaighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht, agus an Príomhchomhairleoir Eolaíochta d’Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh. Rinne clár de 162 seisiún agus 660 cainteoir an taighde Eorpach is iontaí a thaispeáint, topaicí chomh héagsúil le seandálaíocht agus cosmeolaíocht a chlúdach agus breis agus 4,490 toscaire ó bhreis agus 75 tír a mhealladh.

Bhí gné shuntasach beartais ag an gclár agus reáchtáladh díospóireachtaí tábhachtacha ar bheartas nuálaíochta, ar an 7ú Creatchlár, ar Deiseanna Nua 2020 agus ar an Limistéar Taighde Eorpach.

Ba éard a bhí sa chlár ‘Science-2-Business’ ná sraith ceardlann chun cúnamh praiticiúil a chur ar fáil do thaighdeoirí ar spéis leo tairiscintí inmharthana gnó a dhéanamh dá smaointe. Thug an Clár Gairmeacha faoi roinnt mhaith de na hábhair imní agus na spéiseanna ar leith atá ag taighdeoirí óga.




### Forfás ag ESOF2012

Nuálaíocht... “*Cén fáth a bhfuil sí Tábhachtach? Tá sí tábhachtach, go háirithe do thíortha beaga cosúil le hÉirinn, mar go n-aithníonn sí gur féidir linn leibhéil forbartha na n-ardgheilleagar eile a bhfuil níos mó dearlaicí nádúrtha agus saibhris acu a bhaint amach trí eagrú a dhéanamh ar ár n-acmhainní agus ar ár n-eolas go háirithe,*” arsa Martin D. Shanahan, Príomhfheidhmeannach, Forfás (sa phictiúr), agus é ag láithriú ag Seisiún Fhorfás ar Bheartas Nuálaíochta ag ESOF2012

Léigh óráid Martin D. Shanahan ag ESOF2012 anseo

Amharc ar léargais ó sheisiún Fhorfás ar Youtube anseo

### Seisiún Fhorfás ar Bheartas Nuálaíochta

D'óstáil Forfás príomhsheisiún dar teideal, *Todhchaí an Bheartais Nuálaíochta - Beartas a Chruthú in Aimsirí Neamhchinnte*. Bhí painéal ardleibhéil cainteoirí mar chuid de: Seán Sherlock, T.D., an tAire Taighde agus Nuálaíochta; Martin D. Shanahan, Príomhfheidhmeannach, Forfás; an Dr. John Bell, *Chef de Cabinet*, an Coimisinéir Geoghegan-Quinn; Ken Guy, Ceann na Rannóige um Beartas Eolaíochta agus Teicneolaíochta, ECFE; agus an tOll. Brian Mac Craith, Uachtarán, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

Dhírigh an seisiún ar eolaíocht agus ar theicneolaíocht mar bhunchloch bheartas nuálaíochta na hÉireann. Admhaíodh sa díospóireacht gur mhéadaigh Éire a feidhmíocht T&F go mór ach ní mór dúinn leanúint ar aghaidh ag infheistiú i dtaighde bunúsach agus i dtaighde feidhmeach araon. Argóint thábhachtach a cuireadh ar aghaidh ná nach bhfuil tíortha cosúil le hÉirinn in ann mais chriticiúil a fhorbairt i ngach réimse taighde agus go bhfuil gá le speisialú. Thug Éire tosaíocht do na réimsí deise sin mar ar fhorbraíomar cumas taighde, mar a bhfuil deis mhargaidh agus mar ar féidir leis an mbonn fiontraíochta leas a bhaint as an deis.



**Seisiún Fhorfás ar Bheartas Nuálaíochta ag ESOF2012**

Sa phictiúr ag Seisiún Fhorfás ar bheartas nuálaíochta tá (ar chlé - ar dheis) an tOll. Brian Mac Craith, Uachtarán, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath; Ken Guy, Ceann na Rannóige um Beartas Eolaíochta agus Teicneolaíochta, ECFE; Martin D. Shanahan, Príomhfheidhmeannach, Forfás; Seán Sherlock T.D., an tAire Taighde agus Nuálaíochta; an Dr John Bell, *Chef de Cabinet*, an Coimisinéir Geoghegan-Quinn

### Rannpháirtíocht Phoiblí / Cathair Bhaile Átha Cliath na hEolaíochta

Chun an tionchar intíre atá ag óstáil ESOF2012 a uasmhéadú, chomhordaigh Oifig an Phríomhchomhairleora Eolaíochta agus Forfás clár imeachtaí rannpháirtíochta poiblí faoi mheirge Chathair Bhaile Átha Cliath na hEolaíochta 2012. Reáchtáladh breis agus 200 gníomhaíocht a raibh téama eolaíochta acu ar fud na bliana i gcomhpháirt le heagraíochtaí ó na pobail chultúir, ealaíon agus oideachais. Cuireadh imeachtaí móra sa chlár ar siúl i gCorcaigh agus i nGaillimh.

Trí Chathair Bhaile Átha Cliath na hEolaíochta 2012, ghlac níos mó ná 600,000 duine páirt i gceiliúradh eolaíochta agus thrasnaigh breis agus 160 imeacht agus gníomhaíocht an saol

ealaíne agus cultúir chun siamsaíocht a chur ar fáil don phobal agus beocht a chur san eolaíocht.

Áiríodh leis na príomhimeachtaí i rith na bliana:

- Paráid Lá Fhéile Pádraig i mí an Mhárta mar ar chuir rannpháirtithe beocht i dtéama na heolaíochta bunaithe ar cheisteanna a chuir leanaí.
- Chomhchruinnigh Mion-Aonach Déantóirí Bhaile Átha Cliath díograiseoirí teicneolaíochta, ceardaithe, teagascóirí, athchóiritheoirí, amaitéaraigh, innealtóirí, ealaíontóirí, eolaithe, mic léinn agus údair idir shean agus óg agus gach cineál cúlra chun a gcuid saothair a thaispeáint.
- Spreag an Clár um Múscailt Feasachta trí mhí ag The Ark i mBaile Átha Cliath feasacht leanaí ar fhionnachtain eolaíochta, ar ealaín agus ar bhithéagsúlacht agus bhain an t-ionad a fhigiúirí lucht féachana ba mhó riamh amach i rith an tsamhraidh.
- Bhí Zoo in My Garden ina thaibhléiriú amharclainne a raibh an-tóir ag an bpobal air agus a chuir beocht i gcuid de na hainmhithe i Músaem Stair an Dúlra. Ba éard a bhí sa taispeántas ná comhoibriú idir Institiúid Ealaíne, Dearaidh agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire, Ard-Mhúsaem na hÉireann, Rannóg Oideachais Mhúsaem Stair an Dúlra, Denis Conway, Stiúrthóir Amharclainne, Ouroboros Theatre.
- Cuireadh an fhéile seachtaine eolaíochta agus ealaíon, CuriousCity, ar siúl i gCorcaigh i mí an Mheithimh, agus thug taispeántas taistil suaitheanta an CERN, Accelerating Science, cuairt ar Ghaillimh i mí Mheán Fómhair.

### Torthaí

Bhí tionchar ollmhór ag ESOF2012 ag leibhéal náisiúnta agus fuair sé clúdach fairsing sna meáin intíre, na meáin chló agus na meáin chraolta araon. Bhí an Irish Times agus RTÉ ina gcomhpháirtithe meán don imeacht. Sainaithníodh breis agus 440 amas meán sna meáin intíre. B'amhlaidh an leibhéal spéise a bhí ag an bpobal sa chruinniú agus sa chlár gaolmhar rannpháirtíochta poiblí gur thug roinnt de chomhpháirtithe ESOF2012 tiomantas do thacú le féile eolaíochta trí lá i mBaile Átha Cliath, dar teideal an *Festival of Curiosity (an Fhéile Fiosrachta)*, i mí Iúil thar na trí bliana romhainn.

Bhunaigh ESOF2012 cruinniú ESOF go dlúth mar an príomhchruinniú Eorpach ar thaighde agus ar bheartas taighde. Chruthaigh an clár mórspéis na meán idirnáisiúnta agus d'fhreastail breis agus 470 ball creidiúnaithe ó 40 tír air. Sainaithníodh níos mó ná 700 amas meán idirnáisiúnta. Léirigh ESOF2012 íomhá an-dearfach ar Éirinn agus ar chaighdeán an taighde anseo dár gcomhpháirtithe san Eoraip agus níos faide anonn.



### Festival of Curiosity (An Fhéile Fiosrachta) a Fhógairt

Sa phictiúr (ar chlé - ar dheis) tá Richard Bruton T.D., an tAire Post, Fiontraíochta agus Nuálaíochta, an tOll. Luke O'Neill, Scoil na Bithcheimice agus na hImdhíoneolaíochta, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus Cathaoirleach Choiste Cláir ESOF2012 agus Martin D. Shanahan, Príomhfheidhmeannach, Forfás

Léigh tuilleadh faoin Festival of Curiosity (Féile Fiosrachta) anseo

www.esof2012.org

# Iomaíochas

## Iomaíochas na hÉireann a chothú agus a fheabhsú

"Mar gheall ar réamhaisnéis lag éilimh sheachtraigh don mheántéarma, ní mór d'Éirinn leanúint ar aghaidh ag láidriú a fáis onnmhairí trí dhíriú ar iomaíochas náisiúnta. Ní mór dúinn margaí ardfháis a shaothrú, ár sciar den mhargadh a fheabhsú lenár gcomhpháirtithe trádála reatha agus a chinntiú go bhfuilimid in ann leas a bhaint as an méadú ar éileamh nuair a tharlaíonn sé. Chun é seo a dhéanamh, ní mór dúinn bearta a ghlacadh chun a chinntiú gur geilleagar oscailte, cost-éifeachtúil agus táirgiúil í Éire.

Martin D. Shanahan, ag seoladh Fheidhmíocht Iomaíochais na hÉireann, 2013.


## Iomaíochas agus Anailís Eacnamaíochta

Is gá fás inbhuanaithe leathan-bhunaithe arna threorú ag onnmhairí a ghiniúint lenár ngeilleagar a athshlánú. D'fhonn fás a sholáthar, ní mór d'iomaíochas idirnáisiúnta na hÉireann leanúint ar aghaidh ag feabhsú. Cuimsíonn iomaíochas na tosca sin go léir a imríonn tionchar ar an gcumas atá ag gnólachtaí in Éirinn dul in iomaíocht i margaí idirnáisiúnta ar bhealach a sholáthraíonn an deis dár muintir a gcaighdeán saoil a fheabhsú. Áirítear leis na tosca sin na costais ar ghnó a dhéanamh, an éascaíocht a bhaineann le gnó a dhéanamh, caighdeán ár lucht saothair agus ár mbonneagair fhisicigh agus ár gcumas chun nuálaíocht agus táirgiúlacht a bhreisiú.

Ón taobh intíre de, thug Éire faoi athchóirithe suntasacha atá ceaptha chun filleadh ar fhás agus ar chruthú fostaíochta sna sé bliana ó tháinig an ghéarchéim gheilleagrach chun cinn den chéad uair. D'ainneoin fás le déanaí agus cé gur tháinig céim níos mó de chobhsaíocht eacnamaíoch ar ais, is dúshlánach go fóill atá bealach na hÉireann chun téarnaimh. Tá sé bunriachtanach go leanaimid orainn ag déanamh monatóireachta ar ár n-iomaíochas chun a chinntiú go ndéantar laigí a shainaithint agus go dtugtar aghaidh ar dhúshláin iomaíochais. Scrúdaíonn Forfás raon éagsúil topaicí iomaíochais agus soláthraíonn sé anailís agus comhairle don Rialtas.

### Costais a bhaineann le Gnó a Dhéanamh

Cheal luamhán beartais um dhíluacháil airgeadra chun brúnna gearrthéarmacha iomaíochais chostais a bhainistiú, ní mór beartas a dhíriú ar iomaíochas feabhsaithe a bhaint amach trí laghduithe costais i bpríomh-ionchuir ghnó agus trí fhás táirgiúlachta méadaithe. Tá na




*Costais a bhaineann le Gnó a Dhéanamh in Éirinn 2012* a rinneadh mar chuid den Phlean Gníomhaíochta do Phoist do 2012 dírithe go príomha ar chostais dhíreacha d'fhiontair. Agus úsáid á baint as na sonraí costais is cothroime le dáta atá cóimheasta go hidirnáisiúnta, scrúdaíonn *Costais a bhaineann le Gnó a Dhéanamh in Éirinn 2012* raon costas a bhaineann le fiontair thábhachtacha ar fud roinnt gnéithe, lena n-áirítear saothar, maoin, iompar, fóntais, creidmheas agus seirbhísí gnó agus gairmiúla. Ag aithint an chineáil idirnasctha de gach earnáil agus gné den gheilleagar, áfach, déantar tagairt don timpeallacht costas níos leithne agus cuirtear raon costas tomhaltóirí san áireamh.

Aimsíonn anailís Fhorfás gur baineadh laghduithe suntasacha ar chostais amach ar fud raon d'ionchuir ghnó agus tháinig feabhsú suntasach ar iomaíochas costais na hÉireann thar na trí bliana seo a chuaigh thart a bheag nó a mhór. Léiríonn luas an cheartaithe cineál oscailte agus solúbtha gheilleagar na hÉireann, doimhneacht an chúlaithe, feidhmíocht lag an euro agus athchóirithe beartais arna gcur chun feidhme. Níos sonraí fós, aibhsítear san anailís:

- Gur thit costais lucht oibre beagáinín ó 2008 i leith. Tar éis roinnt blianta inar tháinig laghdú ar leibhéil tuarastail, tugann na sonraí le tuiscint gur thosaigh fás tuarastail arís le déanaí - cé go bhfuil sé ag leibhéil níos ísle ná áiteanna eile i limistéar an euro, rud a chiallaíonn go leanann iomaíochas costais lucht oibre ar aghaidh ag fás

- Tháinig laghdú suntasach ar chostais tógála agus ar chostais chíosa maidir le spás oifige agus tionsclaíoch araon do ghnóthais nua ó chliseadh na boilgeoige réadmhaoine agus thús an chúlaithe. Ar ndóigh, tá roinnt mhaith de ghnóthais atá ann cheana faoi cheangal ag costais réadmhaoine níos airde toisc go ndearnadar réadmhaoin a cheannach nó a fháil ar léas ag a raibh clásail athbhreithnithe cíosa suas amháin i rith an bhorrtha réadmhaoine.
- I ndáil le costais iompair, tá Éire ar an gceathrú tír is costasaí i limistéar an euro le díosal a cheannach ann. D'fhan praghsanna seirbhísí a bhaineann le hiompar (e.g. lasta bóithre, iompar muirí, trádstóráil) cobhsaí den chuid is mó ón mbliain 2006.
- Tá costais leictreachais do mhórúsáideoirí fuinnimh agus d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide ar an seachtú costais agus ar an gceathrú costais is airde faoi seach i measc an 15 thír i limistéar an euro. Tá an séú praghas gáis thionsclaíoch is airde ag Éirinn, cé go bhfuil praghsanna na hÉireann 3 faoin gcéad faoi mheán limistéar an euro.
- Sáraíonn an costas creidmheasa (i.e. rátaí úis) ar iasachtaí nua d'fhiontair in Éirinn an costas i limistéar an euro ar chineálacha agus ar mhéideanna iasachta. Tá iasachtaí suas go dtí €1 milliún (a úsáidtear go minic mar athróg ionadach don ráta le haghaidh iasachtaí d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide) breis agus 10 faoin gcéad níos costasaí in Éirinn agus tá iasachtaí de níos mó ná €1 milliún beagnach 15 faoin gcéad níos costasaí.
- Tháinig laghdú ar an gcostas ar fhormhór na seirbhísí gnó agus gairmiúla in Éirinn ón mbliain 2006 (e.g. ríomhchlárú agus comhairleacht; ailtireacht, innealtóireacht agus tástáil theicniúil; agus fógraíocht, ionadaíocht na meán agus taighde margaidh). Is eisceacht é an costas ar sheirbhísí dlí (le haghaidh seirbhísí aturnae), áfach, ós rud é go bhfuil costais dlí 12 faoin gcéad níos airde ná leibhéil 2006.

Tá Éire ar an tríú tír is costasaí i limistéar an euro, mar go bhfuil praghsanna do thomhaltóirí 12 faoin gcéad níos mó ná meán limistéar an euro. Ní dhlisteanaíonn ár leibhéil ioncaim (OTI/OTN) na leibhéil phraghsanna seo de réir cosúlachta. Tá roinnt údair imní eile ann:

- Bhain feabhsúcháin ar fheidhmíocht chostais go láidir le feidhmíocht lag an euro - is toisc í nach féidir linn a rialú atá faoi réir athraithe. D'fhéadfaí céatadán suntasach de na gnóthachain thaifeadta a laghdú dá neartódh an euro.
- Mhoilligh luas an fheabhsúcháin ar chostas go mór le míonna beaga anuas - d'fhéadfadh go bhfuil baint aige leis nár bhain an geilleagar ach fás beag amach. Tá brúnna aníos ar phraghsanna ag teacht aníos cheana (i.e. boilsciú ag ardú i bpraghsanna do thomhaltóirí, filleadh ar fhás tuarastail atá dearfach cé go bhfuil sé lag).
- Maireann dolúbthachtaí laistigh den gheilleagar. Tugann leibhéil arda de chumas spártha (e.g. dífhostaíocht ard, réadmhaoin bharrachais, etc.) le tuiscint go bhfuil costais ró-ard go fóill agus go bhfuil coigeartú ag tarlú ar dhóigh rómhall.

Trí aithint a dhéanamh go bhfuil athchóirithe a chuireann ar chumas margaí oibriú ar dhóigh níos éifeachtúla ar an bpríomh-mheicníocht chun feabhsúcháin fhadtéarmacha ar iomaíochas costais a bhaint amach, leagtar amach in *Costais a bhaineann le Gnó a Dhéanamh* raon gníomhaíochtaí faoi gach ceann de na ceannteidil chostais lena mbreithniú ag déantóirí beartais.

Costais a bhaineann le Gnó a Dhéanamh in Éirinn 2012

## Rangú Iomaíochais na hÉireann

Éilíodh ar Fhorfás i nGníomh 1.28 sa *Phlean Gníomhaíochta do Phoist do 2012* "forbairt a dhéanamh ar shraith spriocanna iomaíochais atá freagrach do ghníomhaíocht intíre chun rangú na hÉireann a athshlánú". Níos sonraí fós, éilíodh ar Fhorfás gearrliosta de phríomhtháscairí iomaíochais a shainaithint mar a bhfuil feidhmíocht na hÉireann lag agus atá freagrach do ghníomhaíocht beartais intíre; an t-athrú ag teastáil le go mbeidh Éire sna cúig gheilleagar is iomaíche san ECFE a mheas; agus leagan amach a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí beartais ag teastáil chun feabhsúcháin a ghnóthú do Rialtais.

Tar éis anailís tosaigh, comhaontaíodh go mbainfí úsáid as an *Innéacs um Ghnó a Dhéanamh* de chuid an Bhainc Dhomhanda mar an uirlis le haghaidh gníomhaíochtaí beartais a aibhsiú d'fhonn feabhsúcháin ar ranguithe iomaíochais na hÉireann a bhaint amach. Tá Éire rangaithe sa 15ú háit as 183 tír san *Innéacs um Ghnó a Dhéanamh 2012*. D'ainneoin staid fhoriomlán measartha láidir na hÉireann, tá éagsúlacht shuntasach i bhfeidhmíocht na hÉireann maidir le cuid den mhéadracht a chuimsíonn an t-innéacs. Thug anailís Fhorfás le tuiscint go bhfuil scóip ar leith ann le haghaidh feabhsaithe maidir leis na nithe seo a leanas:

- Leictreachas a Fháil (95ú háit as 183 tír);
- Réadmhaoin a Chlárú (53ú háit);
- Conarthaí a Fhorfheidhmiú (63ú háit);
- Déileáil le Ceadanna Tógála (106ú háit); agus
- Trádáil Trasna Teorainneacha (28ú háit).

Bunaithe ar shraith comhairliúchán agus ar thaighde deisce, d'fhéadfaí rangú na hÉireann a fheabhsú más rud é:

- Gur cuireadh an suirbhé i gcrích níos cruinne, ar aon dul leis an treoir a chuir an Banc Domhanda ar fáil;
- Gur ghabh na sonraí forbairtí le déanaí a laghdaíonn am, nósanna imeachta agus costais; agus
- Go gcuirtear sraith athchóirithe molta beartais chun feidhme.

Díríonn na moltaí beartais ar na nithe seo a leanas:

- Laghdú a dhéanamh ar an am a thógann gnólacht chun nasc buan leictreachais a fháil (trí úsáid mhéadaithe a bhaint as córas tairiscintí iomaíocha) agus laghdú a dhéanamh ar an am a thógann sé chun tascanna riaracháin a bhaineann le hoscailtí bóthair a chríochnú;
- Laghdú a dhéanamh ar an am agus ar na costais a bhaineann le réadmhaoin a chlárú trí dhlí talún agus tíolactha na hÉireann a athchóiriú agus a nuachóiriú chun dáta;
- Oibriú leis an tSeirbhís Chúirteanna chun laghdú a dhéanamh ar an am agus ar na costais a thógann sé chun conradh dlíthiúil a fhorfheidhmiú in Éirinn trí chur i bhfeidhm brostaithe an Chórais Bhainistithe Cáis Shibhialta;
- A chinntiú go bhfuil an próiseas um iarratas pleanála "níos freagraí agus dírithe ar chustaiméirí" chun laghdú a dhéanamh ar mhoilleanna ama agus ar chostais a bhaineann le ceadanna tógála (e.g. athbhreithniú a dhéanamh ar na próisis i bhfeidhm i gComhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath chun laghdú a dhéanamh ar an am a thógann sé chun Deimhniú Sábháilteachta ó Dhóiteán a fháil; ar Chead Pleanála; ar Theastas Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas; agus ar cheangal uisce); agus

- An t-ualach riaracháin in Éirinn maidir leis na doiciméid atá ag teastáil chun trádáil a dhéanamh trasna teorainneacha a laghdú (i.e. tríd an am a thógann sé chun doiciméadúchán riachtanach a ullmhú a athchóiriú chun éifeachta; úsáid mhéadaithe a bhaint as uathoibriú nuair is féidir; agus an fháil ar acmhainní ar líne a uasmhéadú).

Ceanglaíonn Gníomh 123 sa *Phlean Gníomhaíochta do Phoist do 2013* ar an RPFN, ar Fhorfás agus ar chomhlachtaí eile lena mbaineann próiseas a chur i bhfeidhm faoi na príomhghníomhaíochtaí atá ag teastáil chun rangú iomaíochais na hÉireann san *Innéacs um Ghnó a Dhéanamh* de chuid an Bhainc Dhomhanda a bhreisiú chun críche athchóirithe éifeachtacha a chur chun feidhme.

## Cánachas

### Aighneacht Réamh-Bhuiséid 2013

Oibríonn Forfás go dlúth leis an RPFN ar fhorbairt a dhéanamh ar bhearta cánach a thacaíonn le forbairt fiontar agus le cruthú post, mar shampla, tionscnamh JobsPlus sa *Phlean Gníomhaíochta do Phoist do 2013*. Chomh maith le comhairle rialta a sholáthar maidir le raon leathan saincheisteanna cánach, ullmhaíonn Forfás, GFT Éireann agus Fiontraíocht Éireann aighneacht réamh-Bhuiséid bhliantúil.

Chuir Aighneacht Réamh-Bhuiséid Chomhghníomhaireachta 2013 comhairle ar fáil maidir leis na himpleachtaí ó thaobh na bhfiontar de a d'fhéadfadh a bheith ag raon athruithe cánach a bhí beartaithe.  Ba é cuspóir príomha na haighneachta ná a chinntiú go dtacaíonn Buiséad 2013 le fiontair, go háirithe an cumas onnmhairithe atá ag gnólachtaí agus tarraingteacht na hÉireann mar láthair le haghaidh infheistíocht dhíreach eachtrach.

Leag Forfás síos roinnt prionsabal chun an cur chuige maidir le Buiséad 2013 a threorú, lena n-áirítear:

- A chinntiú go mbeadh moltaí chun cánachas a mhéadú bunaithe ar ordlathas na gcánacha a dhéanann an dochar is lú d'fhás geilleagrach, ag féachaint don ghá le €3.5 billiún de choigilteas a bhaint amach, a raibh €1.25 billiún de dlite trí bhearta tiomsaithe ioncaim.
- Cinnteacht, intuarthacht agus cobhsaíocht a chur ar fáil d'fhiontair le go mbeidh siad ábalta pleanáil agus fás.

Bhí moltaí a tairgeadh dírithe ar bhearta coinneála atá lárnach san earnáil fiontar. Ba iad na bearta ba shuntasaí díobh an córas cánach corparáide agus an ding chánach saothair. Chomh maith leis sin, aithníodh roinnt réimsí a bhfuil tuilleadh forbartha ag teastáil uathu i dtreo is go mbeidh Éire in ann leanúint lena hearnáil dhúchasach a fhás agus dul in iomaíocht go hidirnáisiúnta le haghaidh tionscadail infheistíochta, go háirithe i réimse an taighde, in eochairscileanna a mhealladh agus a choinneáil agus in infheistíocht i bhfiontar a spreagadh.

## Maoiniú

Baineann ríthábhacht le maoiniú le go mairfidh fiontair. I rith 2012, chuir Forfás comhairle ar fáil don Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta (RPFN) agus do ranna rialtais eile maidir le rochtain a bheith ag fiontair ar mhaoiniú.

### Athbhreithniú ar an Timpeallacht Maoinithe

I mí Aibreáin 2012, d'eisigh Forfás tuarascáil inar cuireadh forbhreathnú ar fáil ar an timpeallacht mhaoinithe reatha do ghnó in Éirinn, idir fhoinsí bainc agus fhoinsí neamh-

bhainc. Leagadh amach inti freisin na saincheisteanna beartais ag teacht aníos agus moladh raon leathan gníomhaíochtaí chun feabhas a chur ar rochtain ar mhaoiniú, ar léiríodh roinnt mhaith díobh sa *Phlean Gníomhaíochta do Phoist do 2012*. Leagtar moltaí beartais don tuarascáil seo amach i *dTuarascáil Bhliantúil Fhorfás 2011*.

Timpeallacht Mhaoinithe na bhFiontar Éireannach

### Athbhreithniú ar an Tírdhreach Infheistíochta Cothromais in Éirinn




In 2012, rinne Forfás staidéar ar an Tírdhreach Infheistíochta Cothromais in Éirinn a chur i gcrích. Sa tuarascáil seo, ar ní inseachadta í faoin bPlean Gníomhaíochta do Phoist do 2012 (Gníomh 3.41), leagtar béim go soláthraíonn infheistíocht chothromais an deis chun tacú le gnólachtaí nuathionscanta ardfháis agus chun malairtí ar mhaoiniú bainc a chur ar fáil, go háirithe do ghnólachtaí i bhfiacha. Soláthraíonn infheistíocht chothromais, ar nós aingil ghnó agus infheisteoirí príobháideacha, caipiteal fiontair, cothromas rialtais agus cothromas príobháideach, malairt ar iasachtaí agus deis chun tacú le gnóthais inmharthana atá ag iarraidh fás.

Cé go bhfuil infheistíocht chothromais ina rogha inmharthana do mhionlach gnólachtaí amháin, leagtar béim sa tuarascáil go bhfuil a húsáid ag fás. Treoraíonn an margadh an soláthar cothromais agus an úsáid chothromais den chuid is mó, ach tá bearta ann is féidir leis an Stát a dhéanamh. Tá raon leathan tionscnamh ar bun cheana ach tá cumas ann le haghaidh tuilleadh bearta breise chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin atá mar údair imní do ghnóthais agus d’infheisteoirí araon. Cé go gcuireann roinnt mhaith fiontraithe buarthaí in iúl faoin easpa maoinithe cothromais, luann infheisteoirí an easpa tionscadail inmharthana mar phríomhbhacainn ar infheistíocht.

Áirítear le príomh-mholtaí chun tacú le fiontraithe agus le gnólachtaí a iarrann maoiniú an gá le feabhsú a dhéanamh ar spéis ghnó i gcothromas/i gcuasachothromas agus ar ullmhacht ghnólachta le haghaidh infheistíochta agus an gá le tacú leis an bhforbairt IPOnna (iasachtaí a chur ar an margadh) in Éirinn agus i margaí thar lear. Níos leithne fós, tá gá le tionscnaimh níos soiléire a bheith ann chun tacú le fiontraíocht in Éirinn agus le céim níos airde de neodracht chánach ar fhiachas gnólachtaí/ar chinntí maoinithe cothromais de chuid gnólachtaí. Ar na príomh-mholtaí chun tacú le hinfheisteoirí tá an gá le feabhas a chur ar an scéim Dhreasachta Fostaíochta agus Infheistíochta (EII) chun infheistíocht a spreagadh agus chun a chinntiú go bhfuil an margadh caipitil fiontair ábalta tacú le hinfheistíocht i ngnólachtaí Éireannacha.  Tá roinnt de na moltaí sin á gcur chun feidhme tríd an *bPlean Gníomhaíochta do Phoist do 2013*.

Athbhreithniú ar an Tírdhreach Cothromais in Éirinn

### Grúpa na gComhlachtaí Stáit

Tá Forfás ina bhall de Ghrúpa na gComhlachtaí Stáit, a bunaíodh in 2012 agus a ndéanann an Roinn Airgeadais cathaoirleacht air. Tá freagracht ar an nGrúpa as príomhthionscnaimh bheartais a fhorbairt chun tacú leis an rochtain atá ag fiontair bheaga agus mheánmhéide ar chreidmheas agus ar fhoirmeacha eile maoinithe, agus as a gcur chun feidhme a chinntiú.

# Bonneagar

### Rialáil Earnála agus Iomaíochas Costais

Imríonn rialáil ag an Stát nó thar ceann an Stáit ról riachtanach maidir lena chinntiú go bhfuil gníomhaíocht eacnamaíoch a dhéanann gníomhaithe eacnamaíocha aonair comhsheasmhach le cuspóirí beartais náisiúnta níos leithne, lena n-áirítear cosaint tomhaltóirí, cáilíocht chomhshaoil, soláthar seirbhísí riachtanacha, iomaíocht agus sláinte agus sábháilteacht. Is féidir rialáil a chur in iúl trí reachtaíocht phríomha nó trí reachtaíocht thánaisteach, agus trí ghníomhaíochtaí agus chinntí na rialaitheoirí earnála. Tá sé tábhachtach, áfach, nár cheart do rialáil ualach neamhriachtanach a leagan ar ghníomhaíocht ghnó. Is féidir le rialáil mhíchuí nó iomarcach costais do ghnó a mhéadú agus dochar a dhéanamh d'iomaíochas.

Mar chuid den *Phlean Gníomhaíochta do Phoist do 2012*, thug Forfás faoi staidéar chun sainaithint a dhéanamh ar athruithe i bhfeidhmiú na rialaitheoirí earnála a d'fheabhsódh iomaíochas costais.

**Earnálacha a nDearnadh Staidéar Orthu**

Sainaithníodh raon earnálacha rialáilte lena gcur san áireamh sa staidéar seo:

- Fuinneamh - leictreachas agus gás;
- Teileachumarsáid - glaonna gutháin agus seirbhísí leathanbhanda;
- Iompar - táillí aerfoirt agus lasta iarnróid;
- Bainistíocht dramhaíola; agus
- Seirbhísí uisce/fuíolluisce.

Léiríonn na hearnálacha a cuireadh san áireamh sa staidéar seo an riachtanas sna téarmaí tagartha chun díriú ar chostais dír-ionchuir a bhaineann le fiontair.

Déanann an staidéar idirdhealú idir ról an lucht déanta beartais chun spriocanna beartais a shocrú, cinneadh a dhéanamh ar struchtúir rialaitheoirí agus treoir ghinearálta a chur ar fáil, agus ról na rialaitheoirí chun na cinntí beartais a chur chun feidhme, go minic le beagán rogha. D'aimsigh an measúnú ar na tiománaithe costas go mbíonn tionchar níos mó ag gníomhaíochtaí beartais ar iomaíochas costais ná a bhíonn ag aon athruithe rialála i mórán cásanna.  Tá roinnt réimsí ann, áfach, mar a bhféadfadh athruithe ar fheidhmiú na rialaitheoirí earnála tionchar fíor agus dearfach a bheith acu ar iomaíochas costais. Baineann siad seo le fócas na sainorduithe rialála, le leibhéal agus leorgacht na n-acmhainní, na gcumhachtaí forfheidhmiúcháin agus na smachtbhannaí ar fáil do na rialaitheoirí, agus le héifeachtúlacht an phróisis achomhairc. Go háirithe, ní mór do thíortha forbairt a dhéanamh ar chuspóirí rialála atá soiléir agus comhsheasmhach agus ina dtugtar tosaíocht d'eochairspriocanna chun rialáil eacnamaíoch éifeachtach a chinntiú. Ní mór iad a chur i bhfeidhm agus a mheas ina dhiaidh sin chun a chinntiú go bhfuil na cuspóirí á gcomhlíonadh. Tá tomhas feidhmíochta ríthábhachtach chun a mheas an bhfuil na cuspóirí á gcomhlíonadh nó nach bhfuil agus tá bearta forfheidhmiúcháin ag teastáil chun comhlíonadh oibleagáidí rialála agus rialacha margaidh a chinntiú.

Tógfaidh sé roinnt ama athruithe ar rialáil earnála chun iomaíochas costais a fheabhsú a chur chun feidhme go hiomlán. Ón taobh praiticiúil de, d'fhéadfaí roinnt mhaith de na gníomhaíochtaí arna sainaithint chun feabhas a chur ar éifeachtacht na rialála eacnamaíche a chomhordú le tionscnaimh thábhachtacha eile (e.g. trasuíomh threoracha an AE sa réimse beartais nó beartais náisiúnta nua i réimse ar leith a fhorbairt agus a chur chun feidhme). Níos práinní ná sin, teastaíonn an t-ullmhú ráitis bheartais nua Rialtais faoi rialáil eacnamaíoch in 2013 ó Ghníomh 165 den *Phlean Gníomhaíochta do Phoist do 2013*. Tá an ráiteas nua le

tabhairt chun críche ag Roinn an Taoisigh faoi lár na bliana 2013. Oibreoidh Forfás leis na páirtithe lena mbaineann chun dul chun cinn a dhéanamh ar phríomh-mholtaí.

Rialáil Earnála

### Aighneacht Chomhghníomhaireachta ar an Athchóiriú atá Beartaithe ar Sheirbhísí Uisce

I mí Feabhra 2012, chuir Forfás freagra comhghníomhaireachta isteach do pháipéar na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil faoi "Athchóiriú na hearnála uisce in Éirinn" i gcomhairle le GFT Éireann agus le Fiontraíocht Éireann.

D'fháiltigh an aighneacht chomhghníomhaireachta roimh an treoir leathan bheartais a moladh sa pháipéar seasaimh agus rinne sí tosaíochtaí na ngníomhaireachtaí forbartha fiontar le haghaidh athchóirithe ar sheirbhísí uisce a leagan amach. Déantar achoimre orthu sin thíos:

- Idirthréimhse mhín a chinntiú gan chur isteach ar sholáthar seirbhíse ná ar infheistíocht i mbonneagar;
- A chinntiú go bhfuil seirbhísí uisce na hÉireann ar phraghas iomaíoch;
- A chinntiú go ndéantar infheistíocht riachtanach chun riachtanais fiontar i lárionaid uirbeacha thábhachtacha a chomhlíonadh;
- Cinnteacht a chur ar fáil maidir le comhaontuithe leagáide idir mórúsáideoirí agus údaráis áitiúla; agus,
- Deiseanna fiontar a d'fhéadfadh teacht as athchóiriú ar an earnáil uisce a réadú.

### Leathanbhanda

Ó thaobh forbairt fiontar de, is príomhthosaíocht bonneagair é soláthar tráthúil ardseirbhísí leathanbhanda i bpríomhionaid uirbeacha. Tá an fháil fhorleathan ar ardseirbhísí agus ar bhonneagar leathanbhanda riachtanach chun an fhéidearthacht d'fhás amach anseo a réadú in earnálacha reatha agus in earnálacha atá ag teacht chun cinn. Tar éis tuarascáil mhionsonraithe, *Feidhmíocht Ard-Leathanbhanda agus Tosaíochtaí Beartais na hÉireann*, a fhoilsiú i mí na Samhna 2011, d'oibrigh Forfás go dlúth leis an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha (RCFAN) i rith 2012 chun plean náisiúnta leathanbhanda nua a ullmhú. Ionchur tábhachtach ba ea an tsraith comhairliúchán le rogha cliant gníomhaireachta forbartha faoina riachtanais leathanbhanda i mí na Bealtaine 2012, a thug eolas don aighneacht chomhghníomhaireachta fhoirmiúil chuig an RCFAN. Léiríodh san aighneacht seo go bhfuil an soláthar ardseirbhísí leathanbhanda ar an bpríomhthosaíocht infheistíochta bonneagair le haghaidh fiontar. Cuireann an fháil ar ardseirbhísí leathanbhanda deiseanna suntasacha forbartha ar fáil d'Éirinn chun fás nua a ghabháil le haghaidh fiontraíochta agus post in earnálacha reatha agus in earnálacha atá ag teacht chun cinn (e.g. na meáin dhigiteacha, néalríomhaireacht, oideachas), chun fás táirgiúlachta a bhaint amach; chun iomaíochas a fheabhsú ar fud na n-earnálacha uile; agus chun cuspóirí beartais forbartha réigiúnaí a chomhlíonadh. Ní mór d'Éirinn spriocanna uaillmhianacha a shocrú le haghaidh ardseirbhísí leathanbhanda agus a chinntiú go ndéantar gníomhaíochtaí sonracha, inseachadta agus faoi cheangal ama chun na spriocanna sin a bhaint amach a leagan amach sa phlean náisiúnta leathanbhanda lena chinntiú go bhfuil Éire i measc na dtíortha tosaigh.

Freagraíonn na gníomhaíochtaí comhaontaithe sa Phlean Náisiúnta Leathanbhanda d'Éirinn de chuid an Rialtais do roinnt mhaith de thosaíochtaí Fhorfás. Fáiltíonn Forfás roimh an infheistíocht fhógartha €175m i leathanbhanda go háirithe. Déantar ionadaíocht d'Fhorfás ar

an nGrúpa Forfheidhmithe Ardleibhéil a cuireadh ar bun chun maoirseacht a dhéanamh ar an bplean.

D'oibrigh Forfás leis an RCFAN, leis an RPFN agus le comhlachtaí eile chun forbairt a dhéanamh ar an Athchóiriú Suaiteach sa *Phlean Gníomhaíochta do Phoist do 2013* d'fhonn líon na ngnóthas ag trádáil ar líne a mhéadú. Is é aidhm an tionscnaimh seo athrú suntasach a bhaint amach ar líon na ngnóthas ag trádáil ar líne den chéad uair, agus ar líon na ngnóthas beag go háirithe.

## An Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais

Bhunaigh an Rialtas an Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais (NCC) in 1997. Tuairiscíonn sí don Taoiseach maidir le príomhcheisteanna iomaíochais atá mar dhúshlán do gheilleagar na hÉireann agus tugann sí moltaí faoi ghníomhaíochtaí beartais a theastaíonn chun staid iomaíochais na hÉireann sa mhargadh domhanda a fheabhsú. Soláthraíonn Forfás tacaíocht taighde agus rúnaíochta don Chomhairle. In 2012, d'fhoilsigh an Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais agus Forfás dhá thuarascáil ar iomaíochas:

Feidhmíocht Táirgiúlachta na hÉireann 1980-2011

Scórchárta Iomaíochais na hÉireann 2012

Chomh maith leis sin, ghlac an Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais páirt i ngníomhaíochtaí suntasacha tathanta trí láithreoireachtaí agus pháipéir a sholáthar ag raon imeachtaí agus fóram páirtithe leasmhara.

### Feidhmíocht Táirgiúlachta na hÉireann 1980-2011




Foilsíodh *Feidhmíocht Táirgiúlachta na hÉireann 1980-2011* i mí na Bealtaine 2012 agus cuireann sé síos ar fheidhmíocht táirgiúlachta na hÉireann thar an tríocha bliain atá caite i gcoibhneas leis an Ríocht Aontaithe, le SAM agus leis an Aontas Eorpach.

Is é táirgiúlacht an spreagthach príomha fadtéarmach d'iomaíochas. In aimsir déine agus éilimh laghdaithe, tairgeann táirgiúlacht cumas suntasach chun iomaíochas agus caighdeáin mhaireachtála a fheabhsú. Cuireann fás i dtáirgiúlacht ar chumas gnólachtaí dul in iomaíocht go rathúil i margaí idirnáisiúnta trí ligean dóibh táirgí a tháirgeadh ar bhealach níos éifeachtúla agus níos éifeachtúla ó thaobh costais de. Sna deich mbliana nó mar sin roimh an gcúlú reatha, spreagadh fás geilleagrach na hÉireann den chuid is mó le gnóthachain i dtáirgiúlacht agus le méadú ar uaireanta a oibríodh. Le teacht an chúlaithe, cé gur fhan feidhmíocht táirgiúlachta na hÉireann measartha láidir, rinne an laghdú ar uaireanta a oibríodh níos mó ná na gnóthachain táirgiúlachta a fhritháireamh, rud as ar tháinig crapadh géar i méid an gheilleagair.

Ní féidir le fás fostaíochta inbhuanaithe atosú gan éileamh breise ar earraí agus ar sheirbhísí Éireannacha. Imríonn roinnt tosca tionchar ar éileamh. Tá praghas ar cheann de na tosca seo agus, sa tslí sin, ní mór earraí agus seirbhísí Éireannacha a tháirgeadh ar bhealach iomaíoch.

Dá bhrí sin, is réamhriachtanas é táirgiúlacht níos airde d'fhonn filleadh ar fhás agus ar chruthú fostaíochta.

Aimsíodh na nithe seo a leanas san anailís in Feidhmíocht Táirgiúlachta na hÉireann 1980-2011:

- Bhí feidhmíocht táirgiúlachta na hÉireann measartha láidir thar an tréimhse 1980-2011. Tháinig méadú ar leibhéil táirgiúlachta saothair ó níos lú ná €14 san uair in 1980 go pas beag níos lú ná €39 san uair in 2011 agus sáraíonn leibhéil táirgiúlachta na hÉireann leibhéil táirgiúlachta ár bpiaraí agus ár bpríomhiomaitheoirí.
- In ainneoin feabhsúcháin le déanaí, is cosúil gur mhoilligh rátaí fáis táirgiúlachta saothair na hÉireann ó na 1990í, ar aon dul le treochtaí in áiteanna eile sa domhan forbartha. Cé go bhfuil rátaí fáis táirgiúlachta saothair na hÉireann ag lagú, fanann siad measartha láidir i gcomhthéacs idirnáisiúnta.
- Tá fás táirgiúlachta os cionn an mheáin i dteannta méaduithe faoi bhun an mheáin ar mheánchostas ina gcúis le hiomaíochas méadaithe na hÉireann. Tháinig cuid de na gnóthachain seo aníos, áfach, mar thoradh ar thionchar an chúlaithe ar mhargadh an tsaothair - tháinig suas go dtí trian d'fhás táirgiúlachta saothair na hÉireann ó 2007 aníos mar thoradh ar laghdú ar na huaireanta a oibríodh sa gheilleagar.

I ndáil le hiomaíochas na hÉireann a mhéadú, tá ról le himirt i dtáirgiúlacht a uasmhéadú ag fiontair agus ag an rialtas araon. Ó thaobh beartais de, tháinig roinnt impleachtaí chun cinn as an anailís seo.

- D'ainneoin dúshláin fhioscacha, ní mór d'Éirinn leanúint ar aghaidh ag infheistiú i gcláir agus i mbonneagar a fheabhsaíonn táirgiúlacht, go háirithe cláir oideachais agus oiliúna, go dtí an méid is mó is féidir. Is bunriachtanach atá beartú tosaíochta bunaithe ar anailís láidir costais is tairbhe.
- Ní mór dúinn iomaíochas sna hearnálacha neamh-intrádáilte a uasmhéadú. Is féidir le gníomhaíochtaí a neartaíonn feidhmíocht in earnálacha táirgiúlachta ísle tionchar suntasach a bheith acu ar fheidhmíocht fhoriomlán táirgiúlachta náisiúnta. Tá sé bunriachtanach go leanaimid ar aghaidh ag leathnú an bhoinn táirgiúlachta trí bhearta atá sonrach d'earnáil a fheabhsaíonn iomaíochas agus a laghdaíonn bacainní ar fhiontraíocht.
- Tá rochtain ar mhaoiniú bunriachtanach do ghnólachtaí chun táirgiúlacht a fheabhsú. Bhí infheistíocht i gcaipiteal ina spreagthach príomha fáis táirgiúlachta in Éirinn sna blianta atá caite. Ní mór an próiseas um infheistíocht chaipitil a bheith leanúnach más rud é go méadóidh fiontair na hÉireann a n-acmhainn iomaíochta. Le go leanann gnólachtaí ar aghaidh ag infheistiú i gcaipiteal, ní mór dóibh fáil a bheith acu ar mhaoiniú.
- Tá rochtain ar leathanbhanda ardchaighdeáin bunriachtanach freisin do ghnólachtaí le haghaidh táirgiúlacht a mhéadú.
- Is eochairghné i bhfeabhas a chur ar leibhéil táirgiúlachta chomhiomlána é táirgiúlacht na hearnála poiblí a mhéadú. De réir mar a leantar le hionchuir acmhainne isteach san earnáil phoiblí a laghdú, is é fás táirgiúlachta arna spreagadh ag athchóiriú an t-aon bhealach chun leibhéil seirbhíse a choinneáil agus a fheabhsú.

Feidhmíocht Táirgiúlachta na hÉireann 1980-2011

## Scórchárta Iomaíochais na hÉireann 2012

Gach bliain, foilsíonn an Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais tuarascáil ina ndéantar feidhmíocht iomaíochais na hÉireann a thagarmharcáil. I *Scórchárta Iomaíochais na hÉireann* (ar tugadh Feidhmíocht na hÉireann a Thagarmharcáil air roimhe seo) a d'ullmhaigh Forfás don Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais, soláthraítear measúnú cuimsitheach ar fheidhmíocht iomaíochais na hÉireann trí úsáid a bhaint as breis agus 125 táscaire staidrimh. Tarraingítear na táscairí as foinsí sonraí ar nós ECFE, Eurostat, na Príomh-Oifige Staidrimh agus shonraí Fhorfás féin. Is cleachtadh riachtanach é feidhmíocht iomaíochais a thagarmharcáil agus soláthraíonn na táscairí seo an fothaca anailíseach don Chomhairle chun moltaí beartais a cheapadh i gcomhair iomaíochas idirnáisiúnta na hÉireann a uasmhéadú.

Aimsítear i dtuarascáil 2012 go bhfanann an timpeallacht do ghnóthais Éireannacha dúshlánach, cé gur fhás geilleagar na hÉireann den chéad uair ón mbliain 2007. Léiríonn fás beag a raibh feidhmíocht onnmhairithe measartha láidir ina cúis phríomha leis feabhsúcháin ar ár n-iomaíochas idirnáisiúnta. Bhí roinnt comharthaí de chobhsaíocht i margadh an tsaothair, cé gur lean fostaíocht ar aghaidh ag titim agus gur lean dífhostaíocht ar aghaidh ag méadú. Baineadh comhdhlúthú suntasach amach san airgeadas poiblí. Ní chothromaíonn an chobhsaíocht seo le téarnamh, áfach, agus leagtar béim ar rioscaí móra a bhaineann le hiomaíochas sa tuarascáil, lena n-áirítear:

- An gá le leanúint ar aghaidh ag athstruchtúrú ár n-airgeadais phoiblí.
- An riachtanas leanúnach a bhaineann le hinfheistiú a dhéanamh i mbonneagar eacnamaíoch riachtanach.
- An tionchar atá ag leibhéil arda fiachais, a bhfuil iarmhairtí acu i leith iomaíochas na n-earnálacha go léir den gheilleagar agus i leith sochaí níos leithne, go háirithe i ndáil le héileamh agus le hinfheistíocht.
- An riosca go bhféadfaí gnóthachain iomaíochais le déanaí a laghdú go mear agus go bhféadfadh costais méadú go gasta arís sa todhchaí gan athchóiriú struchtúrtha.
- An gá lenár mbonn onnmhairithe a éagsúlú d'fhonn sciar den mhargadh a chosaint agus a fhás. Cé go ndearna onnmhairí fás go dtí seo a bhrú chun cinn, fanann sciar na hÉireann den mhargadh ag leibhéil réamhchúlaithe.
- Tá an mharthanacht scileanna mí-oiriúnach d'ainneoin dífhostaíocht ard. Tá dífhostaíocht fhadtréimhseach agus dífhostaíocht óige ag ardú in Éirinn agus tá siad ina mbagairtí suntasacha d'iomaíochas.
- Na dúshláin atá san easpa creidmheasa d'fhiontair.

(Scórchárta Iomaíochais na hÉireann 2012)

## Tathant

Rinneadh leibhéil shuntasacha tathanta thar ceann na Comhairle Náisiúnta Iomaíochais i rith 2012, lena n-áirítear láithreoireachtaí ag Scoil Samhraidh MacGill agus Ceardlann Eacnamaíoch Bhaile Átha Cliath. Fuair Forfás raon leathan iarratas ó fhoinsí éagsúla ar shonraí agus ar anailís ina ról mar rúnaíocht don Chomhairle freisin.

Chomh maith leis sin, rinne Forfás ceardlann na Cónaidhme Domhanda um Chomhairlí Iomaíochais a óstáil i mí na Bealtaine 2012. Le 22 rannpháirtí ó naoi dtír, ba é cuspóir na ceardlainne dul chun cinn a dhéanamh ar Scórchárta Iomaíochais a fhorbairt a ligfidh do bhaill (i) teanga choiteann a shainiú ar na saincheisteanna a bhaineann le measúnú iomaíochais; agus (ii) eochairthionscnaimh a fhorbairt chun tabhairt faoi na táscairí scórchárta.

# Daoine

“Beidh sé ina dhúshlán do chuideachtaí onnmhairithe Éireannacha a gcuid onnmhairí earraí agus seirbhíse go margaí atá ann cheana a mhéadú... le linn dóibh onnmhairí go margaí ardchumais agus éiritheacha níos nuaí a mhéadú. Tá scileanna ina n-eochairthoisc a bhféadann rath onnmhairithe a bheith ina thoradh orthu.  Is eochair-riachtanas é na scileanna díola idirnáisiúnta agus an cumas teanga agus cultúrtha agus an bua a shealbhú,”

Martin D. Shanahan, ag seoladh Príomhscileanna d’Fhiontair chun Trádáil go hIdirnáisiúnta

Beidh sealbhú na scileanna cearta agus an bhoinn thallainne chirt ina eochairspreagthach de théarnamh inár ngeilleagar agus i margadh an tsaothair. Cuirfidh lucht saothair foghlamtha agus ardoilte ar ár gcumas dul in iomaíocht i margaí idirnáisiúnta, infheistíocht dhíreach eachtrach a mhealladh, líon na bpost ag a bhfuil caighdeán níos fearr agus pá níos fearr a mhéadú, agus an geilleagar eolasbhunaithe a fhorbairt.

Tá comharthaí spreagúla don soláthar scileanna ann toisc go bhfuil níos mó daoine ag gabháil d'oideachas agus d'oiliúint i mbeagnach gach leibhéal ná mar a bhí riamh. Léiríonn an treocht in iarratais le déanaí ar an Lár-Oifig Iontrála go bhfuil gluaiseacht dheifnídeach i dtreo ábhar agus scileanna mar ar sainaithníodh éileamh sa todhchaí. Cuimsíonn sé seo gluaiseacht leantach i dtreo ábhair atá bunaithe ar eolaíocht, ar theicneolaíocht, ar innealtóireacht agus ar mhatamaitic. Tá comharthaí dearfacha ann don soláthar scileanna TFC, atá i ngannchúis ar fud an domhain, mar go bhfuil méadú ar líon na gcéimithe i gcláir ríomhaireachta ardleibhéil. Leagadh fostaíocht agus cruthú post ag barr a chláir oibre sa Phlean Gníomhaíochta do Phoist de chuid an Rialtais.  Tá deiseanna á gcur ar fáil do dhaoine aonair chun uasoiliúint nó athoiliúint a dhéanamh i réimsí ina bhfuil riachtanais scileanna shainaitheanta ag tionscnaimh ghníomhachtaithe mhargadh an tsaothair, ar nós Springboard, Clár Tiontúcháin TFC, Momentum agus JobBridge. Is bunriachtanach atá uasoiliúint leanúnach ár lucht saothair agus ailíniú ár gcórais oideachais agus oiliúna chun na scileanna agus na hinniúlachtaí atá ag teastáil ó fhostóirí a thabhairt do dhaoine anois agus don todhchaí araon.

## Riachtanais Scileanna sa Todhchaí san Earnáil Déantúsaíochta go 2020

Faoin *bPlean Gníomhaíochta do Phoist do 2012* de chuid an Rialtais, iarradh ar Fhorfás fís fhadtéarmach a fhorbairt don earnáil déantúsaíochta agus plean straitéiseach a chur i bhfeidhm a chabhróidh leis an bhfís seo a bhaint amach.  D'fhonn an tionscadal straitéiseach leathan seo a chomhlánú agus d'fhonn tacú leis, iarradh sa *Phlean Gníomhaíochta do Phoist do 2012* ar an Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí (EGFSN) tabhairt faoi mheasúnú mionsonraithe ar riachtanais scileanna déantúsaíochta na hearnála déantúsaíochta agus riachtanais níos fadtéarmaí na hearnála thar an tréimhse 2012-2020 a réamh-mheas.

### Príomhthorthaí

Tá scileanna agus inniúlachtaí ag teastáil laistigh de dhéantúsaíocht ag ardú i mbeagnach gach gairm bheatha mar thoradh ar thosca lena n-áirítear dul chun cinn san eolaíocht agus sa teicneolaíocht, uathoibriú, riachtanais rialála, TFCanna nua agus an iarracht ar fheabhsú leanúnach.

Tá roinnt ganntanais scileanna laistigh den earnáil faoi láthair, cé nach bhfuil siad ar mhórscála.  Baineann mórchuid de na ganntanais scileanna go príomha le heochairdhaoine a bhfuil an taithí acu fás gnó a bhrú chun cinn.  Tá ganntanais reatha agus todhchaí i réimsí ar nós déanamh uirlisí, meaisíneoirí CNC (ríomhrialú uimhriúil) agus tá ganntanais sa ghearrthréimhse d'innealtóirí meicniúla ag a bhfuil scileanna a bhaineann le huathoibriú, le forbairt agus le dearadh.


Moltar suas go dtí 200 áit ar chúrsaí iarchéime teagasctha go sonrach chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais chriticiúla ar fud roinnt réimsí innealtóireachta, lena n-áirítear bailíochtú, polaiméir, cáilíocht, uathoibriú agus innealtóireacht shlabhra an tsoláthair.

D'ainneoin caillteanas suntasach fostaíochta thar na deich mbliana a chuaigh thart, tá an cumas ag fostaíocht i ndéantúsaíocht na hÉireann cobhsú agus fás sa todhchaí.  Faoi na cásanna fáis iomaíoch a chuirtear i láthair sa tuarascáil seo, d'fhéadfadh fás 43,000 teacht ar

ghlanfhostaíocht go 2020. Is go ríthábhachtach a bhraithfidh méid an fháis seo ar bhaint amach a dhéanamh ar laghduithe ar chostais saothair agus ghnó, ar fheabhsúcháin ar tháirgiúlacht agus ar nuálaíocht agus ar réadú sholáthar na scileanna riachtanacha. Meastar gurb ionann éileamh athsholáthair don earnáil agus thart ar 4,000 go 5,000 post sa bhliain.

Riachtanais Scileanna sa Todhchaí san Earnáil Déantúsaíochta go 2020

## Príomhscileanna d'Fhiontar chun Trádáil go hIdirnáisiúnta




I mí an Mheithimh 2012, d'fhoilsigh Forfás agus an EGFSN *Príomhscileanna d'Fhiontar chun Trádáil go hIdirnáisiúnta*, ina leagtar amach na scileanna agus an tallann atá ag teastáil chun feidhmíocht thrádála agus onnmhairithe na hÉireann a bhrú chun cinn i margaí atá ann cheana agus i margaí éiritheacha thar lear araon.

Go sonrach, leagtar amach ann na tacair scileanna riachtanacha ar cheart do dhaoine féachaint lena bhforbairt chun leas a bhaint as deiseanna fostaíochta a thagann aníos laistigh de chuideachtaí onnmhairithe, go háirithe an gá lenár n-oilteacht teanga iasachta agus lenár gcumas chun díol isteach i margaí idirnáisiúnta a fheabhsú.

Sainaithníodh sa staidéar 2,200 deis fostaíochta a d'fhéadfadh teacht aníos laistigh de chuideachtaí onnmhairithe a d'fhéadfaí a líonadh trí chúrsaí oiriúnaithe tiontaithe scileanna arna bhforbairt i gcomhpháirtíocht le tionscal sna réimsí seo: ríomhaireacht TFC, tacaíocht díolachán agus seirbhíse do chustaiméirí a labhraíonn teanga iasachta, innealtóireacht dearaidh, díolacháin idirnáisiúnta le teangacha iasachta agus bainistíocht tionscadal.

Déantar raon moltaí sonracha sa tuarascáil chun a chinntiú go gcomhlíonann ár n-oideachas, ár n-oiliúint agus ár bhforbairt ghairmiúil riachtanais ár gcuideachtaí onnmhairithe. Díríonn na moltaí sa tuarascáil ar na naoi n-eochairghníomhaíocht seo a leanas:

1. Scileanna bainistíochta domhanda / idirnáisiúnta a fhorbairt i mbainisteoirí agus i gcéimithe.
2. Cumas margaíochta idirnáisiúnta a bhreisiú.
3. Caidre de ghairmithe díolachán idirnáisiúnta a fhorbairt.
4. Scileanna bainistíochta tionscadal, lóistíochta agus soláthair a fhorbairt.
5. Scileanna seirbhíse / tacaíochta idirnáisiúnta do chustaiméirí a bhreisiú.
6. Cumas scileanna dearaidh agus forbartha idirnáisiúnta a fhorbairt.
7. Lucht saothair ilteangach a fhorbairt le haghaidh áit mhargaidh atá ag éirí níos domhandaithe.
8. Scileanna boga agus inniúlacht a fhorbairt le haghaidh oibriú rathúil le custaiméirí idirnáisiúnta.
9. Aghaidh a thabhairt ar dheiseanna fostaíochta i ngnó idirnáisiúnta.

Rinneadh cuid de na ganntanais scileanna reatha agus de na ganntanais scileanna ar dóigh dóibh a bheith ann sa todhchaí a chur san áireamh i ndoiciméad treorach Fhorfás do Ghairm

Springboard (Feabhra 2012). Mar thoradh air sin, mhol roinnt de na soláthraithe ardoideachais cláir agus modúil i ndíolacháin/margaíocht in éineacht le teangacha, díol idirnáisiúnta, margaíocht dhigiteach agus bainistíocht onnmhairí. Tá thart ar 230 áit ar fáil i gcúrsaí a bhfuil fócas dian acu ar ghnó idirnáisiúnta agus i gcúrsaí ginearálta breise a chuirtear ar fáil ar scileanna tras-fhiontar agus ar fhiontraíocht.

Príomhscileanna d'Fhiontar chun Trádáil go hIdirnáisiúnta



**Seoladh thuarascáil Fhorfás / EGFSN faoi Phríomhscileanna d'Fhiontar chun Trádáil go hIdirnáisiúnta**

Sa phictiúr tá (ar chlé - ar dheis) Martin D. Shanahan, Príomhfheidhmeannach, Forfás, Richard Bruton T.D., an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, Una Halligan, Cathaoirleach, EGFSN agus Marie Bourke, Bainisteoir Roinne,Oideachas, Scileanna, Comhshaol agus Anailís Suirbhé, Forfás.

## Ailíniú Níos Mó Oideachais agus Oiliúna a Bhrú Chun Cinn le Riachtanais Scileanna na bhFostóirí

### Treoirlínte um Ailíniú na gClár Breisoideachais le Riachtanais Scileanna na Fiontraíochta

I rith 2012, rinne an Rannóg Bhreisoideachais den Roinn Oideachais agus Scileanna Forfás a choimisiúnú chun forbairt a dhéanamh ar thacar treoirlínte straitéiseacha do na Coistí Gairmoideachais (agus na Boird Oideachais agus Oiliúna beartaithe sa todhchaí) chun cabhrú leo cláir agus cúrsaí a ailíniú níos fearr le riachtanais scileanna fiontraíochta.

Sainaithníonn an taighde riachtanais scileanna na bhfiontar a bhaineann leis an earnáil bhreisoideachais, lena n-áirítear riachtanais earnála, ghairme agus chineálacha, agus tugann sé breac-chuntas ar mholtaí chun aghaidh a thabhairt ar na bearnaí seo.

Chomh maith leis sin, leagann na treoirlínte béim ar roinnt réimsí beartais inar féidir leis na Coistí Gairmoideachais (agus leis na Boird Áitiúla Oideachais agus Oiliúna) cabhrú le hailíniú níos mó idir cláir bhreisoideachais agus an earnáil fiontar a bhrú chun cinn.

Ina measc seo tá:

- Caighdeán na sonraí suirbhé agus meastóireachta a fheabhsú;
- Béim a chur ar chumas cáilíochta agus dul chun cinn na gclár;
- Torthaí creidiúnaithe leantacha a chinntiú do dhaoine a bhfuil leibhéil ísle d'oideachas tosaigh acu;

- Teagmháil a dhéanamh le fostóirí, seirbhísí fostaíochta poiblí agus soláthraithe eile oideachais agus oiliúna sa cheantar áitiúil;
- Fáil ar fhoghlaim san ionad oibre agus ar dheiseanna foghlama solúbtha a mhéadú;
- Gairmthreoir agus faisnéis ghairme a chur ar fáil go foirmiúil san earnáil bhreisoideachais;
- Soláthar leordhóthanach scileanna cineálacha/inaistrithe ag teastáil ar fud fiontar a chinntiú;
- Tacaí leordhóthanacha litearthachta/uimhearthachta a chinntiú;
- A chinntiú go ndéantar monatóireacht iomchuí ar dhámhachtainí dírithe ar rialáil;
- Tairiscint d'Aitheantas Réamhfhoghlama (RPL) a fhorbairt agus a bhreisiú; agus
- An scaipeadh d'fhaisnéis dea-chleachtais a fheabhsú.

## Treoir do Sholáthraithe Ardoideachais ar Riachtanais Scileanna atá ann Faoi Láthair agus a bheidh ann sa Todhchaí san Fhiontraíocht - Gairm Springboard 2012

Is ciste ilbhliantúil é Springboard a chuireann cúrsaí páirtaimseartha ardoideachais ar fáil saor in aisce chun cabhrú le daoine dífhostaithe agus le daoine a bhí féinfhostaithe roimhe sin uasoiliúint nó athoiliúint a dhéanamh i réimsí ina bhfuil riachtanas scileanna faoi láthair agus ina mbeidh riachtanais scileanna sa todhchaí. D'eisigh an tÚdarás um Ard-Oideachas dara gairm Springboard i mí Feabhra 2012. Chun an ghairm tograí a thionlacan, d'ullmhaigh Forfás doiciméad dar teideal *Treoir do Sholáthraithe Ardoideachais ar Riachtanais Scileanna atá ann Faoi Láthair agus a bheidh ann sa Todhchaí san Fhiontraíocht*.

Soláthraíodh faisnéis mhionsonraithe sa doiciméad treorach maidir le héileamh scileanna atá ann faoi láthair agus a bheidh ann sa todhchaí dóibh siúd a bhíonn ag cur tairiscint isteach chun a chinntiú go bhfuil cláir oiliúna faoi Springboard ailínithe le riachtanas scileanna fiontraíochta.

Tugadh breac-chuntas sa doiciméad treorach ar earnálacha fáis ar leith d'fhiontraíocht (TFC, feistí leighis, an geilleagar glas, cógaisíocht, bia agus deoch, agus seirbhísí airgeadais idirnáisiúnta) de bhreis ar scileanna tras-fhiontar amhail Sé Shigme, córais bharainneacha agus ardchaighdeáin, díol idirnáisiúnta, teangacha agus scileanna fiontraíochta.

Treoir do Sholáthraithe Ardoideachais ar Riachtanais Scileanna atá ann Faoi Láthair agus a bheidh ann sa Todhchaí san Fhiontraíocht - Gairm Springboard 2012

## Aighneacht chuig Comhairliúchán SOLAS

I mí Eanáir 2012, rinne Forfás aighneacht chuig an gcomhairliúchán maidir le bunú SOLAS, an t-údarás nua breisoideachais agus oiliúna. Beidh freagracht straitéiseach ar SOLAS as breisoideachas atá á sholáthar faoi láthair ag Coistí Gairmoideachais agus as oiliúint atá á sholáthar faoi láthair ag FÁS.

Tugann aighneacht Fhorfás aghaidh ar cheisteanna ar leith a iarradh sa chomhairliúchán faoi na príomhréimsí beartais seo a leanas: struchtúir mhaoinithe agus riaracháin; tosca ba cheart a bheith mar bhonn agus thaca ag soláthar cúrsaí; agus an dóigh is fearr chun foghlaimeoirí a threorú agus tacú leo.

Chuir Forfás béim ar an ngá le hearnáil bhreisoideachais agus oiliúna atá freagrúil agus solúbtha agus a fhreastalaíonn ar riachtanais gheilleagar agus mhargadh saothair an 21ú hAois.

Ba cheart maoiniú a bheith treoraithe ag éileamh, bunaithe ar riachtanais oiliúna shainaitheanta na bhfostóirí agus na bhfostaithe agus a bheith ailínithe le cuspóirí beartais náisiúnta mhargadh an tsaothair, lena n-áirítear an *Straitéis Náisiúnta Scileanna*, an *Plean Gníomhaíochta do Phoist*, *Bealaí chun na hOibre* agus moltaí an tSainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí. Ba cheart díriú ar an dul chun cinn a dhéanann foghlaimeoirí go fostaíocht/féinfhostaíocht agus/nó go breisoideachas agus go hoiliúint.




**Seoladh thuarascáil Fhorfás / EFGSN 'Príomhscileanna d'Fhiontar chun Trádáil go hIdirnáisiúnta'**

Sa phictiúr tá (ar chlé - ar dheis) Richard Bruton T.D., an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus Martin D. Shanahan, Príomhfheidhmeannach, Forfás

## Aighneacht chuig Comhchoiste an Oireachtais um Poist, Coimirce Shóisialach agus Oideachas ar Dhífhostaíocht agus Dífhostaíocht Óige

D'fhulaing aoischohóirt níos óige leibhéil níos airde dífhostaíochta i gcoibhneas le hoibrithe níos sine a bhfuil níos mó taithí acu.I mí Aibreáin 2012, d'fhreagair Forfás don iarratas ón gCoiste um Poist, Coimirce Shóisialach agus Oideachas ar aighneacht maidir le saincheist na dífhostaíochta agus na dífhostaíochta óige ag a bhfuil díriú ar leith ar na nithe seo a leanas:

- Ráta foriomlán dífhostaíochta agus dífhostaíochta óige;
- Próifíl scileanna na ndaoine dífhostaithe;
- Foinsí ionchasacha fostaíochta agus an phróifíl scileanna á cur san áireamh;
- Bearta ba cheart don Rialtas a ghlacadh; agus
- Bearta a bhaineann go sonrach le teagmháil a dhéanamh le daoine óga dífhostaithe agus iad a ghníomhachtú.

Formhíníonn an aighneacht bearta ba cheart don Rialtas a ghlacadh chun dul i ngleic le dífhostaíocht agus le dífhostaíocht óige, lena n-áirítear:

- Díriú ar thomhas feidhmíochta trí thorthaí agus trí luach ar airgead;
- Idirghníomhaíocht éifeachtach a bhunú idir an tSeirbhís Náisiúnta Fostaíochta agus Teidlíochta, SOLAS, na Boird Áitiúla Oideachais agus Oiliúna agus soláthraithe eile;
- Dídhreasuithe chun rannpháirtíochta sa mhargadh saothair a íoslaghdú;
- A chinntiú go bhfuil an dearadh atá ar chúrsaí nua ardoideachais, breisoideachais agus oiliúna ábhartha do riachtanais mhargaidh shaothair agus scileanna;

- A chinntiú go bhfuil idirghabháil don duine aonair ábhartha, agus go dtaispeánann sí conair forchéimnithe shoiléir don fhoghlaimeoir;
- Córas maoinithe solúbtha a fhorbairt, a bhfuil an cumas aige forbairt a dhéanamh ar dhea-chleachtas nuair is iomchuí agus cláir a aimsítear a bheith neamhéifeachtach a chiorrú; agus
- Smachtbhannaí a chruthú do neamh-rannpháirtíocht chun cultúr a chothú ina mbíonn cuardaitheoirí poist rannpháirteach sa phróiseas um chuardach post agus um tharchur chuig poist agus chuig oiliúint agus ina nglacann siad le deiseanna nó tacaí fostaíochta.

Maidir le bearta a bhaineann le teagmháil a dhéanamh le daoine óga dífhostaithe san aoischohórt faoi bhun 25 bliain d'aois agus iad a ghníomhachtú, chuir Forfás béim ar an ngá le díriú ar roinnt foghrúpaí:

- Ba cheart spriocdhíriú ar dhaoine idir 15-19 bliain d'aois nár chríochnaigh meánoideachas uachtarach nó a chomhionann ar mhaithe le filleadh ar oideachas foirmiúil.
- Daoine faoi bhun 25 bliain d'aois nach bhfuil ardoideachas acu, dírithe ar fhir óga go háirithe. Ba cheart an Clár Printíseachta a athmhúnlú le go mbeadh sé níos solúbtha, níos saoire agus níos giorra ó thaobh faid de agus ba cheart dó raon leathan gairmeacha beatha a chlúdach. Ba cheart cúrsaí oiliúna a leathnú le go mbeadh baint ag leibhéil dul chun cinn ar fud gairmeacha beatha agus raon níos leithne gairmeacha beatha araon leo, e.g. riarachán agus dlí gnó, teicneolaíochtaí innealtóireachta agus déantúsaíochta, TFC, miondíol agus gairmeacha beatha tráchtála.
- Daoine faoi bhun 25 bliain d'aois a bhfuil cáilíochtaí ardoideachais acu. Ba cheart an príomhfhócas a bheith ar scileanna gnóthaithe poist a fhorbairt agus taithí a ghnóthú trí scéimeanna socrúchán fostaíochta, de bhreis ar idirghabhálacha nideoige oideachais agus oiliúna a chur ar fáil nuair is iomchuí, mar shampla, trí Springboard.

## Comhairle ar an mBeartas Imirce Eacnamaíochta

Le linn 2012, lean Forfás ar aghaidh ag cur comhairle ar an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta (RPFN) faoi bheartas imirce eacnamaíochta.

I measc na comhairle a cuireadh ar fáil in 2012 bhí athruithe i dtreochtaí agus i nganntanais scileanna sa mhargadh saothair a aithint, bunaithe ar an anailís cuimsithe san *Fheasachán Scileanna Náisiúnta 2012* de chuid an EGFSN. Úsáideann an RPFN an fhaisnéis seo chun cinneadh a dhéanamh faoi na gairmeacha beatha a bheadh incháilithe le haghaidh Cártaí Glasa agus Ceadanna Oibre.

Chomh maith le tuairiscí chun dáta faoin margadh saothair, lean Forfás ag soláthar ionchuir don RPFN i ndáil le raon saincheisteanna beartais imirce de réir mar a tháinig siad chun cinn.

## An Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí

Bainistíonn Forfás obair an tSainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí (EGFSN). Tugann Forfás agus an tAonad Taighde ar Scileanna agus ar an Margadh Saothair de chuid FÁS faoin taighde agus faoin anailís a dhéantar don EGFSN.

Tugann an Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí (EGFSN) comhairle do Rialtas na hÉireann maidir le riachtanais scileanna an gheilleagair atá ann faoi láthair agus a bheidh ann sa todhchaí agus maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an margadh saothair a bhfuil

tionchar acu ar fhás fiontraíochta agus fostaíochta na hÉireann. Tá ról lárnach aige le déanamh cinnte go mbítear ag súil le riachtanais an mhargaidh saothair ó thaobh oibrithe oilte, agus go gcomhlíontar na riachtanais seo. Cuimsíonn an EGFSN ionadaithe lucht gnó, fostaithe, lucht oideachais, ranna rialtais agus gníomhaireachtaí stáit.

Cuireann an EGFSN comhairle ar fáil don Rialtas maidir le saincheisteanna scileanna a bhfuil tionchar acu ar an bhfiontraíocht trí chomhairle a sholáthar faoi:

- Riachtanais scileanna ag leibhéal náisiúnta agus earnálach;
- Riachtanais tosaíochta oiliúna;
- Riachtanais scileanna nach mór a chomhlíonadh trí imirce isteach;
- Ábhar agus soláthar clár a oiriúnú;
- Tionchar a imirt, agus monatóireacht a dhéanamh, ar chur chun feidhme.

## Ráiteas Gníomhaíochta an tSainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí 2011

Soláthraíonn an Ráiteas Gníomhaíochta bliantúil sonraí faoi aschur agus ghníomhaíocht an Ghrúpa sa bhliain roimhe sin, faoin obair a dhéanfaidh sé san am romhainn agus faoi fhaisnéis maidir le hacmhainní taighde agus anailíse an Ghrúpa.

Chomh maith leis sin, soláthraíonn an tuarascáil forbhreathnú ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ar bhaint amach na spriocanna atá leagtha amach sa *Straitéis Náisiúnta Scileanna* (NSS). Leanann Éire ag déanamh dul chun cinn chun spriocanna na Straitéise Náisiúnta Scileanna a bhaint amach. I rith 2010, mhéadaigh an sciar de chéimithe tríú leibhéal go 41 faoin gcéad, agus thit an sciar den lucht saothair ag a bhfuil níos lú ná meánoideachas uachtarach go níos lú ná 20 faoin gcéad. Tá tuilleadh feabhsúchán ag teastáil chun na spriocanna ag gach leibhéal a chomhlíonadh faoi 2020.

Ráiteas Gníomhaíochta an tSainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí (EGFSN) 2011

## Dul chun cinn ar chur chun feidhme mholtaí thuarascáil an tSainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí

Déanann an Grúpa monatóireacht leanúnach ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ar chur chun feidhme mholtaí an EGFSN, lena n-áirítear athbhreithniú ar staidéir earnála sé mhí tar éis a chríochnú dóibh. Scríobhtar chuig príomhpháirtithe leasmhara a sainaithníodh go bhfuil freagracht orthu as moltaí a chur chun feidhme tar éis foilsithe agus iarrtar orthu eolas a thabhairt don EFGSN faoin dul chun cinn atá á dhéanamh ar chur chun feidhme.

## Comhoibriú le hAonad Taighde ar Scileanna agus ar an Margadh Saothair de chuid FÁS

Le linn 2012, lean Forfás ar aghaidh ag obair go dlúth leis an Aonad Taighde Margaidh Saothair agus Scileanna (SLMRU) de chuid FÁS. In 2012, chuir FÁS na tuarascálacha seo a leanas i gcrích thar ceann an EGFSN:

- Tarraingíonn *Forbhreathnú ar Fholúntais 2011*, a foilsíodh i mí Feabhra 2012, ar roinnt foinsí sonraí a choimeádtar sa Bhunachar Náisiúnta Scileanna chun forbhreathnú a chur ar fáil ar an éileamh ar shaothar mar atá measta ag treochtaí i bhfolúntais fhógartha phoist.
- Tarraingíonn an *Feasachán Scileanna Náisiúnta 2012,* a foilsíodh i mí Iúil 2012, ar shonraí faoi fhostaíocht, faoi fholúntais, faoi fhógraí poist agus faoi inimirce agus faoi

fhaisnéis cháilíochtúil eile a choimeádtar sa Bhunachar Náisiúnta Scileanna, chun sainaithint a dhéanamh ar mhíchothromaíochtaí i margadh saothair na hÉireann ag leibhéal gairme.

- Soláthraíonn *Monatóireacht a Dhéanamh ar Sholáthar Scileanna na hÉireann 2012 - Treochtaí in Aschuir Oideachais agus Oiliúna*, a foilsíodh i mí Iúil 2012, tásc ar an soláthar scileanna go margadh saothair na hÉireann ón gcóras oideachais fhoirmiúil agus oiliúna trí scrúdú a dhéanamh ar eis-sreafaí as an gcóras oideachais fhoirmiúil ar fud leibhéal 1-10 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ).
- Is é *Feasachán Margaí Saothair Réigiúnacha 2012*, a foilsíodh i mí Eanáir 2013, an chéad fhoilseachán de chuid an EGFSN a scrúdaíonn margaí saothair réigiúnacha in Éirinn. Soláthraíonn sé tásca ar mhargadh saothair, próifíl faoi ghnóthais agus thionscadail thábhachtacha, deiseanna fostaíochta a d'fhéadfadh a bheith ann agus soláthar scileanna reatha agus ionchasach.

Chomh maith leis sin, forbraíonn agus cothaíonn an SLMRU an Bunachar Náisiúnta Scileanna (NSD), ina dtiomsaítear gach faisnéis atá ar fáil maidir le soláthar agus éileamh ar scileanna in Éirinn. Tugadh an Bunachar Náisiúnta Scileanna cothrom le dáta in 2012 le go mbeadh na staitisticí agus an fhaisnéis is déanaí le fáil air faoi fhostaíocht; faoi aschur oideachais agus oiliúna; faoi lucht saothair inimirceach; faoi na folúntais phoist a fógraíodh; faoi mhúnlaí réamhaisnéise an lucht saothair; faoi mhúnlaí réamhaisnéise fostaíochta ceirde, agus faoi shuirbhéanna ar ghníomhaireachtaí earcaíochta.

## Tathant

Le linn 2012, lean an EGFSN ag obair le páirtithe leasmhara lena chinntiú go scaipfí sonraí ríthábhachtacha faoin margadh saothair i measc na bpáirtithe ábhartha uile. Chuir an Cathaoirleach agus Ceannaire Rúnaíochta Fhorfás don EFGSN láithreoireachtaí ar fáil faoi raon fairsing saincheisteanna a bhain leis an margadh saothair ag comhdhálacha agus ag fóraim i gcaitheamh na bliana. De bhreis air sin, leanann páirtithe leasmhara ar nós Careers Portal, Qualifax agus Career Direction ar aghaidh ag úsáid aschur an Ghrúpa chun eolas a thabhairt dá spriocphobal.

# Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (BNÉC)

# Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú

Is é Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (BNÉC) comhlacht náisiúnta na hÉireann laistigh de líonra Eorpach na gcomhlachtaí creidiúnaithe. Déanann an BNÉC measúnú ar chomhlachtaí deimhniúcháin, ar shaotharlanna agus ar chomhlachtaí cigireachta d'fhonn comhréireacht a chinntiú le caighdeáin chomhchuibhithe idirnáisiúnta trí dhearbhú a sholáthar go léiríonn na comhlachtaí seo inniúlacht agus acmhainn feidhmíochta agus a gcuid oibre á cur i gcrích acu.

Tá ról tábhachtach ag creidiúnú maidir le cinntiú go mbíonn rochtain ag táirgí agus seirbhísí Éireannacha ar mhargaí an AE agus ar mhargaí domhanda araon. Tá méadú suntasach tagtha ar an éileamh ar chreidiúnú le déanaí fosta de réir mar a leanann Rialaitheoirí Náisiúnta ag brath ar mheasúnú comhréireachta mar mheicníocht chun tacú le forfheidhmiú reachtaíochta agus chun inniúlacht a dheimhniú.

Cinntíonn ballraíocht an BNÉC i gcomhaontuithe idirnáisiúnta go bhfuil teastais chreidiúnaithe agus torthaí tástála a dhéantar in Éirinn inghlactha ar fud an domhain, rud a laghdaíonn bacainní teicniúla ar thrádáil idirnáisiúnta. Tá an BNÉC ina shínitheoir do na comhaontuithe iltaobhacha (MLAnna) don Eoraip trí mheán an Chomhair Eorpaigh um Chreidiúnú (EA) agus ar bhonn domhanda trí mheán an Chomhair Idirnáisiúnta um Chreidiúnú Saotharlainne (ILAC) agus an Fhóraim um Chreidiúnú Idirnáisiúnta (IAF).



### Bronnadh MRA um Chigireacht an ILAC ar an BNÉC

Sa phictiúr tá Adrienne Duff, Bainisteoir, an BNÉC, ag fáil Deimhniú Aitheantais Fhrithpháirtigh an ILAC thar ceann an BNÉC.

Síníonn comhlachtaí creidiúnaithe a ndearna piaraí measúnú orthu a bheith inniúil socruithe a bhreisíonn an glacadh le táirgí agus le seirbhísí thar theorainneacha náisiúnta agus, tríd sin, cruthaítear creat chun tacú le trádáil idirnáisiúnta trí bhacainní teicniúla a bhaint.

Déanann an Comhar Idirnáisiúnta um Chreidiúnú Saotharlainne (ILAC) na socruithe seo a bhainistiú i réimse an chreidiúnaithe saotharlainne agus cigireachta agus déanann an Fóram um Chreidiúnú Idirnáisiúnta (IAF) na socruithe seo a bhainistiú i réimsí na gcóras bainistíochta, na dtáirgí, na seirbhísí, an phearsanra agus cláir chomhchosúla eile um measúnú comhréireachta. Oibríonn an dá eagraíocht, an ILAC agus an IAF, le chéile agus comhordaíonn siad a gcuid iarrachtaí chun an measúnú creidiúnaithe agus comhréireachta a bhreisiú ar fud an domhain.

## Feidhmeanna an BNÉC

Tá cúig fheidhm ar leith ag an BNÉC, gach ceann ag feidhmiú de réir caighdeáin agus/nó rialacháin shonracha Eorpacha agus idirnáisiúnta.

- Creidiúnú Saotharlainne
- Creidiúnú Comhlachtaí Deimhniúcháin
- Creidiúnú Comhlachtaí Cigireachta
- Dea-chleachtas Saotharlainne
- An Comhlacht Náisiúnta Inniúil le haghaidh EMAS

### Creidiúnú Saotharlainne

**Tástáil agus Calabrú Trealaimh do ISO/IEC 17025:2005**

Is aitheantas foirmiúil ar inniúlacht saotharlainne tástálacha sonracha a dhéanamh é creidiúnú saotharlainne ISO/IEC 17025:2005, creidiúnú a bhronnann an BNÉC. I rith 2012, rinne an BNÉC 139 iniúchadh ar an láthair ar shaotharlanna atá creidiúnaithe/is iarratasóirí mar chuid den Chlár Creidiúnaithe Saotharlainne, clár arb é a bhí mar thoradh leis cothú 110 creidiúnú saotharlainne, bronnadh creidiúnaithe ar 4 shaotharlann nua agus leathnú raon feidhme ar fud na ndisciplíní éagsúla.

**Creidiúnú Saotharlainne Míochaine do ISO/IEC 15189:2007**

Chothaigh an BNÉC 60 creidiúnú saotharlainne míochaine ag caighdeán idirnáisiúnta ISO/IEC 15189:2007 i rith 2012, agus rinne INAB 77 iniúchadh ar an láthair ar eagraíochtaí is iarratasóirí agus atá creidiúnaithe. Bronnadh creidiúnú ISO/IEC 15189:2007 ar dhá shaotharlann tástála míochaine in 2012 agus cuireadh líon mór síntí le raon feidhme thar dhisciplíní éagsúla.

Lena chois sin, fuair an BNÉC tuilleadh iarratas ar chreidiúnú sna disciplíní míochaine ar fad ón earnáil seo i rith 2012, rud a chiallaíonn gur earnáil í seo atá fós ag fás.

### Creidiúnú Comhlachtaí Deimhniúcháin

Tugann an BNÉC creidiúnú do chomhlachtaí deimhniúcháin atá i mbun deimhniú táirge, deimhniú córas bainistíochta agus deimhniú daoine. Chomh maith leis sin, bronnann sé creidiúnú EMAS – Scéim um Éiceabhainistíocht agus um Éiciniúchóireacht an AE ar chomhlachtaí deimhniúcháin maidir le deimhniú córais bhainistíochta comhshaoil (EMS).

Tá na comhlachtaí deimhniúcháin sin freagrach as eagraíochtaí a dheimhniú atá ag comhlíonadh sraith caighdeán ISO 9000 (córais bhainistíochta cáilíochta), ISO 14001 (córais bhainistíochta comhshaoil), EN 50001 (córais bhainistíochta fuinnimh); ISO 27001 (bainistiú slándáil faisnéise), táirgí agus daoine a dheimhniú agus astuithe gáis cheaptha teasa a dheimhniú de réir chreidiúnú an BNÉC.

Rinne an BNÉC 46 iniúchadh ar an láthair i ndáil le comhlachtaí deimhniúcháin atá creidiúnaithe/ is iarratasóirí i rith na bliana 2012.

**An Scéim um Thrádáil Astuithe Gáis Cheaptha Teasa**

Rinne an BNÉC, i gcomhar leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA), clár creidiúnaithe a bhunú agus a chur chun feidhme le tacú le cur chun feidhme scéim trádála astuithe Gáis Cheaptha Teasa (GCT) atá sonraithe i dTreoir Eorpach 2003/87/CE. Is é EPA an t-údarás inniúil ainmnithe maidir le cur chun feidhme na treorach in Éirinn. Is é an BNÉC an comhlacht deimhniúcháin atá freagrach as fíoraitheoirí a chreidiúnú chun fíoruithe a dhéanamh ar na tuarascálacha astuithe de réir na reachtaíochta cuí.

Chuir an BNÉC an caighdeán creidiúnaithe nua le haghaidh fíoraitheoirí GCT a chreidiúnú i bhfeidhm in 2012 agus tá sé beartaithe aige leanúint le stádas comhaontaithe iltaobhaigh in 2013.

**Creidiúnú na gCóras Bainistíochta**

Chothaigh an BNÉC creidiúnú do cheithre chomhlacht deimhniúcháin creidiúnaithe d'fhonn deimhniú cuideachtaí Éireannacha a bhronnadh ar roinnt caighdeán córas bainistíochta.

Fuarthas iarratas ar an gcóras bainistíochta sábháilteachta bia agus deimhniú córas sláinte ceirde agus sábháilteachta in 2012.

**Deimhniú Táirge**

Is réimse fáis a mbaineann tábhacht náisiúnta leis é deimhniú táirge bia. Éilíonn miondíoltóirí bia sa Bhreatain ar táirgeoirí bia Éireannacha iad atá ag soláthar do mhargadh na Ríochta Aontaithe go mbeidh a dtáirgí bia deimhnithe de réir shonraíocht Chuibhreannas Miondíola na Breataine (BRC). Lena chois sin, éilíonn táirgeoirí bia ar tháirgeoirí bia Éireannacha atá ag soláthar do mhargaí idirnáisiúnta a dtáirgí bia a bheith deimhnithe acu sa tslí is go mbeidh riachtanais EUREPGAP/GLOBALGAP á gcomhlíonadh acu.

In 2012, chothaigh agus leathnaigh an BNÉC creidiúnú dá chomhlachtaí deimhniúcháin atá ag soláthar scéimeanna dearbhaithe cáilíochta bia do tháirgí bia ar leibhéal riachtanas idirnáisiúnta, mar aon le scéimeanna dearbhaithe cáilíochta bia náisiúnta, dála scéimeanna Bhord Bia agus Bhord Iascaigh Mhara. Tá creidiúnú an BNÉC do dheimhniú gníomhaíochtaí feirmeoireacht orgánach in Éirinn sonraithe ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, de réir Threoir an AE maidir le Feirmeoireacht Orgánach agus, in 2012, bhí dhá chomhlacht creidiúnaithe ina leith seo ag an BNÉC.

Leanfaidh deimhniú táirge bia ar aghaidh ina réimse fáis don BNÉC go ceann i bhfad.

Le cois deimhniú táirge san earnáil bia, tugann an BNÉC creidiúnú do chomhlachtaí deimhniúcháin atá freagrach as suiteáil seirbhísí slándála a dheimhniú.

## Creidiúnú Comhlachtaí Cigireachta

Déanann an BNÉC creidiúnú ar chomhlachtaí a gcuimsíonn a gcuid oibre scrúdú ar ábhair, tháirgí, shuiteálacha, ghléasra, phróisis, ghnáthaimh oibre nó sheirbhísí agus chinneadh faoina gcomhréir le riachtanais agus tuairisciú ar thorthaí na ngníomhaíochtaí sin ina dhiaidh sin. In 2012, chothaigh an BNÉC na naoi gcreidiúnú do chomhlachtaí cigireachta atá sa chóras. Bronnadh leathnú ar raon feidhme na gcomhlachtaí cigireachta creidiúnaithe reatha i réimsí na n-iniúchtaí bia agus innealtóireachta.

I rith 2012, rinne an BNÉC 23 iniúchadh ar an láithreán ar chomhlachtaí cigireachta atá creidiúnaithe/nó is iarratasóirí agus bronnadh creidiúnú ar dhá chomhlacht iniúchta nua.

### Dea-chleachtas Saotharlainne

Is é an BNÉC an t-údarás náisiúnta monatóireachta atá freagrach as iniúchadh agus fíorú a dhéanamh ar Dhea-chleachtas Saotharlainne (DCS) faoi I.R. Uimh. 4 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach 1991 (DCS). Ag deireadh 2012, bhí Ráitis Chomhlíonta DCS ag ceithre shaoráid tástála faoin gclár seo. Rinneadh dhá iniúchadh ar an láithreán ar shaoráidí DCS comhlíontacha in 2012.

### An Comhlacht Náisiúnta Inniúil le haghaidh EMAS

Tá an BNÉC ina chomhlacht inniúil sainithe in Éirinn maidir le clárú láithreán a ghlacann páirt i Scéim um Éiceabhainistíocht agus um Éiciniúchóireacht (EMAS) an AE. Le linn 2012, choinnigh an BNÉC ceithre eagraíocht atá cláraithe le EMAS, a ndearna fíoraitheoirí creidiúnaithe EMAS a gcuid córas bainistíochta comhshaoil a fhíorú de réir na Scéime um Éiceabhainistíocht agus um Éiciniúchóireacht atá leagtha amach i Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009 ó Pharlaimint agus ó Chomhairle na hEorpa.

## Rialachán 765/2008

Chomhaontaigh Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Parlaimint na hEorpa Rialachán AE (765/08) a sholáthróidh, den chéad uair, creatchlár dlíthiúil do sholáthar seirbhísí creidiúnaithe ar fud na hEorpa. Sonraítear sa Rialachán na riachtanais a bhaineann le creidiúnú agus faireachán margaidh a bhaineann le margaíocht táirgí. Tá feidhm ag an rialachán ón 1 Eanáir 2010 i leith agus baineann sé le creidiúnú saotharlann, comhlachtaí cigireachta agus comhlachtaí deimhniúcháin a chuireann seirbhísí creidiúnaithe um measúnú ar chomhréireacht ar fáil ar bhonn deonach nó mar thaca le reachtaíocht. Sonraítear ann na hoibleagáidí atá ar bhallstáit, comhlachtaí measúnaithe comhréireachta, comhlachtaí creidiúnaithe agus an Comhar Eorpach don Chreidiúnú (EA).

Cuireann an Rialachán dualgas ar bhallstáit creidiúnú a aithint mar an modh roghnaithe chun inniúlacht comhlachtaí measúnaithe comhréireachta a léiriú. Cuirfidh an creatchlár dlíthiúil do sholáthar seirbhísí creidiúnaithe bunaithe ag an Rialachán seo le muinín sa mheasúnú comhréireachta mar aon le haitheantas frithpháirteach na dtorthaí agus na dteastas measúnachta comhréireachta a spreagadh.

I mí Eanáir 2010, ceapadh an BNÉC mar chomhlacht náisiúnta aonair um chreidiúnú d'Éirinn.

## Comhaontuithe Iltaobhacha

Choinnigh an BNÉC a bhallraíocht sna comhaontuithe iltaobhacha (MLAnna) don Eoraip trí mheán an Chomhair Eorpaigh um Chreidiúnú (EA) agus ar bhonn domhanda trí mheán an Chomhair Idirnáisiúnta um Chreidiúnú Saotharlainne (ILAC) agus an Fhóraim Idirnáisiúnta Creidiúnaithe (IAF).

## Feasacht ar Chreidiúnú

Leanadh le feasacht chreidiúnaithe agus aiseolas ó pháirtithe leasmhara i gcaitheamh na bliana 2012 trí shuirbhéanna agus trí thuairiscí cumarsáide chun dáta. Táirgeadh dhá eagrán de nuachtlitir an BNÉC in 2012 mar aon le tuairiscí teicniúla rialta chun dáta do chliaint.

# Comhaltaí Boird an BNÉC

| | |
|---|---|
|  | **Tom O'Neill, Cathaoirleach**<br>**Ceannaire Láithreáin, Pfizer, an tOileán Beag** |

| | |
|---|---|
| An Dr Adrienne Duff | (de bhrí oifige), Bainisteoir an BNÉC |
| John Shine | Stiúrthóir Cleachtas Trádála<br>An Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí (Leaschathaoirleach) |
| An Dr Andrew Wheeler | Haemaiteolaí Comhairleach<br>Ospidéal Ginearálta Shligigh |
| An Dr Nuala Bannon | Comhairleoir Sinsearach<br>An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil |
| Martin O'Halloran | Príomhfheidhmeannach<br>An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta |
| Jan van der Poel | Príomhfheidhmeannach<br>Comhlacht Creidiúnaithe na hÍsiltíre (RvA) |
| An Dr Caitríona Fisher | Bainisteoir, Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh[9]<br>Bord Leigheasra na hÉireann |
| Paul Hetherington | Stiúrthóir<br>An tSaotharlann Náisiúnta Méadreolaíochta, NSAI |
| An tOllamh Alan Reilly | Príomhfheidhmeannach<br>Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann |
| Dermot Hayes | Iar-Cheimiceoir an Stáit<br>An tSaotharlann Stáit |
| Tom Dempsey | Iar-Bhainisteoir, BNÉC |

9 Ceaptha i mí Iúil 2012

# Rialachas Corparáideach

# Rialachas Corparáideach

Bunaíodh Forfás faoin Acht um Fhorbairt Tionscail, 1993, agus feidhmíonn sé de réir fhorálacha na nAchtanna um Fhorbairt Tionscail, 1986 go 2009, agus faoi choimirce na Roinne Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta. Tá Forfás tar éis nósanna imeachta a chur ar bun chun a chinntiú go gcomhlíonfar na sainriachtanais seo a leanas:

## An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, agus an tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001

De réir fhorálacha an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, agus an Achta um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001, soláthraíonn Comhaltaí Boird Fhorfás agus comhaltaí de Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (BNÉC), a fheidhmíonn mar rannóg agus mar fho-bhord de chuid Fhorfás, ráitis a mbaineann leas ábhartha leo do Rúnaí an Choimisiúin, don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí agus cóipeanna do Rúnaí Fhorfás.

Le héifeacht ó 2011, tá baill an tSainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí (EGFSN) agus baill den Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais (NCC) ainmnithe faoi na hAchtanna.

Chomh maith leis sin, cloíonn baill foirne Forfás a bhfuil poist ainmnithe acu leis an dá Acht.

## Saoráil Faisnéise (SF)

Le héifeacht ó Eanáir 2001, tá Forfás cumhdaithe ag forálacha na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise (SF). Bunaíodh trí cheart reachtúla leis na hAchtanna seo:

- An ceart dlíthiúil atá ag gach duine rochtain a fháil ar aon eolas atá i seilbh comhlachtaí poiblí
- An ceart dlíthiúil atá ag gach duine go ndéanfaí eolas oifigiúil maidir leis/léi a leasú nuair atá an t-eolas sin neamhiomlán, mícheart nó míthreorach; agus
- An ceart dlíthiúil atá ag duine go dtabharfaí cúiseanna dó/di maidir le cinntí a rinne comhlacht poiblí a chuaigh i bhfeidhm air/uirthi

## Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 agus 2004

Tá Forfás tiomanta do bheartas comhdheiseanna agus cuireann sé an comhionannas chun cinn go dearfach san eagraíocht.

Tá roinnt scéimeanna i bhfeidhm againn a thugann deiseanna don fhoireann freastal ar a riachtanais ghairme agus phearsanta, ar nós comhroinnt poist, saoire staidéir agus cláir oideachais.

Cloíonn Forfás lena oibleagáidí reachtúla faoi na hAchtanna um Chomhionannas, 1998 agus 2004. Tá beartas ar Chosaint na Dínite san Ionad Oibre i bhfeidhm agus cuireadh in iúl don fhoireann go léir é.

## An tAcht um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1988

Tá socruithe ann d'Fhóram Comh-Rannpháirtíochta a chur ar bun chun riachtanais an Achta um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1998, a chomhlíonadh.

## An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005

De réir an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, agus Rialacháin an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag Obair (Feidhmeanna Ginearálta), 2010, tá Ráiteas Sábháilteachta ullmhaithe ag Forfás a chuimsíonn na gnéithe uile a théann i bhfeidhm ar leas ball foirne agus ar leas cuairteoirí. Déantar an doiciméad seo a nuashonrú ar bhonn leanúnach.

## Íoc Pras Cuntas

Leasaíodh an tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997, (an tAcht), a tháinig i bhfeidhm an 2 Eanáir 1998, le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála), 2002.

Tá cleachtais íocaíochta Fhorfás, mar a cheanglaítear leis an Acht, tuairiscithe thíos don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2012.

1. Is é beartas Fhorfás a chinntiú go n-íoctar gach sonrasc go pras. Tá nósanna imeachta sainiúla ar bun a chuireann ar a chumas na sonraisc uile a rianú agus a chinntiú go ndéantar íocaíochtaí roimh an spriocdháta. Déantar sonraisc a chlárú gach lá agus déantar íocaíochtaí a eisiúint de réir mar is gá chun comhlíonadh tráthúil a chinntiú.
2. Cuimsítear sa chóras rialaithe inmheánaigh na rialuithe agus na nósanna imeachta sin a mheastar a bheith riachtanach chun comhlíonadh an Achta a chinntiú. Cuimsíonn córas rialaithe inmheánaigh na heagraíochta rialuithe cuntasaíochta agus ríomhaireachta atá deartha lena chinntiú go ndéantar sonraisc agus conarthaí a aithint lena n-íocaíocht laistigh de na dátaí íocaíochta ordaithe arna sainiú faoin Acht. Tá na rialuithe seo deartha chun dearbhú réasúnta, seachas dearbhú iomlán, a sholáthar i gcoinne neamhchomhlíonadh ábhartha an Achta. Cuireann Rannóg na gCuntas tuarascáil ar fáil ina n-aithnítear sonraisc gan íoc agus déantar athbhreithniú ar an tuarascáil sin go rialta.

Tá an lucht bainistíochta sásta gur chlóigh Forfás le forálacha an Achta i ngach gné ábhartha.

Ní raibh aon fhorbairtí ábhartha ó 1 Eanáir 2013.

### Soláthraithe a Íoc go Pras

Tá Forfás tiomanta a chuid oibleagáidí a chomhlíonadh faoin Riail Íoc Pras 15 lá, a tháinig i bhfeidhm an 1 Iúil 2011.

Cinntítear leis an bhforáil sin go ndéanfar íocaíochtaí le soláthraithe i ndáil le gach sonrasc bailí a fhaightear laistigh de 15 lá féilire.

Tuairiscíonn Forfás gach ráithe sa rannóg 'Our Commitments' den suíomh gréasáin faoi chur chun feidhme na Rialach Íoc Pras 15 lá.

## Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit, 2009

I ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar an gCód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit in 2009, rinne Forfás athbhreithniú ar a phróisis chun a chinntiú go bhfuil forálacha an Chóid Athbhreithnithe á gcomhlíonadh aige.

### Nochtadh Leasanna na gComhaltaí Boird

De réir an Chóid Chleachtais Athbhreithnithe maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit, 2009, ní mór do Chomhaltaí Boird Fhorfás, nuair a cheaptar don Bhord iad agus le linn a dtréimhse in oifig, sonraí a sholáthar faoi leasanna a bhféadfadh coinbhleacht leasa a bheith i gceist leo nó a bhféadfadh tionchar ábhartha a bheith acu ar an gcomhalta maidir lena c(h)uid feidhmeanna a chomhlíonadh mar chomhalta den Bhord.

### Táillí agus Tinreamh an Bhoird

| Comhalta Boird | Táillí €'000 | Tinreamh (Tionóladh 9 gcruinniú in 2012) |
|---|---|---|
| Eoin O'Driscoll | 21 | 9 as 9 |
| Bob Brannock | 10 | 3 as 6 |
| Tim Dullea | 10 | 5 as 6 |
| Mark Ferguson | Faic | 8 as 9 |
| Miriam Magner Flynn | 10 | 5 as 6 |
| John Murphy | Faic | 6 as 9 |
| William O'Brien | 10 | 5 as 6 |
| Barry O'Leary | Faic | 3 as 9 |
| Frank Ryan | Faic | 6 as 9 |
| Martin D. Shanahan | Faic | 9 as 9 |
| An Dr Don Thornhill | 2 | 6 as 6 |

### Costais an Bhoird

B'ionann iomlán na gcostas a íocadh le comhaltaí Boird Fhorfás in 2012 agus €11,517, rud a chuimsigh:

| | |
|---|---|
| Míleáiste | €10,319 |
| Costais Traenacha, Tacsaithe agus Costais Dheimhnithe | €1,198 |

## Cairt Chustaiméirí

Leagtar amach i gCairt Chustaiméirí Fhorfás a thiomantas do sheirbhís ar ardchaighdeán a sholáthar dár gcustaiméirí. Tá an chairt ar fáil anseo. Áirítear nós imeachta chun déileáil le gearáin sa Chairt seo.

Ní bhfuarthas aon ghearáin in 2012.

## Éifeachtúlacht Fuinnimh

Faoi Ionstraim Reachtúil (IR) 542 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (éifeachtúlacht úsáid deiridh fuinnimh agus seirbhísí fuinnimh), 2009, tá oibleagáidí sonracha tuairiscithe fuinnimh ar an earnáil phoiblí. I ngach réimse a bhaineann le húsáid fuinnimh agus le seirbhísí dá fhoirgnimh, déanann Forfás a dhícheall na modhanna is éifeachtaí ó thaobh fuinnimh de agus na modhanna is fearr don chomhshaol a chur i bhfeidhm. I gcomhréir le riachtanais rialála léiríonn Forfás Teastas Taispeána Fuinnimh ina limistéar fáiltithe.

Ag deireadh 2009, chuir Forfás tús le tionscadal ilbhliantúil atá dírithe ar éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú i dTeach Pháirc Wilton le tacaíocht ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann. San áireamh sa tionscadal seo, bhí athrú ó chóras ola go córas gáis (2010), soilsiú tíosach ar fhuinneamh a shuiteáil (2010), córas feabhsaithe bainistíochta foirgneamh agus tionscnaimh feasachta fuinnimh.

### Léargas Ginearálta ar Úsáid Fuinnimh in 2012

Foirgneamh seacht stór os cionn an íoslaigh é Teach Pháirc Wilton (WPH) a tógadh sa bhliain 1984. Tá achar thart ar 17,298 $m^2$ ann. Socraíodh go mbeadh ardleibhéil inslithe san fhoirgneamh nuair a dearadh é agus bhí an plean cosúil le pleananna an lae inniu sa mhéid is gur leagadh béim ar chaomhnú fuinnimh nuair a bhí sé á dhéanamh. Tá Teach Pháirc Wilton inslithe go maith agus tá luachanna U aige atá ar aon dul leis na moltaí atá ann faoi láthair, nó fiú níos fearr ná iad. Is é an toradh atá aige sin agus ag leagan amach ár n-oifigí agus treo a bhfuil a n-aghaidh, mar aon leis an gcaoi nach bhfuil aon trealamh mór aerchóirithe ann agus go n-úsáidtear aerú nádúrtha, nach bhfuil fuinneamh á chur amú. Tá trí ghníomhaireacht Stáit atá lonnaithe san fhoirgneamh freagrach don Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta (Forfás, Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus GFT Éireann) agus, mar aon le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, áitíonn na gníomhaireachtaí sin 14,827$m^2$ (lena n-áirítear Forfás, GFT Éireann, Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus an t-íoslach). Tá dhá thionónta lonnaithe san fhoirgneamh freisin. In 2012, d’úsáid Forfás, GFT Éireann agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann 85 faoin gcéad d’úsáid iomlán an fhoirgnimh.

### Úsáid Fuinnimh Fhorfás/GFT/FEÉ 2012


| | Úsáid Theach Pháirc Wilton 2012<br>Foirgneamh Iomlán | Forfás/GFT/FEÉ<br>85% den Fhoirgneamh |
|---|---|---|
| **Cineál Fuinnimh** | kWh | kWh |
| **Leictreachas** | 1,714,862 | 1,457,633 |

| | | |
|---|---|---|
| **Gás** | 1,084,496 | 921,822 |
| **Fuinneamh In-Athnuaite** | NEAMHBHAINTEACH | NEAMHBHAINTEACH |
| **Iomlán an Fhuinnimh a Úsáideadh** | 2,799,358 | 2,379,454 |

**Úsáid Fuinnimh i dTeach Pháirc Wilton 2009 - 2012**


| | Úsáid Theach Pháirc Wilton 2012 | Úsáid Theach Pháirc Wilton 2009 | | |
|---|---|---|---|---|
| **Cineál Fuinnimh** | kWh | kWh | Spáráil (kWh) | Spáráil (%) |
| **Leictreachas** | 1,714,862 | 2,078,163 | 363,301 | 17% |
| **Gás** | 1,084,496 | 1,187,323 | 102,827 | 9% |
| **Iomlán an Fhuinnimh a Úsáideadh** | 2,799,358 | 3,265,486 | 466,128 | 14% |

**Fíor 11: Fuinneamh Bliantúil**




Foinse: Aramark

### Fíor 12: Úsáid Leictreachais




### Gníomhartha ar Tugadh Fúthu in 2012

- Cloíodh leis an gcóras bainistíochta foirgneamh (BMS) i rith na bliana agus deisíodh míreanna/tugadh aghaidh ar mhíreanna de réir mar ba ghá.
- Cuireadh optamóir le hagaí stoptha/tosaigh an ghléasra téimh chun ionchur teasa an fhoirgnimh a mheaitseáil ar bhealach níos fearr lena riachtanais éagsúla.
- Cuireadh pointe socraithe lasmuigh chun téamh ardteochta a rialú leis an gcóras.
- Athchoigeartaíodh na sceidil ama agus cuireadh deireadh le hoibriú neamhriachtanach gléasra nuair ab fhéidir.
- Cuireadh dhá bhraiteoir nua seomra le hurlár na talún i limistéir ar ghnách leo a bheith fuar agus úsáideann optamóir an fhoirgnimh na braiteoirí sin chun an gléasra a chur ar siúl.
- Cláraíodh gach lá saoire bainc isteach sa chóras chun oibriú neamhriachtanach gléasra a chosc.
- Rinneadh feabhsúcháin agus mionchoigeartuithe ar straitéisí agus ar ghrafaic BMS araon.
- Cuireadh ar chumas na comhla creasa de chrios an fhoirgnimh a bhfuil a aghaidh ó dheas an teas a mhúchadh sa chrios sin nuair a théann teocht an spáis thar phointe socraithe (Socraithe ar dtús ag 25 céim celsius).
- Leanúint le dul i dteagmháil le SEAI ar thionscnaimh atá dírithe ar éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú.
- Éifeachtúlacht fheabhsaithe radaitheoirí.

Tá sé beartaithe ag Forfás a chuid feidhmíocht fuinnimh agus feidhmíocht fuinnimh a chuid tionóntaí a fheabhsú arís eile in 2013 trí thabhairt faoi roinnt tionscnaimh spárála fuinnimh. Tá sé mar aidhm ag Forfás 75 MWh ar a laghad a spáráil in úsáid leictreachais in 2013.

## Bainistíocht Réadmhaoine – Teach Carrisbrook agus Teach Knockmaun

Nuair a díscaoileadh an tÚdarás Forbartha Tionscail, agus nuair a bunaíodh Forfás an 1 Eanáir 1994, aistríodh an leas léasach sa dá fhoirgneamh a bhíodh mar cheanncheathrúna ag GFT chuig Forfás i.e. Teach Carrisbrook i nDroichead na Dothra agus Teach Knockmaun ar Shráid an Mhóta. Rachaidh an léas ar Theach Knockmaun in éag i mí Iúil 2014. Rachaidh an léas ar Theach Carrisbrook in éag in 2034.

Bhí na foirgnimh seo á bhfoligean den chuid is mó den tréimhse ó 1994, ach bhain beirt thionóntaí, dream amháin acu i dTeach Knockmaun agus an dream eile i dTeach Carrisbrook, leas as clásal scoir in 2008 agus in 2009 agus bhailigh siad leo. Tá nóta curtha ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina Thuarascáil Iniúchóireachta maidir le Ráitis Airgeadais Fhorfás do 2012, ag trácht ar chaiteachas neamhéifeachtach a tabhaíodh ar chíos agus ar chostais ghaolmhara a bhain le spás oifige saor sna foirgnimh sin. Is iad na rátaí áitíochta reatha ná thart ar 88% i gcás Theach Knockmaun agus thart ar 15% i gcás Theach Carrisbrook.

Tá gach iarracht déanta tionóntaí nua a fháil nó deireadh a chur leis an leas léasach. Agus é ag obair i gcomhar le gníomhairí gairmiúla eastáit, tugadh faoi roinnt tionscnaimh nua mhargaíochta agus tá siad ar siúl go fóill. Leanann Forfás de bheith ag obair le GFT Éireann chun an réadmhaoin a mhargú. Tá sé curtha in iúl ag an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus ag Forfás don Roinn Airgeadais agus d’Oifig na nOibreacha Poiblí go bhfuil spás folamh ar fáil sa dá fhoirgneamh seo agus gur féidir iad a chur san áireamh má dhéanann aon dream san Earnáil Phoiblí iarratas chuig Oifig na nOibreacha Poiblí chun spás breise a fháil. Leanann Forfás de bheith ag tarraingt aird Oifig na nOibreacha Poiblí ar an spás ar fáil. Bíodh is gur bualadh le roinnt tionóntaí féideartha níor ghlac aon cheann acu spás ar cíos go fóill, agus dálaí sa mhargadh mar atá.

Sannfar an dá léas chuig GFT Éireann in 2013, mar thoradh ar chinneadh an Rialtais an 16 Aibreán 2013 chun reachtaíocht a dhréachtú ina ndéantar foráil do dhíscaoileadh Fhorfás agus d’aistriú a fhoirne agus a fheidhmeanna.

# Ráitis Airgeadais

# Ráiteas ar Fhreagrachtaí na gComhaltaí Boird

## Do Ráitis Bhliantúla Airgeadais 2012

Ceanglaítear le Mír 7(2) den Chéad Sceideal leis an Acht um Fhorbairt Tionscail, 1993, ar Fhorfás gach cuntas cuí agus gnách ar airgead a fhaigheann sé agus a chaitheann sé a choimeád, i cibé foirm a cheadóidh an tAire Post, Fiontar, agus Nuálaíochta, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ní mór d'Fhorfás:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur chun feidhme go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus críonna a dhéanamh;
- na ráitis airgeadais a ullmhú mar ghnóthas leantach, ach amháin má tá sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh Forfás ar aghaidh de bheith ag feidhmiú;
- aon imeachtaí ábhartha ó Chaighdeáin Chuntasaíochta infheidhme a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an Bord freagrach as leabhair chuntais chuí a choimeád a nochtann staid an airgeadais go réasúnta cruinn ag am ar bith agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go ngéilleann na ráitis airgeadais do Mhír 7(2) den Chéad Sceideal leis an Acht um Fhorbairt Tionscail, 1993. Tá na leabhair chuntais sin le fáil ag ceanncheathrú na Gníomhaireachta, Teach Pháirc Wilton, Plás Wilton, Baile Átha Cliath 2. Tá an Bord freagrach freisin as a shócmhainní a chosaint agus bearta réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.

Thar ceann an Bhoird:





| | |
|---|---|
| Eoin O'Driscoll | Martin D. Shanahan |
| Cathaoirleach | Príomhfheidhmeannach |

21 Meitheamh 2013

# An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

# Tuarascáil lena cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Forfás

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Fhorfás don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012 faoin Acht um Fhorbairt Tionscail, 1993. Is éard atá sna ráitis airgeadais, arna n-ullmhú de réir na mbeartas cuntasaíochta dá dtagraítear, na beartais chuntasaíochta, an cuntas ioncaim agus caiteachais, an ráiteas ar ghnóthachain agus caillteanais aitheanta iomlána, an clár comhardaithe, an ráiteas ar shreabhadh airgid agus na nótaí gaolmhara. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar an mbealach a fhorordaítear le mír 7 den chéad sceideal leis an Acht, agus de réir an chleachtais chuntasaíochta a nglactar leis go coitianta in Éirinn.

### Freagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird

Tá an Bord freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugann siad léargas fírinneach cóir maidir le staid chúrsaí Fhorfás agus maidir lena ioncam agus lena chaiteachas, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Is í an fhreagracht atá orm na ráitis airgeadais a iniúchadh agus a thuairisciú orthu de réir dlí is infheidhme.

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na léirbhreithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena bhfeidhmiú.

Déantar m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht (an Ríocht Aontaithe agus Éire) agus i gcomhlíonadh na gCaighdeán Eiticiúil d'Iniúchóirí de chuid an Bhoird um Chleachtais Iniúchóireachta.

### Raon Feidhme an Iniúchta ar na Ráitis Airgeadais

Baineann iniúchadh le fianaise a fháil ar na méideanna agus na nochtaí sna ráitis airgeadais, iad a bheith dóthanach chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide. Áirítear leis seo measúnú na nithe seo a leanas:

- cibé acu an cuí iad na beartais chuntasaíochta ó thaobh chúinsí Fhorfás de, agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil siad curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil siad nochta go cuí
- réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinneadh in ullmhú na ráiteas airgeadais, agus
- cur i láthair iomlán na ráiteas airgeadais.

Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta.

Ina theannta sin, léim an t-eolas airgeadais agus neamhairgeadais ar fad atá i dtuarascáil bhliantúil Fhorfás chun neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis iniúchta airgeadais a

shainaithint. Má thagaim ar aon mhíshonrú dealraitheach nó neamhréireacht, measaim na himpleachtaí maidir le mo thuarascáil.

### Tuairim ar na Ráitis Airgeadais

I mo thuairim, tugann na ráitis airgeadais léargas fírinneach cóir, a ullmhaíodh mar ba cheart iad de réir an chleachtais chuntasaíochta a nglactar leis go coitianta in Éirinn, maidir le staid chúrsaí Fhorfás amhail an 31 Nollaig 2012 agus maidir lena n-ioncam agus lena gcaiteachas do 2012.

I mo thuairim, tá leabhair chuntais chuí á gcoimeád ag Forfás. Tá na ráitis airgeadais ar aon dul leis na leabhair chuntais.

### Ábhair ar a dtuairiscím trí eisceacht


Tuairiscím trí eisceacht sa chás

- nach bhfuair mé an t-eolas agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim le haghaidh m'iniúchta, nó
- gur tugadh faoi deara i m'iniúchadh aon ásc ábhartha nár caitheadh airgead do na críocha a bhí beartaithe nó nuair nach raibh na hidirbhearta de réir na n-údarás atá á rialú, nó
- nach bhfuil an t-eolas a thugtar i dtuarascáil bhliantúil Fhorfás don bhliain dá n-ullmhaítear na ráitis airgeadais comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais, nó
- nach léiríonn an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais gur chomhlíon Forfás an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit, nó
- go mbraithim go bhfuil ábhair ábhartha eile a bhaineann leis an dóigh a ndearnadh gnó poiblí.

*Caiteachas neamhéifeachtach*

Tarraingím aird ar Nóta 12 leis na ráitis airgeadais ina nochtar gur thabhaigh Forfás caiteachas neamhéifeachtúil €1.4 milliún in 2012 ar chíos agus costais ghaolmhara i ndáil le spás oifige neamháitithe.

Níl aon rud le tuairisciú agam maidir le hábhair eile ar a dtuairiscítear trí eisceacht.



Seamus McCarthy

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

27 Meitheamh 2013

# Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

Thar ceann Bhord Fhorfás, admhaím an fhreagracht atá orainn a chinntiú go gcoinníonn agus go bhfeidhmíonn an Ghníomhaireacht Córas éifeachtach um Rialú Inmheánach Airgeadais.

Ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta, agus ní iomlán, a chur ar fáil go gcosnaítear sócmhainní, go dtugtar údarás do gach idirbheart agus go dtaifeadtar iad i gceart, agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath go tráthúil.

Is iad seo na bearta atá déanta ag an mBord le cinntiú go bhfuil timpeallacht chuí rialaithe i bhfeidhm:

- Nósanna imeachta foirmiúla a shuí chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus chun sócmhainní na heagraíochta a chosaint;
- Freagrachtaí agus cumhachtaí na bainistíochta a shainmhíniú go soiléir;
- Nós freagrachta a fhorbairt i ngach réimse den eagraíocht.

Tá próisis curtha ar bun ag an mBord chun rioscaí gnó a aithint agus a luacháil:

- Cineál, méid agus impleacht airgeadais na rioscaí atá roimh an bhforas a shainaithint, lena n-áirítear an méid agus na cineálacha atá inghlactha, dar leo;
- An chosúlacht go dtarlóidh rioscaí sainaitheanta a mheas;
- Oibriú go dlúth leis an Rialtas agus le Gníomhaireachtaí éagsúla lena chinntiú go dtuigtear go soiléir cuspóirí Fhorfás agus go mbíonn tacaíocht do straitéisí Fhorfás chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

Tá an Córas um Rialú Inmheánach Airgeadais bunaithe ar chreatlach d'fhaisnéis rialta bainistíochta, nósanna imeachta riaracháin, lena n-áirítear leithlisiú dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta. Áirítear leis seo go sonrach:

- Córas cuimsitheach buiséadaithe le buiséad bliantúil a dhéanann an Bord a athbhreithniú agus a chomhaontú;
- Athbhreithnithe rialta ag an mBord ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a thaispeánann comhlíonadh airgeadais i gcoinne réamhaisnéise;
- Spriocanna a leagan síos chun an fheidhmíocht airgeadais agus feidhmíocht eile a mheas;
- Disciplíní foirmiúla um bainistíocht tionscadail.

Tá feidhm inmheánach iniúchta ag Forfás a fheidhmíonn de réir an Chreatchóid Dea-chleachtais a leagtar amach sa Chód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit agus a thuairiscíonn go díreach don Choiste Iniúchóireachta. Treoraíonn anailís ar an riosca a bhfuil an Foras nochta dó obair an iniúchta inmheánaigh, agus tá pleananna bliantúla maidir le hiniúchadh inmheánach bunaithe ar an anailís seo. Déanann an Coiste Iniúchóireachta an anailís ar riosca agus ar na pleananna maidir le hiniúchadh inmheánach a fhormhuiniú agus a fhaomhadh. Buaileann an Coiste Iniúchóireachta le chéile ar bhonn ráithiúil chun athbhreithniú a dhéanamh leis an iniúchóir inmheánach ar thoradh na n-iniúchtaí agus chun fóntacht agus éifeachtacht leanúnach an Chórais um Rialú Inmheánach Airgeadais a dhearbhú. Bhí saineolaí seachtrach fostaithe ag an mBord chun comhairle a chur ar an gCoiste Iniúchóireachta ar ábhair theicniúla airgeadais.

# Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais (ar lean)

Faigheann monatóireacht agus athbhreithniú an Bhoird ar éifeachtacht an Chórais um Rialú Inmheánach Airgeadais treoir ó obair an iniúchóra inmheánaigh, ón gCoiste Iniúchóireachta a mhaoirsíonn obair an iniúchóra inmheánaigh agus an rialú a fheidhmíonn na bainisteoirí feidhmiúcháin i bhForfás atá freagrach as an gcreat rialaithe airgeadais a fhorbairt agus a chaomhnú agus ó na barúlacha a thugann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste le fios ina litir bhainistíochta.

Deimhním go ndearna an Bord athbhreithniú ar éifeachtacht an Chórais um Rialú Inmheánach Airgeadais i rith na bliana dar críoch 31 Nollaig 2012.

Sínithe thar ceann an Bhoird



Eoin O'Driscoll

Cathaoirleach

# Beartais Chuntasaíochta

## Na hAchtanna um Fhorbairt Tionscail 1993, 1995, 1998, 2003 agus 2009

Bunaíodh Forfás, an bord um chomhordú agus um chomhairle ar bheartais maidir le forbairt thionsclaíoch agus eolaíocht agus teicneolaíocht in Éirinn, an 1 Eanáir, 1994, faoi fhorálacha an Achta um Fhorbairt Tionscail, 1993, arna leasú ag reachtaíocht ina dhiaidh sin. Is é an comhlacht trína ndéantar cumhachtaí a shannadh d'Fhiontraíocht Éireann, chun tionscal dúchasach a chur chun cinn, agus do GFT Éireann, chun infheistíocht isteach a chur chun cinn.

Ghníomhaigh Forfás mar óstach dlíthiúil d'Oifig an Phríomhchomhairleora Eolaíochta ó bunaíodh an Oifig sin i mí Mheán Fómhair 2004 go dtí mí Lúnasa 2012, nuair a aistríodh an fhreagracht as an ról chuig Ard-Stiúrthóir Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, mar atá leagtha amach i Nóta 4 de na Ráitis Airgeadais seo.

Chomh maith lena phríomhfheidhm maidir le comhairle agus comhordú, tá an fhreagracht ar Fhorfás freisin as costais pinsean na foirne atá ar scor ó Fhorfás, ó GFT Éireann, ó Fhiontraíocht Éireann, ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus ó roinnt iarghníomhaireachtaí, faoi na hAchtanna um Fhorbairt Tionscail 1993, 1998 agus 2003, mar atá leagtha amach i Nóta 8 de na Ráitis Airgeadais seo.

### 1. Bonn na Cuntasaíochta

Ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil san fhoirm a cheadaigh an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoin Acht um Fhorbairt Tionscail, 1993. Ullmhaítear na Ráitis Airgeadais ar bhonn fabhraithe, ach amháin má luaitear a mhalairt thíos agus tá siad de réir cleachtas cuntasaíochta a nglactar leis go coitianta. Glactar le Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais, arna moladh ag Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta, de réir mar a thagann siad infheidhme.

### 2. Ioncam a Aithint

Is ionann an t-ioncam ó Dheontas an Oireachtais agus fáltais airgid iarbhír sa bhliain.

### 3. Sócmhainní Seasta agus Dímheas

Cuimsítear sna Sócmhainní Seasta sócmhainní seasta inláimhsithe atá faoi úinéireacht Fhorfás agus luaitear iad mar chostas lúide dímheas carntha. Déantar dímheas a ríomh chun costas na sócmhainní seasta a dhíscríobh thar a saolré úsáideach mheasta mar seo a leanas:

- Trealamh Ríomhaireachta: 3 bliana
- Mótarfheithiclí: 4 bliana
- Daingneáin agus Feistis: 5 bliana

Gearrtar dímheas i mbliain an cheannaigh agus ní ghearrtar é i mbliain na diúscartha. Déantar Daingneáin, Feistis agus Trealamh Ríomhaireachta faoi bhun na tairsí caipitlithe de €1,000 a chaitheamh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais i mbliain an cheannaigh. Déantar caiteachas ar dheisiúcháin agus ar chothabháil i ndáil le sócmhainní léasacha a chaitheamh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais le linn na tréimhse airgeadais inar tabhaíodh é.

# Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

### 4. Cuntas Caipitil

Léiríonn an Cuntas Caipitil na cistí gan amúchadh a úsáideadh chun Sócmhainní Seasta a fháil.

### 5. Airgeadraí Eachtracha

Déantar fiachais agus sócmhainní airgeadaíochta arna n-ainmniú in airgeadraí eachtracha a aistriú de réir na rátaí malairte atá i bhfeidhm ar dháta an Chláir Chomhardaithe. Déantar ioncaim agus costais a aistriú de réir na rátaí malairte atá i bhfeidhm ar dhátaí na n-idirbheart bunúsach.

### 6. Féichiúnaithe

Déantar drochfhiacha aitheanta a dhíscríobh de réir mar a thagann siad chun cinn agus déantar foráil faoi leith sna cásanna ina meastar nach dócha go ndéanfaí iad a aisghabháil.

### 7. Costais Phinsin

Feidhmíonn Forfás sé scéim pinsean le sochar sainithe neamh-mhaoinithe, a mhaoinítear gach bliain ar bhonn íoc mar a úsáidtear ón airgead atá ar fáil dóibh, lena n-áirítear airgead arna sholáthar ag an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus ó ranníocaíochtaí áirithe a asbhaintear ó thuarastail na foirne.

Léiríonn costais phinsin sochair phinsin arna dtuilleamh ag fostaithe sa tréimhse agus léirítear iad gan ranníocaíochtaí pinsin na foirne a choinnítear a áireamh. Aithnítear méid atá comhfhreagrach don mhuirear pinsin mar ioncam chomh fada is atá sé in-aisghabhála, agus déantar é a fhritháireamh le deontais a fhaightear sa bhliain chun íocaíochtaí pinsean a chomhlíonadh.

Léirítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha ar dhliteanais scéime sa Ráiteas ar Ghnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid atá in-aisghabhála ón Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta.

Léiríonn dliteanais phinsin luach reatha na n-íocaíochtaí pinsean sa todhchaí arna dtuilleamh ag baill foirne go dtí seo. Léiríonn maoiniú pinsean iarchurtha an tsócmhainn chomhfhreagrach atá le haisghabháil i dtréimhsí amach anseo ón Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta.

Déantar dliteanais scéime pinsean a thomhas ar bhonn achtúireach ag úsáid mhodh an aonaid réamh-mheasta.

### 8. Léasanna Oibriúcháin

Tugtar cuntas ar na cíosanna faoi léasanna oibriúcháin de réir mar a bhíonn siad dlite.

# Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

## Don Bhliain dar Chríoch an 31 Nollaig 2012

| | Nóta | 2012<br>€'000 | 2011<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Deontas Oireachtais | 1 | **51,422** | 44,460 |
| Táillí Gairmiúla - Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú | 2 | **1,888** | 1,958 |
| Eile | 3 | **823** | 892 |
| Cláir Roinne | 6 (a) | **3,761** | 3,304 |
| Glanmhaoiniú Pinsin Iarchurtha | 8 (e) | **21,158** | 28,615 |
| | | **79,052** | 79,229 |
| **Caiteachas** | | | |
| Costais Riaracháin agus Ghinearálta | 4 | **13,066** | 14,605 |
| Dímheas | 7 | **113** | 113 |
| Costais Phinsin | 8 (c.i) | **61,372** | 60,424 |
| Cláir Roinne | 6 (c) | **3,761** | 3,304 |
| | | **78,312** | 78,446 |
| Barrachas don Bhliain | | **740** | 783 |
| Ranníocaíocht don Státchiste | 5 | **(623)** | (1,232) |
| Iarmhéid ag tús na Bliana | | **2,599** | 3,182 |
| Aistriú chuig an gCuntas Caipitil | 9 | **88** | (134) |
| **Iarmhéid ag deireadh na Bliana** | | **2,804** | **2,599** |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad na Beartais Chuntasaíochta, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 17.

Thar ceann an Bhoird:





Eoin O'Driscoll
Cathaoirleach
21 Meitheamh 2013

Martin D. Shanahan
Príomhfheidhmeannach

# Ráiteas ar Ghnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána

## Don Bhliain dar Chríoch an 31 Nollaig 2012

| | | **2012** | 2011 |
|---|---|---|---|
| | Nóta | **€'000** | €'000 |
| Barrachas don Bhliain | | **740** | 783 |
| Caillteanas Achtúireach ar Dhliteanais Phinsin | 8 (c.ii) | **(194,127)** | (25,158) |
| Coigeartú ar Mhaoiniú Iarchurtha Pinsin | 8 (c.ii) | **194,127** | 25,158 |
| **Gnóthachan Iomlán Aitheanta don Bhliain** | | **740** | 783 |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad na Beartais Chuntasaíochta, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 17.

Thar ceann an Bhoird:





Eoin O'Driscoll
Cathaoirleach

Martin D. Shanahan
Príomhfheidhmeannach

21 Meitheamh 2013

# Clár Comhardaithe

## Amhail an 31 Nollaig 2012

| | Nóta | **2012** €'000 | 2011 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | | |
| Sócmhainní Seasta Inláimhsithe | 7 | **134** | 222 |
| **Sócmhainní Seasta Iomlána** | | **134** | 222 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Cuntais Infhaighte | 10 | **2,974** | 2,635 |
| Banc | | **386** | 534 |
| | | **3,360** | 3,169 |
| **Cuntais Iníoctha** | 11 | **556** | 570 |
| **Glansócmhainní Reatha** | | **2,804** | 2,599 |
| **Sócmhainn Mhaoinithe Iarchurtha** | 8 (d) | **1,187,674** | 972,389 |
| **Dliteanas Pinsin** | 8 (d) | **(1,187,674)** | (972,389) |
| **Sócmhainní Iomlána lúide Dliteanais Reatha** | | **2,938** | 2,821 |
| Ionadaithe ag: | | | |
| **Cuntas Caipitil** | 9 | **134** | 222 |
| **Cuntas Ioncaim agus Caiteachais** | | **2,804** | 2,599 |
| | | **2,938** | 2,821 |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad na Beartais Chuntasaíochta, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 17.

Thar ceann an Bhoird:





Eoin O'Driscoll
Cathaoirleach

Martin D. Shanahan
Príomhfheidhmeannach

21 Meitheamh 2013

# Ráiteas ar Shreabhadh Airgid

## Don Bhliain dar Chríoch an 31 Nollaig 2012

| | Nóta | 2012 €'000 | 2011 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Glanghluaiseacht don Bhliain a Réiteach le Glansreabhadh Airgid ó Oibríochtaí** | | | |
| **Barrachas don Bhliain** | | **740** | 783 |
| Ús Bainc | | **(30)** | (48) |
| Táille Dímheasa: | | | |
| - Sócmhainní Seasta Inláimhsithe | 7 | **113** | 113 |
| (Méadú)/Laghdú ar Chuntais Infhaighte | | **(339)** | 45 |
| Laghdú ar Chuntais Iníoctha | | **(14)** | (264) |
| **Glansreabhadh Airgid ó Oibríochtaí** | | **470** | 629 |
| **Ráiteas ar Shreabhadh Airgid** | | | |
| **Glansreabhadh Airgid ó Oibríochtaí** | | **470** | 629 |
| **Torthaí ar Infheistíocht agus Fónamh a dhéanamh ar Airgeadas** | | | |
| Ús Bainc | | **30** | 48 |
| **Sreabhadh Airgid roimh Chaiteachas Caipitil** | | **500** | 677 |
| **Maoiniú Caipitil** | | | |
| Ceannach Sócmhainní Seasta Inláimhsithe | 7 | **(25)** | (247) |
| **Sreabhadh Airgid tar éis Caiteachas Caipitil** | | **475** | 430 |
| Ranníocaíocht don Státchiste | 5 | **(623)** | (1,232) |
| **Laghdú ar Airgead** | | **(148)** | (802) |
| Laghdú ar Airgead a Réiteach le hAirgead sa Bhanc | | | |
| **Gluaiseacht in Airgead don Bhliain** | | **(148)** | (802) |
| **Airgead sa Bhanc amhail an 1 Eanáir** | | **534** | 1,336 |
| **Airgead sa Bhanc amhail an 31 Nollaig** | | **386** | 534 |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

## Don Bhliain dar Chríoch an 31 Nollaig 2012

### 1. Deontas Oireachtais

| | | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|
| | | €'000 | €'000 |
| Arna mhaoiniú ag an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta - Vóta 32 | | | |
| Costais Riaracháin agus Ghinearálta | | 38,832 | 34,683 |
| An tAcht um Bearta Airgeadais | (Nóta 8 (a.i)) | 12,590 | 9,777 |
| Iomlán | | 51,422 | 44,460 |

a) Faoi Alt 11 den Acht um Fhorbairt Tionscail, 1993, arna leasú le hAlt 4(a) den Acht um Fhorbairt Tionscail, 2009, ní sháróidh suim chomhiomlán na ndeontas déanta ag an Aire le Forfás agus lena Ghníomhaireachtaí, chun cur ar a gcumas a n-oibleagáidí agus a ndliteanais a urscaoileadh €7,000,000,000. Amhail an 31 Nollaig, 2012, b'ionann an tsuim chomhiomlán a soláthraíodh d'Fhiontraíocht Éireann, do GFT Éireann agus d'Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus €4,615,732,754.

b) Faoi Alt 14(3) den Acht um Fhorbairt Tionscail, 1986, Alt 37 den Acht um Fhorbairt Tionscail, 1969, agus Alt 2 agus 3 den Acht um Fhorbairt Tionscail, 1977, ní sháróidh líon comhiomlán na ndeontas bronnta ag an Aire ar Forfás agus a Ghníomhaireachtaí, le cur ar a gcumas a gcuid oibleagáidí agus dliteanas a dhíscaoileadh i ndáil le príomhshuim agus ús de bhua Ráthaíochtaí Iasachta faoi aon chuid de na hailt seo €158,717,260. Amhail an 31 Nollaig, 2012 b'ionann an tsuim chomhiomlán a soláthraíodh agus €13,547,211.

### 2. Táillí Gairmiúla – Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú

Bunaíodh Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB) mar Choiste d'Fhorfás faoi Alt 10 den Acht um Fhorbairt Tionscail, 1993, arna leasú le hAlt 46 den Acht um Fhorbairt Tionscail (Fiontraíocht Éireann), 1998 chun na feidhmeanna a shonraítear thíos a chomhlíonadh.

Is é seo an comhlacht náisiúnta atá freagrach as creidiúnú eagraíochtaí a bhfuil baint acu le calabrú, tástáil, iniúchadh agus deimhniú cáilíochta, táirgí agus córais bhainistíochta pearsana in Éirinn, mar aon leis an údarás reachtúil GLP (Dea-cleachtas Saotharlainne) atá freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh. Is é an comhlacht inniúil do EMAS (An Scéim Eorpach um Éiceabhainistíocht agus um Éiciniúchóireacht) é. Gintear Táillí Gairmiúla ó na gníomhaíochtaí sin a bhaineann le comhlachtaí deimhniúcháin agus measúnú a dhéanamh ar shaotharlanna. Áirítear costais a thabhaítear i nginiúint an ioncaim seo faoin gceannteideal ábhartha caiteachais.

Ar an 5 Márta 2013, chomhaontaigh an Rialtas reachtaíocht a thabhairt isteach chun Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú a aistriú ó Fhorfás chuig an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta. Tá reachtaíocht á dréachtú faoi láthair a thabharfaidh éifeacht don aistriú seo. Táthar ag coinne go gcuirfear i gcrích é in 2013.

### 3. Ioncam Eile

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Ioncam Cíosa* | 793 | 839 |
| Ús Bainc | 30 | 48 |
| Ioncam Eile | - | 5 |
| **Iomlán** | 823 | 892 |

*Foligin spáis bharrachais i bhfoirgneamh ceanncheathrún reatha Theach Pháirc Wilton don Earnáil Phríobháideach

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

## Don Bhliain dar Chríoch an 31 Nollaig 2012

### 4. Costais Riaracháin agus Ghinearálta

| | | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|
| | | €'000 | €'000 |
| Luach Saothair agus Costais na gComhaltaí Boird (Lena n-áirítear Luach Saothair an Phríomhfheidhmeannaigh)[1] | | **282** | 324 |
| Costais Phá[2] | | **6,089** | 6,694 |
| Costais Phearsanra Eile | | **142** | 218 |
| Costais Taistil agus Chothaithe | | **180** | 199 |
| Seirbhísí Speisialaithe agus Gairmiúla | | **941** | 914 |
| Taighde agus Staidéir | | **633** | 1,106 |
| Cíosanna, Rátaí, Deisiúcháin agus Cothabháil[3] | | **4,412** | 3,977 |
| Costais Oibriúcháin Eile | | **748** | 874 |
| Oifig an Phríomhchomhairleora Eolaíochta[4] | | **185** | 280 |
| Táille Iniúchta | | **19** | 19 |
| Leithdháileadh forchostais ar Chlár Chathair Eolaíochta na hEorpa | Nóta 6 | **(565)** | 0 |
| **Iomlán** | | **13,066** | 14,605 |
| Cuimsíonn Costais Phá: | | | |
| Pá agus Tuarastail | | **5,616** | 6,198 |
| Costais Leasa Shóisialaigh | | **389** | 407 |
| Costais Phinsin | | **84** | 89 |
| **Iomlán** | | **6,089** | 6,694 |

| | | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|
| | | €'000 | €'000 |
| 1 Is mar seo a leanas a bhí luach saothair Chomhaltaí an Bhoird: | | | |
| Eoin O'Driscoll | | **21** | 19 |
| Don Thornhill | Scoir sé de bheith ina chomhalta boird in 2012 | **2** | 11 |
| William O'Brien | Scoir sé de bheith ina chomhalta boird in 2012 | **10** | 11 |
| Jane Williams | Scoir sí de bheith ina comhalta boird in 2010 | **-** | (1) |
| Barry O'Leary | | **-** | - |
| Frank Ryan | | **-** | - |
| Simon Barry* | Scoir sé de bheith ina chomhalta boird in 2011 | **-** | 22 |
| Bob Brannock | Scoir sé de bheith ina chomhalta boird in 2012 | **10** | 11 |
| Tim Dullea | Scoir sé de bheith ina chomhalta boird in 2012 | **10** | 11 |
| Miriam Magner Flynn | Scoir sé de bheith ina chomhalta boird in 2012 | **10** | 11 |
| Martin D. Shanahan | | **-** | 10 |
| John Murphy | | **-** | - |
| Mark Ferguson | | **-** | - |

*Áiríodh leis an táille do 2011 riaráistí go dtí dáta an cheapacháin ar an 3/3/10.

Fuarthas Fógra i mí Eanáir 2011 go raibh laghdú 5% á dhéanamh ar Tháillí Chomhaltaí an Bhoird agus é siardhátaithe go dtí an 1 Eanáir 2010. Rinneadh na coigeartuithe cuí in 2011. Ba é €4,091 an coigeartú iomlán.

Costais Chomhaltaí an Bhoird €11,517 (2011 €7,874).

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

## Don Bhliain dar Chríoch an 31 Nollaig 2012

### 4. Costais Riaracháin agus Ghinearálta (ar lean)

Luach Saothair an Phríomhfheidhmeannaigh:

Pacáiste luach saothair a áiríonn tuarastal €189,115 sa bhliain lena ngabhann socruithe caighdeánacha pinsin na hearnála poiblí agus úsáid carr cuideachta faoi réir sochar comhchineáil bhliantúil €14,070.

Ní raibh aon bhónas feidhmíochta infheidhme.

2 Tobhach pinsin asbhainte as Pá agus aisíoctha le RFTN €438,000 (€509,000 in 2011)

3 Níl cíosanna faighte ó fhothionóntaí iar-fhoirgneamh ceanncheathrún GFT sannta chuig Forfás faoin Acht um Fhorbairt Tionscail, 1993 san áireamh anseo.

4 Bhunaigh an Rialtas Oifig an Phríomhchomhairleora Eolaíochta (CSA) an 1 Meán Fómhair 2004 chun sainchomhairle neamhspleách a sholáthar faoi aon ghné den Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht (STI) ar iarratas an Rialtais. Ghníomhaigh Forfás mar óstach dlíthiúil d'Oifig an Phríomhchomhairleora Eolaíochta ó bunaíodh an Oifig sin i mí Mheán Fómhair 2004 go dtí mí Lúnasa 2012, nuair a aistríodh an fhreagracht as an ról chuig Ard-Stiúrthóir Fhondúireacht Eolaíochta Éireann. B'ionann an costas a bhain le hOifig an Phríomhchomhairleora Eolaíochta a óstáil in 2012 agus €184,718 (2011: €280,039). I ndáil lena feidhmeanna, d'fheidhmigh an Oifig go neamhspleách agus ní raibh sí freagrach don Bhord ná do lucht bainistíochta Fhorfás. Is é Forfás a chuir cistiú ar fáil i gcomhair na riachtanas buiséid ó lá go lá a bhíonn ag Oifig an Phríomhchomhairleora Eolaíochta. Thuairiscigh Oifig an Phríomhchomhairleora Eolaíochta do Phríomhfheidhmeannach Fhorfás maidir le ceisteanna riaracháin agus bhí dualgas ar an Oifig beartais agus nósanna imeachta Fhorfás mar aon le hoibleagáidí eile rialachais a chomhlíonadh.

Bhí Oifig an Phríomhchomhairleora Eolaíochta freagrach as óstáil a dhéanamh ar Chathair Eorpach na hEolaíochta i mBaile Átha Cliath in 2012 (Nóta 6).

### 5. Ranníocaíocht don Státchiste

Géilleadh don Státchiste an barrachas ioncaim nach raibh riachtanach ó thaobh an bhuiséid de. Is é atá sa tsuim €623,000 ná aisíocaíocht Deontas Oireachtais (€372,000) agus barrachas Ioncaim Féin (€251,000).

### 6. Cláir Roinne

Faigheann na cláir seo cistiú seachtrach, agus riarann Forfás iad thar ceann na gcomhlachtaí cistiúcháin a liostaítear thíos. Déantar na cláir seo a chur chun cuntais trí ioncam a mheaitseáil le caiteachas. Léirítear róchaiteachas/fochaiteachas ar na cláir seo sna cuntais infháltais (nóta 10)/iníoctha (nóta 11) de réir mar is cuí.

| a) Maoiniú Clár | | **2012 €'000** | 2011 €'000 |
|---|---|---|---|
| Eolaíocht agus Innealtóireacht a Aimsiú[1] | | - | 1,910 |
| An Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí[2] | | **361** | 317 |
| Cathair Eolaíochta na hEorpa[3] | (Nóta 6 (b)) | **3,400** | 1,077 |
| **Maoiniú clár iomlán** | | **3,761** | 3,304 |

**Sonraí maidir le Comhlachtaí Maoinithe:**

[1] An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta

[2] Ciste Oiliúna Náisiúnta na Roinne Oideachais agus Scileanna

[3] An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta, an AE agus maoiniú príobháideach.

Aistríodh an Clár Discover Science and Engineering chuig Fondúireacht Eolaíochta Éireann ón 1 Eanáir 2012.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

## Don Bhliain dar Chríoch an 31 Nollaig 2012

### 6. Cláir Roinne (ar lean)

| a) Maoiniú do Chathair Eolaíochta na hEorpa | **2012** **€'000** | 2011 €'000 |
|---|---|---|
| An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta | **1,350** | 977 |
| Maoiniú eile (Deontas an AE, Maoiniú Deontais Phríobháidigh agus díolacháin Mhionscoláireachta agus táillí Toscaire) | **2,050** | 100 |
| **Maoiniú iomlán do Chathair Eolaíochta na hEorpa** | **3,400** | **1,077** |

| b) Caiteachas clár | **2012** **€'000** | 2011 €'000 |
|---|---|---|
| Eolaíocht agus Innealtóireacht a Aimsiú | - | 1,910 |
| An Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí | **361** | 317 |
| Cathair Eolaíochta na hEorpa | **3,400** | 1,077 |
| **Caiteachas clár iomlán** | **3,761** | 3,304 |

Áirítear leis an gcaiteachas thuas de €3.4 milliún do chlár Chathair Eolaíochta na hEorpa forchostas de €0.565 milliún a baineadh as Costais Riaracháin agus Ghinearálta Fhorfás (Nóta 4).

### 7. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

| | **Trealamh Ríomhaireachta €'000** | **Mótarfheithiclí €'000** | **Daingneáin agus Feistis €'000** | **Iomlán €'000** |
|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2012 | 1,082 | 47 | 2,881 | **4,010** |
| Breiseanna | 16 | - | 9 | **25** |
| Diúscairtí[1] | (146) | - | (192) | **(338)** |
| Amhail an 31 Nollaig 2012 | 952 | 47 | 2,698 | **3,697** |
| **Dímheas** | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2012 | 963 | 12 | 2,813 | **3,788** |
| Táille don Bhliain | 74 | 12 | 27 | **113** |
| Diúscairtí[1] | (146) | - | (192) | **(338)** |
| Amhail an 31 Nollaig 2012 | 891 | 24 | 2,648 | **3,563** |
| **Glanmhéid Leabhar** | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2012 | 119 | 35 | 68 | **222** |
| Glanghluaiseacht don Bhliain | (58) | (12) | (18) | **(88)** |
| Amhail an 31 Nollaig 2012 | 61 | 23 | 50 | **134** |

1 Baineann diúscairtí le díscríobh sócmhainní atá dímheasta go hiomlán nach bhfuil á n-úsáid a thuilleadh.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

## Don Bhliain dar Chríoch an 31 Nollaig 2012

**8. Pinsin**

a) Tá Forfás freagrach as costais phinsin na mball foirne atá ar scor ó Fhorfás, GFT Éireann, Fiontraíocht Éireann, Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus gníomhaireachtaí áirithe eile, faoi na hAchtanna um Fhorbairt Tionscail 1993, 1998 agus 2003. Tagann na costais sin chun cinn faoi théarmaí na scéimeanna seo a leanas:

| Scéim | Foireann atá Clúdaithe | Cineál |
|---|---|---|
| **Forfás** | Clúdaíonn scéim Fhorfás na catagóirí foirne seo a leanas i bhForfás agus ina Ghníomhaireachtaí -<br>(a) baill foirne a earcaíodh suas go dtí an 5 Aibreán 1995 a d'éirigh ina mbaill foirne inphinsin i ndiaidh an dáta sin,<br>(b) baill foirne a earcaíodh i ndiaidh an 5 Aibreán 1995,<br>(c) líon beag de bhaill foirne a clúdaíodh le Scéim Aoisliúntais an Gharda Síochána roimhe sin,<br>(d) líon beag de bhaill foirne a clúdaíodh le Scéimeanna FÁS/AnCo roimhe sin,<br>(e) líon beag de bhaill foirne a clúdaíodh le Scéim Aoisliúntais Chuideachta Forbartha Aerfort Neamhchustaim na Sionainne Teo. roimhe sin. | Ranníocach, Sochar Sainithe, Neamh-mhaoinithe.<br>Tá líon beag dóibh siúd i gcatagóir (b) san áireamh ar bhonn neamh-ranníocach. |
| **An t-iar-Údarás Forbartha Tionscail** | Baill foirne an iar-Údaráis Forbartha Tionscail agus na daoine siúd a d'earcaigh Forfás agus a Ghníomhaireachtaí sna gráid chuí idir an 1 Eanáir 1994 agus an 5 Aibreán 1995. | Ranníocach, Sochar Sainithe. Maoinithe go dtí 31/12/2009. **(Féach Nóta 8(a.i))** |
| **Iar-Eolas** | Baill foirne a bhíodh ag obair le hEolas (seachas iad siúd atá clúdaithe faoi scéim an iar-Bhoird Náisiúnta Eolaíochta agus Teicneolaíochta thíos) agus na daoine sin a d'earcaigh Forfás agus a Ghníomhaireachtaí sna gráid chuí idir an 1 Eanáir 1994 agus an 5 Aibreán 1995. | Neamh-ranníocach, Sochar Sainithe, Neamh-mhaoinithe. |
| **An tIar-Bhord Náisiúnta Eolaíochta agus Teicneolaíochta (NBST)** | Líon beag de bhaill foirne den iar-Bhord Náisiúnta Eolaíochta agus Teicneolaíochta a bhí ag obair ar an 31 Nollaig 1987. | Ranníocach, Sochar Sainithe, Neamh-mhaoinithe. |
| **Iar-Chomhairle Earraí na hÉireann** | Líon beag de bhaill foirne d'iar-Chomhairle Earraí na hÉireann a bhí ag obair ar an 31 Lúnasa 1991. | Ranníocach, Sochar Sainithe. Maoinithe go dtí 31/12/2009. **(Féach Nóta 8(a.i))** |
| **An t-iar-Bhord Tráchtála (ABT)** | Comhaltaí foirne an iar-ABT (seachas iad siúd atá cumhdaithe faoi scéim Chomhairle Earraí na hÉireann thuas) ar fostaithe inphinsin iad ón 22 Iúil 1998. | Ranníocach, Sochar Sainithe, Neamh-mhaoinithe. |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

## Don Bhliain dar Chríoch an 31 Nollaig 2012

### 8. Pinsin (ar lean)

Seachas Scéim iar-Chomhairle Earraí na hÉireann, cuimsíonn na Scéimeanna ar fad Scéimeanna do Chéilí agus Leanaí.

Íocann Forfás na glanchostais a eascraíonn as gnáthscoir. Íoctar na costais seo as an ioncam reatha. Úsáidtear ranníocaíochtaí a fhaigheann Forfás ó bhaill foirne sna scéimeanna ranníocacha neamh-mhaoinithe thuasluaite chun na dliteanais leanúnacha phinsin a mhaoiniú go páirteach.

(a.i) Faoin Acht um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009, aistríodh sócmhainní scéimeanna an iar-Údaráis Forbartha Tionscail agus iar-Chomhairle Earraí na hÉireann chuig na gCúlchiste Náisiúnta Pinsean ar an 31 Nollaig 2009. Bíonn feidhm i gcónaí ag na scéimeanna pinsean a bhaineann leis an dá chiste sin i gcás na mball reatha agus ní bhíonn tionchar acu ar na sochair ná ar an soláthar lena mbaineann i gcomhair na mball. Aisíocann GFT Éireann, Fiontraíocht Éireann agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann a ranníocaíochtaí fostóra agus fostaí le haghaidh na scéimeanna seo le Forfás d'fhonn iad a aisíoc leis an Státchiste ina dhiaidh sin lena ranníocaíochtaí féin. D'aisíoc Forfás ranníocaíochtaí iomlána fostóra (€960,237) agus fostaí (€970,346) le haghaidh na scéimeanna seo leis an Státchiste in 2012 agus tá costais phinsin ag aois scoir anois á n-íoc ag Deontas Oireachais Fhotheideal A.3.

#### b) Nochtaí Pinsin faoi FRS 17

Éilíonn Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 17 (FRS 17) go léiríonn na ráitis airgeadais, ag luach cóir, na sócmhainní agus na dliteanais a eascraíonn as oibleagáidí aoisliúntais fostóra agus aon mhaoiniú ábhartha eile mar aon leis na costais a bhaineann le sochair aoisliúntais a aithint sna tréimhsí cuntasaíochta ina dtuileann na fostaithe iad.

| c.i) Anailís ar tháille iomlán phinsin | 2012 €'000 | 2011 €'000 |
|---|---|---|
| Costais seirbhíse | **16,257** | 15,789 |
| Ús ar Dhliteanais Scéime Pinsin | **48,346** | 48,127 |
| Ranníocaíochtaí Fostaithe a úsáideadh in íoc pinsean | **(3,231)** | (3,492) |
| | **61,372** | 60,424 |

| c.ii) Anailís ar an méid aitheanta sa Ráiteas ar Ghnóthachain agus ar Chaillteanais Aitheanta Iomlána (STRGL) | | |
|---|---|---|
| Gnóthachain ó thaithí | **57,323** | 10,889 |
| Athruithe ar thoimhdí | **(251,450)** | (36,047) |
| **Caillteanais Achtúireacha** | **(194,127)** | (25,158) |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

## Don Bhliain dar Chríoch an 31 Nollaig 2012

### 8. Pinsin (ar lean)

| | | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|
| | | €'000 | €'000 |
| d) | **Glaneasnamh sa Scéim Pinsean** | **(1,187,674)** | (972,389) |
| | arb é atá ann ná: | | |
| | Luach reatha dhliteanais na scéime pinsin | **(1,187,674)** | (972,389) |
| | **Athrú ar Dhliteanais Scéimeanna Pinsin** | | |
| | Luach reatha oibleagáidí na scéimeanna ag tús na bliana | **(972,389)** | (918,616) |
| | Costas Seirbhíse Reatha | **(16,257)** | (15,789) |
| | Costais Úis | **(48,346)** | (48,127) |
| | Íocaíochtaí le Pinsinéirí | **43,445** | 35,301 |
| | Caillteanais achtúireacha | **(194,127)** | (25,158) |
| | Luach reatha oibleagáidí na scéimeanna ag deireadh na bliana | **(1,187,674)** | (972,389) |

| | | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|
| e) | **Glanmhaoiniú Iarchurtha le haghaidh Pinsean sa bhliain** | €'000 | €'000 |
| | Maoiniú inghnóthaithe i leith chostais phinsin na bliana reatha | **64,603** | 63,916 |
| | Maoiniú chun pinsin a íoc | **(43,445)** | (35,301) |
| | | **21,158** | 28,615 |

Aithníonn Forfás an tsuim a chomhfhreagraíonn leis an dliteanas iarchurtha neamhmhaoinithe do phinsin ar bhonn tacar toimhdí a bhfuil cur síos orthu thíos agus roinnt imeachtaí san am atá caite, mar shócmhainn. Áirítear ar na himeachtaí sin an bonn reachtúil um bunú na scéimeanna aoisliúntais, agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le pinsin seirbhíse poiblí a mhaoiniú, lena n-áirítear ranníocaíochtaí arna ndéanamh ag fostaithe agus an próiseas meastachán bliantúil. Níl aon fhianaise ag Forfás nach leanfaidh an beartas maoinithe seo ar aghaidh chun suimeanna den sórt sin a íoc de réir an chleachtais reatha.

B'ionann an tsócmhainn mhaoinithe iarchurtha le haghaidh pinsean amhail an 31 Nollaig 2012 agus €1,188 milliún (2011: €972 milliún). Tá cainníochtú an dliteanais bunaithe ar na toimhdí airgeadais mar a leagtar amach iad i Nóta 8 (f). Cuirtear na toimhdí, atá bunaithe ar chomhairle achtúireach ghairmiúil, in iúl don Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

## Don Bhliain dar Chríoch an 31 Nollaig 2012

### 8. Pinsin (ar lean)

f) Bunaíodh an luacháil a úsáideadh le haghaidh nochtadh FRS17 ar luacháil achtúireach iomlán amhail an 31 Nollaig 2012. Ba iad seo a leanas na toimhdí airgeadais a úsáideadh chun dliteanais scéime faoi FRS17 a ríomh amhail an 31 Nollaig:

| **Modh luachála:** | | **Aonad Réamh-mheasta:** | |
|---|---|---|---|
| | | **2012** | **2011** |
| Ráta Lascaine | | 3.50% | 5.00% |
| Méaduithe ar Thuarastal | | 3.50% | 3.50% |
| Méaduithe ar Phinsean | | 3.00% | 3.00% |
| Ráta Boilscithe | | 2.00% | 2.00% |
| **Meánionchas saoil ualaithe do tháblaí básmhaireachta a úsáideadh chun oibleagáidí sochair a chinneadh:** | | | |
| Ball 65 bliain d'aois (ionchas saoil i mblianta) | Fireann | 21.0 | 21.0 |
| | Baineann | 23.9 | 23.9 |
| Ball 40 bliain d'aois (ionchas saoil ag 65 bliain d'aois i mblianta) | Fireann | 23.8 | 23.8 |
| | Baineann | 25.8 | 25.8 |

g) **Stair gnóthachan agus caillteanas ó thaithí**

| | **2012** | **2011** | **2010** | **2009** | **2008** |
|---|---|---|---|---|---|
| Stair oibleagáidí sochair shainithe, sócmhainní agus gnóthachan agus caillteanas ó thaithí | | | | | |
| Oibleagáid sochair shainithe (€'000) | 1,187,674 | 972,389 | 918,616 | 892,116 | 857,222 |
| Luach cóir shócmhainní an phlean (€'000) (Nóta 8(a.i)) | - | - | - | - | 185,094 |
| Easnamh (€'000) | 1,187,674 | 972,389 | 918,616 | 892,116 | 672,128 |
| (Gnóthachain)/Caillteanais ó Thaithí ar dhliteanais scéime | | | | | |
| méid (€'000) | 57,323 | 10,889 | 38,274 | 43,262 | (11,377) |
| céatadán de luach láithreach na ndliteanas scéime | 4.8% | 1.1% | 4.2% | 4.8% | -1.3% |

Is é €186 milliún an gnóthachan achtúireach aitheanta iomlán ó 2004.

h) **Maoiniú Pinsean**

Táthar ag súil go mbeidh íocaíochtaí le haghaidh oibleagáidí neamh-mhaoinithe cothrom le €43 milliún in 2013.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

## Don Bhliain dar Chríoch an 31 Nollaig 2012

### 9. Cuntas Caipitil

| | | |
|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** |
| Amhail an 1 Eanáir 2012 | | **222** |
| Aistriú chuig Cuntas Ioncaim agus Caiteachais/Uaidh | | |
| - Breiseanna Costais | **25** | |
| - Diúscairtí Costais | **(338)** | |
| - Dímheas | **(113)** | |
| - Diúscairtí Dímheasa | **338** | |
| | | **(88)** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2012** | | **134** |

### 10. Cuntais Infhaighte

| | | |
|---|---|---|
| | **2012** | 2011 |
| | **€'000** | €'000 |
| Féichiúnaithe Ginearálta | **728** | 440 |
| Réamhíocaíochtaí | **1,785** | 1,827 |
| Iarmhéideanna Idirghníomhaireachta | **182** | 295 |
| Párolla | **18** | 20 |
| Deontas AE atá infhaighte do chlár Chathair Eolaíochta na hEorpa | **257** | - |
| Cláir Roinne | **4** | 53 |
| **Iomlán** | **2,974** | 2,635 |

Léiríonn Iarmhéideanna Idirghníomhaireachta suimeanna atá dlite, más ann dóibh, ó Ghníomhaireachtaí Fhorfás (GFT Éireann, Fiontraíocht Éireann agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann) agus áirítear CBL infhála €74,605 (2011: €119,743) ó GFT Éireann agus ó Fhiontraíocht Éireann.

### 11. Cuntais Iníoctha

| | | |
|---|---|---|
| | **2012** | 2011 |
| | **€'000** | €'000 |
| Creidiúnaithe Ginearálta | **-** | 378 |
| Fabhruithe | **295** | 156 |
| Iarmhéideanna Idirghníomhaireachta | **261** | 36 |
| **Iomlán** | **556** | 570 |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

## Don Bhliain dar Chríoch an 31 Nollaig 2012

### 11. Cuntais Iníoctha (ar lean)

San áireamh i gCreidiúnaithe Ginearálta tá €0 (2011: €143,400) CBL iníoctha ag Forfás thar ceann Ghrúpa CBL Fhorfás (Forfás, GFT Éireann & Fiontraíocht Éireann).

Léiríonn Iarmhéideanna Idirghníomhaireachta suimeanna atá dlite, más ann dóibh, do Ghníomhaireachtaí Fhorfás (GFT Éireann, Fiontraíocht Éireann agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann) agus áirítear CBL iníoctha €260,857 (2011: €35,858) le GFT Éireann.

### 12. Ceangaltais faoi Léasanna Oibriúcháin

Gearradh glaniomlán €2,902,000 (2011: €2,862,000) i leith léasanna oibriúcháin ar fhoirgnimh i gcuntais Fhorfás. Tá ceangaltais de €7,005,000 le híoc ag Forfás i rith 2013 i ndáil le léasanna oibriúcháin. Comhroinnfear costais ag eascairt as na tiomantais sin in 2013 idir Gníomhaireachtaí Fhorfás agus na tionóntaí i gcomhréir leis an spás oifige comhaontaithe in úsáid. Meastar go mbeidh glansciar Fhorfás de na costais seo cothrom le thart ar €2,958,000 in 2013. Rachaidh na léasanna as feidhm mar seo a leanas:

| | **€'000** |
|---|---|
| (i) 2013 | - |
| (ii) 2014 - 2018 | 1,200 |
| (iii) 2019 ar aghaidh | 5,805 |

Is iad seo a leanas na háitribh a gcoinníonn Forfás Léasanna Oibriúcháin ina leith

a) Teach Pháirc Wilton Áitithe ag Forfás, GFT Éireann, Fondúireacht Eolaíochta Éireann, Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann agus dhá thionónta ón earnáil phríobháideach. Ligthe go hiomlán amhail an 31 Nollaig 2012.

b) Teach Knockmaun* 88.38% Foligthe 11.62% Folamh Costas Iomlán an Spáis Fholaimh €191,042

c) Teach Carrisbrook* 15.11% Foligthe 84.89% Folamh Costas Iomlán an Spáis Fholaimh €1,216,613

Sannfar na léasanna seo chuig GFT Éireann in 2013, mar thoradh ar chinneadh an Rialtais an 16 Aibreán 2013 chun reachtaíocht a dhréachtú ina ndéantar foráil do dhíscaoileadh Fhórfas agus d'aistriú a fhoirne agus a fheidhmeanna.

*Iar-fhoirgnimh Cheanncheathrún GFT sannta chuig Forfás faoin Acht um Fhorbairt Tionscail, 1993.

Tá Forfás ag leanúint leis an spás folamh a fhógairt trí Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) agus trí ghníomhairí ligin d'ainneoin na gcoinníollacha margaidh dúshlánacha a leanann ar aghaidh.

Ní raibh aon léasanna Airgeadais ann in 2012.

### 13. Cánachas

Díolmhaítear Forfás le hAlt 227 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, ó chánachas breise ar ioncam ó chíos Chás IV agus Chás V sa bhreis ar an tsuim a asbhaintear ag an bhfoinse.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

## Don Bhliain dar Chríoch an 31 Nollaig 2012

### 14. Comhaltaí Boird - Nochtadh na nIdirbheart

I ngnáthchúrsaí gnó, d'fhéadfadh Forfás socruithe conartha a dhéanamh le gnóthais ina bhfostaítear Comhaltaí Boird Fhorfás nó a bhfuil leas acu ar shlí eile iontu. Ghlac Forfás le nósanna imeachta de réir na dtreoirlínte atá eisithe ag an Roinn Airgeadais i ndáil le Comhaltaí Boird ag nochtadh leasanna agus chloígh Forfás leis na nósanna imeachta seo.

I rith 2012, ní dhearnadh íocaíochtaí ar bith le haon eagraíochtaí a bhfuil baint ag Comhalta Boird leo.

### 15. Teagmhais agus Caingne Dlí

Níl aon teagmhais ná caingne dlí ann a éilíonn foráil shonrach sna Ráitis Airgeadais.

### 16. Athbhreithniú ar Ghníomhaireachtaí Stáit

Ar an 16 Aibreán 2013, rinne an Rialtas rún an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta a thabhairt dá aire maidir le feidhmeanna comhairleacha taighde agus beartais Fhorfás a chomhtháthú isteach sa Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus chomhaontaigh sé reachtaíocht a dhréachtú chun foráil a dhéanamh do dhíscaoileadh Fhorfás agus d'aistriú a fhoirne agus a fheidhmeanna. Tá cur chun feidhme na ngnéithe éagsúla den chinneadh seo, lena n-áirítear forbairt na reachtaíochta riachtanaí, ar bun. Ní dóigh, áfach, go mbeidh impleacht ar bith aige seo ar luach na sócmhainní agus na ndliteanas sa Chlár Comhardaithe. Sna himthosca seo, is ar bhonn gnóthais leantaigh a ullmhaíodh na ráitis airgeadais.

### 17. Formheas na Ráiteas Airgeadais

D'fhormheas an Bord na Ráitis Airgeadais an 9 Aibreán 2013.

# Aguisín 1: Comhairlí Comhairleacha

# An Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais

| | |
|---|---|
|  | **An Dr Don Thornhill**<br>**Comhairleoir Gnó agus Stiúrthóir Cuideachta** |

| | |
|---|---|
| Martin D. Shanahan | Príomhfheidhmeannach, Forfás |
| Liam Casey | Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, PCH International Ltd. |
| An tOll. Peter Clinch | Leas-Uachtarán um Nuálaíocht, COBÁC |
| Shay Cody | Ard-Rúnaí, IMPACT |
| Clare Dunne | Rúnaí Cúnta, an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta |
| Isolde Goggin | Cathaoirleach, an tÚdarás Iomaíochta |
| John Herlihy | Leas-Uachtarán, Díolacháin Idirnáisiúnta SMB agus Ceann Google Éireann |
| Danny McCoy | Príomhfheidhmeannach, IBEC |
| Seán Murphy | Leas-Phríomhfheidhmeannach, Comhlachas Tráchtála na hÉireann |
| Sean O'Driscoll | Cathaoirleach agus Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Grúpa Glen Dimplex |
| Louise Phelan | Luas-Uachtarán Oibríochtaí Domhanda san Eoraip, sa Mheánoirthear agus san Afraic, PayPal |
| Heather Reynolds | Stiúrthóir, Eistec |
| Dave Shanahan | Ceann na dTionscnamh Straitéiseach Sláinte ar Fud an Domhain, AbbVie |
| Paul Sweeney | Eacnamaí |

# Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí



**Una Halligan, Cathaoirleach**

| | |
|---|---|
| Marie Bourke | Ceann na Rúnaíochta agus Bainisteoir na Roinne, Oideachas, Scileanna, Comhshaol agus Anailís Suirbhé, Forfás |
| Inez Bailey | Stiúrthóir, an Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh |
| Peter Baldwin | Rúnaí Cúnta, an Roinn Oideachais agus Scileanna |
| Ray Bowe | GFT Éireann |
| Liz Carroll | Bainisteoir Oiliúna agus Forbartha, ISME |
| Ned Costello | Príomhfheidhmeannach, Cumann Ollscoileanna na hÉireann |
| Margaret Cox | Stiúrthóir Bainistíochta, I.C.E. Group agus Pitman Training |
| Bill Doherty | Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin, EMEA, Cook Medical |
| Tony Donohoe | Ceann um Beartas Oideachais, Sóisialta agus Nuálaíochta, IBEC |
| An Dr Bryan Fields | Stiúrthóir, Forbairt Curaclaim/Nuálaíocht Clár, FÁS |
| Sonia Flynn | Stiúrthóir EMEA um Oibríochtaí Úsáideoirí, Facebook |
| Anne Forde | Príomhoifigeach, an Roinn Oideachais agus Scileanna |
| Joanna Gardiner | Stiúrthóir Bainistíochta, Ovelle Pharmaceuticals |
| Joe Hogan | Bunaitheoir, Príomhoifigeach Teicneolaíochta agus Leas-Uachtarán, Openet Labs agus Bainistíocht Maoine Intleachtúla |
| John Martin | Stiúrthóir Fostaíochta, Saothar agus Gnóthaí Sóisialta, ECFE |
| Jerry Moloney | Stiúrthóir Réigiúnach, an tIarthar Láir, Fiontraíocht Éireann |
| Frank Mulvihill | Iar-Uachtarán Institiúid na dTreoirchomhairleoirí |
| An Dr Brendan Murphy | Uachtarán, Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí |
| Dermot Nolan | An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe |
| Alan Nuzum | Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Skillnets |
| Muiris O'Connor | An tÚdarás um Ard-Oideachas |

| | |
|---|---|
| Peter Rigney | Oifigeach Tionscail, ICTU |
| Martin Shanagher | Rúnaí Cúnta, an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta |
| Martin D. Shanahan | Príomhfheidhmeannach, Forfás |
| Jacinta Stewart | Príomhfheidhmeannach, Coiste Gairmoideachais Chathair Bhaile Átha Cliath |

Ghabh Ray Bowe ionad George Bennett i mí na Samhna 2012
Ceapadh Bill Doherty ar an EGFSN i mí na Nollag 2012
Ghabh Bryan Fields ionad Terry Corcoran i mí Feabhra 2012
Ceapadh Sonia Flynn ar an EGFSN i mí na Nollag 2012
Ceapadh Joanna Gardiner ar an EGFSN i mí na Nollag 2012
Ceapadh Joe Hogan ar an EGFSN i mí na Nollag 2012
D'éirigh Garry Keegan as an EGFSN i mí Eanáir 2013
Ghabh Garrett Murray ionad Enda McDonnell i mí na Samhna 2012
Ghabh Jerry Moloney ionad Garrett Murray i mí Aibreáin 2013

# Comhairle na hÉireann um Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuáil

| | |
|---|---|
|  | **An Dr Tom McCarthy, Cathaoirleach**<br>**Stiúrthóir Bainistíochta, HelmAG Ltd** |

| | |
|---|---|
| An Dr Sean Baker | Fiontraí agus Cathaoirleach, 3 Strata Technologies |
| An tOll. Dolores Cahill | Ollamh Eolaíochta Aistrithí, Institiúid Conway,<br>Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath |
| Marion Coy | Iar-Uachtarán, Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Mhaigh Eo, Gaillimh |
| An tOll. Brian Mac Craith | Uachtarán, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath |
| An tOll. Anita R. Maguire | Leas-Uachtarán um Thaighde agus Nuálaíocht agus Stiúrthóir, Saoráid Taighde um Cheimic Anailíseach agus Bhitheolaíoch, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh |
| Paula McCambridge | Stiúrthóir Bainistíochta, Maxim Integrated Products International |
| John McGowan | Iar-Leas-Uachtarán (TMG) agus Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha,<br>Intel Corporation agus Stiúrthóir Tualatin Ltd. faoi láthair |
| Kevin O'Leary | Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Qumas |
| Julie O'Neill | Leas-Uachtarán, Bainisteoir Oibríochtaí agus Ginearálta, Gilead<br>Sciences Ltd. |
| Martin D. Shanahan | Príomhfheidhmeannach, Forfás |
| An tOll. Roger Whatmore | Iar-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin, Institiúid Náisiúnta Tyndall |

D'éirigh an Dr David Lloyd, Sparánaí agus Stiúrthóir um Nuálaíocht Straitéiseach, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, as i mí na Nollag 2012

# Aguisín 2: Foilseacháin Fhorfás

# Foilseacháin úrnua de chuid Fhorfás

| | |
|---|---|
| **Feidhmíocht Iomaíochais na hÉireann 2013**<br>Forfás | Bealtaine 2013 |
| **Rath a Bhaint Amach in Éirinn: Déantúsaíocht 2020**<br>Forfás | Aibreán 2013 |
| **Riachtanais Scileanna sa Todhchaí san Earnáil Déantúsaíochta go 2020**<br>EGFSN | Aibreán 2013 |
| **Rialáil Earnála**<br>Forfás | Aibreán 2013 |
| **Ráiteas Gníomhaíochta an tSainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí (EGFSN)**<br>EGFSN | Márta 2013 |
| **Costais a bhaineann le Gnó a Dhéanamh in Éirinn 2012**<br>Forfás | Márta 2013 |
| **Léargas Ginearálta ar Fholúntais 2012**<br>EGFSN | Feabhra 2013 |
| **Plean Gníomhaíochta do Phoist 2013**<br>Forfás, RPFN | Feabhra 2013 |
| **Athbhreithniú ar an Tírdhreach Infheistíochta Cothromais in Éirinn**<br>Forfás | Eanáir 2013 |
| **Feasachán Margaí Saothair Réigiúnacha 2012**<br>EGFSN | Eanáir 2013 |
| **Athbhreithniú agus Iniúchadh Ceadúnas ar fud Príomhearnálacha de Gheilleagar na hÉireann**<br>Forfás | Nollaig 2012 |
| **Monatóir Fiontraíochta Domhanda (GEM) 2011**<br>Monatóir Fiontraíochta Domhanda | Meán Fómhair 2012 |
| **Suirbhé Fostaíochta Bliantúil 2011**<br>Forfás | Lúnasa 2012 |
| **Feasachán Scileanna Náisiúnta 2012**<br>NCC | Iúil 2012 |

| | |
|---|---|
| **Monatóireacht a Dhéanamh ar Sholáthar Scileanna na hÉireann - Treochtaí in Aschuir Oideachais agus Oiliúna 2012**<br><br>EGFSN | Iúil 2012 |
| **Scórchárta Iomaíochais na hÉireann 2012**<br><br>NCC | Iúil 2012 |
| **Forfás - Tuarascáil Bhliantúil 2011**<br><br>Forfás | Iúil 2012 |
| **Príomhscileanna d'Fhiontar chun Trádáil go hIdirnáisiúnta**<br><br>EGFSN | Meitheamh 2010 |
| **Inbhuanaitheacht Lárionad Taighde**<br><br>ACSTI | Meitheamh 2012 |
| **An Buiséad Eolaíochta 2010-2011**<br><br>Forfás | Meitheamh 2012 |
| **Suirbhé Bliantúil Gnó ar Thionchar Eacnamaíoch 2010**<br><br>Forfás | Meitheamh 2012 |
| **Forbhreathnú ar na Príomhshaincheisteanna Infreastruchtúir don Fhiontar**<br><br>Forfás | Bealtaine 2012 |
| **Feidhmíocht Táirgiúlachta na hÉireann, 1980-2011**<br><br>NCC | Bealtaine 2012 |
| **Suirbhé Nuálaíochta Pobail 2008-2010**<br><br>Forfás, CSO | Aibreán 2012 |
| **Timpeallacht Mhaoinithe na bhFiontar Éireannach**<br><br>Forfás | Aibreán 2012 |
| **Ráiteas Gníomhaíochta an tSainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí (EGFSN) 2011**<br><br>EGFSN | Aibreán 2012 |
| **Ár bPáirt a Ghlacadh: Ráiteas ar Deiseanna Nua 2020**<br><br>ACSTI | Márta 2012 |
| **Tuarascáil an Ghrúpa Stiúrtha um Beartú Tosaíochta Taighde**<br><br>Grúpa Stiúrtha um Beartú Tosaíochta Taighde, RPFN, Forfás | Márta 2012 |

Tá foilseacháin Forfás agus na ngrúpaí comhairleacha a gcuireann sé tacaíocht riaracháin agus rúnaíochta ar fáil ar www.forfas.ie
Chun liostáil dár bhfoláirimh ríomhphoist, dean teagmháil linn ag info@forfas.ie nó tríd an láithreán gréasáin.

Iúil 2013

**Forfás**

Teach Pháirc Wilton
Plás Wilton
Baile Átha Cliath 2

Teil: +353 1 607 3000
Facs: +353 1 607 3030

www.forfas.ie